

**Gearrscéalta Phádraic Bhreathnaigh:**  
**Ainilís Liteartha**

**Miontráchtas M.A. le Pádraig Ó Síoda**  
**curtha faoi bhráid**  
**Roinn na Nua-Ghaeilge,**  
**Coláiste Phádraig, Maigh Nuad,**  
**Ollscoil Náisiúnta na hÉireann.**

**Ollamh: *An tAth. Pádraig Ó Fiannachta, M.A., M.R.I.A.,***  
**Stiúrthóir: *Aisling Ní Dhonnchadha, M.A.***

**Iúil 1992**

## CLÁR

1.	Clár .....	(i)
2.	Gearrscéalta Phádraic Bhreathnaigh: Ainlís Liteartha .....	(ii)
3.	Buíochas .....	(iii)
4.	Réamhrá .....	(iv)
5.	Caibidil I .....	1
6.	Caibidil II .....	13
7.	Caibidil III .....	38
8.	Caibidil IV .....	58
9.	Caibidil V .....	76
10.	Caibidil VI .....	93
11.	Conclúidí an Tráchtais .....	110
12.	Achoimre ar na Caibidilí .....	114
13.	Breith .....	115
14.	Aguisín .....	117

## Buíochas

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis an *Ollamh Ó Fiannachta* a thug cabhair agus comhairle dom ón gcéad lá a chuaigh mé go Maigh Nuad. Gabhaim buíochas le h*Aisling Ní Dhonnchadha* a chabhraigh liom go foighneach cúirtéiseach agus a threoraigh mé go minic ar bhealach mo leasa. Táim go mór faoi chomaoin ag *Pádraic Breathnach* féin, a dháil a chuir ama go fial orm agus mé i mbun comhráite leis. Gabhaim buíochas chomh maith le *Marie Ní Mhurchú* a rinne an chlósscríbhneoireacht. Thar aon duine eile gabhaim buíochas le mo bhean chéile, *Póilín*, a d'fhulaing an t-uaigneas fhad is a bhí mise i mbun staidéir.

## RÉAMHRÁ

### Aidhm an Tráchtais

Níl aon dabht ná go ndéanfar Pádraic Breathnach a áireamh ar dhuine de phrós-scríbhneoirí móra na Gaeilge amach anseo nuair a bheidh suirbhé á dhéanamh ar litríocht Ghaeilge na tréimhse 1970 i leith. Tá sé mar aidhm agam a ionad agus a thábhacht i stair na gearrscéalaíochta Gaeilge a iniúchadh agus a mheas.

Sé chnuasach gearrscéalta atá foilsithe ag Pádraic Breathnach agus a bheidh á bplé agam sa tráchtas seo:

1. Bean Aonair agus Scéalta Eile. (B.A.) 1974
2. Buicéad Poitín agus Scéalta Eile. (B.P.) 1978
3. An Lánúin agus Scéalta Eile. (L.) 1979
4. Na Déithe Luachmhara Deiridh. (D.L.D.) 1980
5. Lilí agus Fraoch. (L.F.) 1983
6. Ar na Tamhnacha. (T.) 1987

Chun an chéad ráiteas thuas a chruthú pléifidh mé na príomhthéamaí seo a leanas atá le fáil tríd na cnuasaigh ar fad:

- A. An duine aonair, an duine imeallach.
- B. Caidreamh míshásúil idir fir agus mná.
- C. An tuath, muintir na tuaithe, an dúlra.
- D. Páistí, saol na scoile agus saol an Choláiste Traenála.

Dar ndóigh tá téamaí eile pléite ag Breathnach. I measc na dtéamaí sin tá téama an bháis, na hailse agus na himirce. Ina theannta sin, tá roinnt bheag scéalta fantaisíochta aige.

Sa chéad chaibidil pléifear tuairimí Phádraic Bhreathnaigh féin ar an ngearrscéal, maraon le cur síos gairid ar stair an ghearrscéil. Sna ceithre chaibidil ina dhiaidh sin déanfar scagadh ar na

príomhthéamaí thuasluaite. Sa chaibidil dheiridh déanfar léirmheas ar Bhreathnach mar ghearrscéalaí agus lonnófar é i gcomhthéacs liteartha a linne.

Is í príomhaidhm an tráchtais seo ná a léiriú gur scríbhneoir é Pádraic Breathnach a bhfuil taghag agus teacht aniar ann, a bhfuil tuiscint aige ar an nádúr daonna, a bhfuil buanna ar leith stíle agus ealaíne aige ionas nach aon áibhéal é a áireamh ar ghearrscéalaithe móra na Gaeilge.

## CAIBIDIL 1

### Tuairimí Phádraic Bhreathnaigh ar an nGearrscéal

*Dúshlán í an gearrscéal agus fanfaidh ina dhúshlán.  
Foirm éalaitheach í. Foirm ghéimiúil luaimneach  
luathintinneach fhiodarluasach bradach í. (1)*

Sin ceann de na ráitis mhóra a dhein Pádraic Breathnach ina alt suimiúil ar fhealsúnacht an ghearrscéil in Irisleabhar Mhá Nuad 1978. Is mór an chabhair iad an dá alt spéisiúla ag Breathnach in Irisleabhar Mhá Nuad 1978 agus 1981 do mhic léinn agus do léitheoirí a chuid scéalta. Chomh maith leis sin, chuir údar an tráchtais seo agallamh ar Phádraic Breathnach agus phléigh Breathnach a thuairimí ar ealaín na gearrscéalaíochta le linn an agallaimh sin. Beidh sé mar aidhm agam sa chaibidil seo tuairimí Bhreathnaigh faoin ngearrscéal a nochtadh.

Is iomaí duine a scríobh faoi ealaín an ghearrscéil ó Edgar Allan Poe i leith. Leag Poe síos 'rialacha' don ghearrscéal. Chreid sé go raibh trí thréith de dhíth ar ghearrscéal, mar atá:

- a) It must make a single impression on the reader.*
- b) It does so by concentrating on a crisis.*
- c) It makes the crisis pivotal in a controlled plot. (2)*

Lean criticeoirí na 'rialacha' ginearálta san tríd an chuid is mó den aois seo. Chuir criticeoirí eile béim ar 'thús, lár agus críoch an phlota.' Mheas O Henry, an criticeoir cáiliúil Meiriceánach, go raibh casadh ag deireadh an phlota riachtanach. Ní chreideann Pádraic Breathnach sna teoiricí sin ámh:

*Ná bíodh muid ag caint ar rialacha an ghearrscéil. Ná bíodh muid ag dul i mbun scéalta a léamh feistithe amach le rialóirí agus le liosta rialacha. Ná bíodh muid ag faire amach an gcomhlíontar rialacha áiride slat tomhais agus lipéidí réidh againn. Ach i gcoinne sin bíodh muid géarchúiseach caidéiseach. Bíodh muid sin cinnte, saor ó chlaonadh agus ó chrapthacht, sách solúbtha tuisceannach. (3)*

Creideann Breathnach nach é seo  
*tráth Fhilíocht an mBard.* (4)

Seo í aois na saoirse, dar leis:

*Bunáite na bhfilí táid ag cleachtadh saorbhéarsaíochta agus tá an cead céanna ag an gcuid eile sin a dhéanamh más áin leo. Tá an tsaorscéalaíocht ann chomh maith.* (5)

Creideann sé go bhfuil saoirse ag an ngearrscéalaí ó thaobh ábhair, faid agus stíle de:

*Séard atá ann go bhfuil cead ag file nó ag gearrscéalaí a chuid rialacha féin a chur in úsáid. Uaireanta luainnse dhá riail: 'scéal' agus 'gearr', ach ní móide go gcaithfidh sé oiread féin a chomhlíonadh.* (6)

Timpeall an domhain glactar le Frank O Connor mar shaineolaí ar an ngearrscéal. Ní aontaíonn Breathnach le han-chuid a deireann sé, áfach. Creideann sé gur dogmaí é O Connor agus go gcuireann sé an iomarca béime ar rialacha:

*Tá an t-uafás daoine faoi dhaoirse ag O Connor.* (7)

Deir O Connor:

*Always in the short story there is this sense of outlawed figures wandering about the fringes of society ..... As a result there is in the short story at its most characteristic something we do not find often in the novel - an intense awareness of human loneliness.* (8)

Creideann Breathnach go bhfuil baol ag baint le teagasc mar seo mar cuireann sé scríbhneoirí óga sa tóir ar théamaí a bhfuil an t-uaigneas iontu. Ag an am céanna tá téama an uaignis le fáil go forleathan i scéalta an Bhreathnaigh. Tá sé deacair gan aontú leis maidir le saoirse an scríbhneora. Tá glacadh forleathan ag léitheoirí agus ag lucht critice an lae inniu le lánsaoirse chumadóireachta an scríbhneora.

## 'An Scal'

Creideann Breathnach gurb í an scal an chéad ghin i mbeatha gearrscéil. 'Séard is 'scal' ann ná

*solas a lastar, a lastar de phreab.* (9)

B'fhéidir nach mbeadh ann ach fad trí shoicind. Deir sé go dtagann scalanna chuige lá i ndiaidh lae. 'Sé an mionlach scalanna a thagann chun foirfeachta. Bíonn air ligean den scal í féin a mhéadú:

*Go hiondúil snaidhmeann féitheacha na scaile go tapaidh le míreanna as saol an fhile; le míreanna as a shaol féin nó le míreanna as saolta daoine a bhfuil nó a raibh aithne aige orthu.* (10)

San agallamh thuasluaite dúirt an t-údar an méid seo a leanas:

*bím ag cruthú pictiúir de rudaí a labhraíonn agus a thaitníonn liom.* (11)

## Modh Oibre Phádraic Bhreathnaigh

San agallamh céanna dúirt sé nár chuir sé roimhe riamh aon rud a léiriú. Creideann sé go mbíonn ábhar scéalta le feiceáil i ngach áit, ar an mbóthar, ar an tsráid nó ó fhuinneog na traenach. Tagann sé sin le tuairimí Bhreathnaigh maidir leis an scal agus le sairse. Deir sé freisin go dtéann sé amach faoin tuath nuair a theastaíonn uaidh scéal a chumadh faoi scal éigin. Measann sé gurb é an rud is deacra ná teacht ar fhoirm nó ar structúr feiliúnach. Dar leis, is í an fhoirm a thugann an ceol don ábhar. Bíonn air ansin ceisteanna a chur air féin. Cén cineál carachtair a bheas ann? An gcuirfidh sé iad ag comhrá? Cé mhéad cainte a dhéanfas an reacaire uilefeasach? Muna spreagann an scéal Breathnach creideann sé nach spreagfaidh sé an léitheoir.



## Tús agus deireadh an scéal. An Gheit

*'Sé tús an scéil is deacra a aimsiú.* (12)

Deir sé nach mbíonn sé ag iarraidh "tús pléascach".

*Brathfaidh an 'phléasc' ar an scéal féin i ndeireadh báire, ní ar an abairt tosaigh.  
..... ach bíodh an abairt tosaigh tarraingteach más í a fheileann. Bíodh sí scafánta le aird a dhíriú uirthi, mas í atá ceart.* (13)

Measann sé gurb é deireadh an scéil an chuid is éasca:

*Is iondúil é seo agat an-luath. Chun tosaigh ar an tús. Ar bhealach tá sé faighte sa scal agat.* (14)

Mar a chreid criticeoirí ag dul siar go dtí Edgar Alan Poe agus O Henry creideann Breathnach gurb í an chríoch is tábhachtaí uilig:

*Caithfidh brí agus spreagadh a bheith sa chríoch, arae níl tada is anacraí ná scéal ag críochnú go lag.* (15)

Ba cheart don scéal maith geit a bhaint asainn, dar leis.

## An Stíl

Creideann Pádraic Breathnach go mba cheart don stíl sileadh go nádúrtha as an scríbhneoir:

*Tá luas agus rithim ceart ina chloigeann. Tá sé ag éisteacht le ceol an ghiota. 'Sé an ceol sin a rialaíonn fad na n-abairtí. 'Sé a shocraíonn na h-abairtí fada a bheas aige nó abairtí aonfhoclacha.* (16)

Measann sé go mbrathann fad an scéil go nádúrtha ar ábhar an scéil.

Níl aon dabht ná go mbíonn stíl gach scríbhneora ag athrú agus gur comhartha fáis é seo.

*Stíl 'ala na huaire' a bheas aige go minic. 'Sé sin stíl ghiúmair.* (17)

Léiríonn Breathnach féin stíl 'ala na huaire' i scríbhneoireacht Mháirtín Uí Chadhain san alt céanna nuair a thaispeánann sé gur bhain sé úsáid as 'shamhlaigh', 'shamhlaigh' agus 'shamhala' in áiteanna éagsúla. Athraíonn Breathnach focail agus abairtí ó am go chéile de réir mar a athraíonn a ghiúmar. Mar shampla, nuair is mian leis cur síos cuimsitheach cruinn a dhéanamh ar ghné éigin den dúlra ina chuid scéalta is minic a fhágann sé na briathra ar fad ar lár chun an bhéim a chur ar na hainmfhocail agus na haidiachtaí.

Deir Breathnach go dtagann dóigh scríbhneoireachta go minic chuige gan a iarraidh:

*Nós na scaile roimhe seo labhraíonn guth ionat.* (18)

Léiríonn sé sampla an-suimiúil dúinn as an scéal 'Uaig-neas':

*Na luasanna cromchinn ar na fuinneoga bhíodar dreoite. Dhá mhám gasanna i searróga. Na lusanna cromchinn a bhí chomh húr (Chomh hÓg) chomh buí. A ndearna a mbuíochas tadhall, a láidre, léire, a bhléine is a bhí ..... Ach bhíodar múchta anois. Feoite. (Dreoite). Buaicis dóite, (Crinnte) ba dh'ea na bláthanna.* (19)

Deir Breathnach gur 'guth' a dúirt leis lúibíní a chur isteach agus cinnlitreacha a chur idir na lúibíní. Bhí air an chomhairle a scrúdú féachaint ar fheil sí. D'fheil, in a thuairim. Leis na lúibíní d'fhéadfá níos mó focal a chur ag obair agus rogha a thabhairt don léitheoir. Dar leis, bhain na lúibíní de thábhacht na bhfocal iontu, ach chuir gradam ceannlitre an tábhacht sin ar ais arís.

*Stíl shimplí éasca an stí is meallacaí. Stíl éasca is stíl chrua í.* (20)

Don chuid is mó d'éirigh leis stíl shimplí a scríobh. Tá roinnt bheag scéalta, go háirithe scéalta faoin dúlra, ina mbíonn stíl fhoclach, lán d'aidiachtaí aige. Sampla de sin ná 'An Phicnic', (L) (fch. Caibidil IV). Tá bua foclóra le sonrú i scéalta an Bhreathnaigh agus ba dheacair a fhoclóir faoi gach gné den dúlra a shárú.

### **Saoirse an scríbhneora**

I gcursaí litríochta i gcoitinne is í seo aois na saoirse. Maidir le hábhar, deilbhíocht, comhréir agus úsáid foclóra tá saoirse an scríbhneora le feiscint ó Joyce go Beckett, ó Camus go Kundera agus ó Mháirtín Ó Cadhain go dtí Alan Titley. Creideann Pádraic Breathnach go hiomlán i dtábhacht na saoirse:

*Duine goilliunach é an file (scríbhneoir) ..... Sí an tsaoirse an bheatha is mo atá uaidh. Sí an tsaoirse a oildhuais, a mhórbhronntanas. Gan saoirse tá sé gan aer gan anáil. Níl rud ar bith is contúirtí don scríbhneoir ná rialacha. Srathair anuas air is ea é. Úmacha, geimhleacha. Saoirse lean é féin a chur in iúl.* (21)

Is ráiteas an-láidir é sin thuas faoi thábhacht na saoirse in aigne an Bhreathnaigh. Tá an fhealsúnacht san éasca a thuiscint tar éis a shé chnuasach scéalta a léamh. Pléann sé réimse leathan téamaí, athraíonn sé a chomhréir agus a dheilbhíocht de réir mar a oireann sé dó agus ní bhíonn eagla air focail, go háirithe ainmneacha baiste, a chumadh. Níl rialacha aige faoi fhad na scéalta mar tá gearrscéalta aige a bhfuil ó thrí go dtí tríocha leathanach iontu. Deir Ian Reid faoi fhad an ghearrscéil:

*In current usage the short story is generally applied to almost every kind of fictitious prose narrative briefer than a novel. In theory the bottom limit comes to a sentence. The upper limit is less clear ..... One solution is to accept as short stories whatever the author wishes to nominate.* (22)

Is léir go n-aontaíonn Pádraic Breathnach le teoiricí Ian Reid maidir le fad an ghearrscéil.

Creideann Breathnach i saoirse an scríbhneora maidir le plota, foirm agus leagan amach freisin. Tá scéal amháin aige, mar shampla, 'Mná Tí Bruachbhailte' (L) nach bhfuil abairt amháin iomlán ann. Níl ann dáiríre ach liosta ainmfhocal. Ach is éifeachtach an léiriú atá déanta aige ann ar mheon na mban atá á bplé aige. Deir Ian Reid:

*The history of the modern short story embraces diverse tendencies, some of which have stretched, shrunk or otherwise altered previous conceptions of the genre. Ideas once proposed as definitive about the proper structure and subject material of the short story have needed revising to meet the facts of literary evolution. For example, nineteenth century critics frequently insisted on the need for a firmly developed plot design in any 'true' short story; ..... Some modern critics have undermined that principle of neat plot-making ..... by moving away from narrative techniques used in the novel towards the methods of poetry ..... and of drama.* (23)

Tabharfar faoi deara gur líonmhar iad na scéalta ina bhfuil plotaí traidisiúnta ag an scríbhneoir seo agus tá cuid de na scéalta is fearr aige ina measc siúd. Os a choinne sin, tá scéalta scríofa aige nach bhfuil aon phlota iontu. Is é tuairim an-chuid léitheoirí faoi Bhreathnach go mbíonn 'filíocht phróis' á scríobh aige go minic, mar a bhíodh ag Liam Ó Flaithearta nuair a bhíodh sé ag scríobh i nGaeilge. Sa scéal 'An Phicnic' (L), tá caint fhileata ann ó thús deireadh, gan rian de phlota le sonrú ann. De ghnáth úsáideann sé an chaint fhileata nuair a bhíonn sé ag trácht ar an dúlra. Uaireanta tugann Breathnach 'file' ar an ngearrscéalaí. Is léir go bhfuil Breathnach ar aon tuairim le Ian Reid maidir le foirm an ghearrscéil. Deir Reid:

*The action of a short story need have no completed pattern at all. It may be virtually without start or finish, representing only a state of affairs rather than a sequence of events.* (24)

Tá sé soiléir mar sin go nglactar leis go bhfuil saoirse ag an ngearrscéalalaí sa lá atá inniu ann maidir le plota, foirm agus leagan amach agus go mbíonn fonn ar Phádraic Breathnach an tsaoirse sin a úsáid chun a chuid tuairimí a chur abhaile orainn ar bhealaí éagsúla.

### Spéis an fhile sa saol

Deir Breathnach in Irisleabhar Mhaigh Nuad 1978:

*Tá spéis mhór ag an bhfile sa saol. Comhluadar an tsaoil ata uaidh. A chomhluadar socair, aduain, an-ghrách. Is tábhachtaí go mór aige daoine ná leabhra. Ag taisteal ar thraein do tá na fuinneoga an-tábhachtach dó ..... Is táchachtaí dó na rudaí fánacha seo uilig ná a chloigeann a bheith tumtha i leabhair.* (25)

Creidim féin go n-aontódh gach mórscribhneoir leis an ráiteas sin thuas. Faigheann gach scríbhneoir eolas ar an saol ó bheith ag breathnú ar an saol, ag breathnú le súil i bhfad níos géire ná súil an ghnáthdhuine. Arís deir Breathnach:

*Tá aige a bheith in óstán ag faire. I chuile phrochoigín dorcha. Is leis chuile ógbhean a bhfuil ór in a gruaig, a bhfuil ribíní ar a ceann, a bhfuil lipstick ar aéal, a bhfuil veilbhit ina ceathruintí. Is den hoi polloi é..... Fear coistí, ní scribhneoir ar bith é.* (26)

Ceann de na buanna móra atá ag an údar seo ná bua an tabhairt faoi deara. I rith an tráchtais seo beidh sé mar aidhm agam a léiriú chomh géar is atá bua an tabhairt faoi deara agus chomh héifeachtach is atá bua an chur síos aige. Mar a luaigh mé sa Réamhrá tá sé mar

chuspóir agam sa tráchtas seo a léiriú go bhfuil tuiscint sár-mhaith aige ar an nádúr daonna. Cruthóidh mé go dtuigeann sé an nádúr daonna agus 'comhluadar an tsaoil' go rí-mhaith, agus go bhfuil buanna ar leith stíle agus ealaíne aige chun a chuid tuairimí a chur abhaile orainn.

Mar a thaispeánfaidh mé níos déanaí sa chaibidil seo pléann sé an t-iliomad téamaí ina leabhair. Tuigeann sé saol an duine, ach níos tábhachtaí, tuigeann sé aigne an duine. Léireoidh mé gur thuig sé an rud a bhí ar siúl 'faoin mbloisc bheag sin', mar a thug Máirtín Ó Cadhain air. (27) Léireofar freisin a mháistreacht mar bhreathnadóir ar an dúlra. Léireofar go bhfuil tuiscint domhain neamhghnách ag an údar seo ar chúrsaí dúlra agus go bhfuil eolas thar an gcoitiantacht aige sa réimse seo.

### Misneach an scríbhneora

Tagraíonn Breathnach don rud a scríobh Pádraig Mac Piarais in An Claidheamh Solais i 1909:

*We would have every young writer remember that his first duty is to be unafraid. If he has a message to deliver to the world, let him speak out: and the fact that his message is one that has not hitherto been delivered in Irish should not deter him, but rather urge him on.*

(27)

Measaim féin go gcomhlíonann Breathnach na treoirínte atá leagtha síos ag an bPiarasach. Ní bhíonn eagla air téamaí conspóideacha a phlé, m.sh. an fhrithghiniúint, an ginmhilleadh agus an homóghnéasachas. Ceanródaí ab ea e mar scríbhneoir sna téamaí seo sa Ghaeilge. Sa léirmheas a scríobh Maitiú Ó Murchú ar a chéad chnuasach scéalta i 1970, i.e. Bean Aonair agus Scéalta Eile deir Ó Murchú:

*Más aon tuar iad Daithí Ó hÓgáin agus Pádraic Breathnach ar aon, tá deireadh ré ag teacht. Roimhe seo bhí cur síos nithiúil nó comhráil ar imeachtaí an scéil. Ba imeachtaí ábhartha bunús na ngluaiseachtaí a d'úsáidí leis an ghréasán a leathnú ós chomhair an léitheora. Anois ie é an intinn atá nochtaithe romhainn agus ní toradh na teachtaireachta a ghluaiseann fad an chórais néaróga chuig an inchinn. Tátar ag iomrascáil leis an intinn i mbun saothair. Tá an plé inmheánach intinniúil á thomhas.* (28)

Léiríonn an dréacht sin thuas gur glacadh le Breathnach mar scríbhneoir tionscnamhach ceannródach ón gcéad chnuasach a d'fhoilsigh sé. Sa chéad chaibidil eile pléfidh mé 'ceist na hintinne' i scríbhneoireacht Bhreathnaigh. Cháin cuid de na léirmheastóirí é ós rud é gur phléigh sé ceisteanna gnéis ar shlí nár pléadh iad i litríocht Ghaeilge na fichiú haoise. Níor chuir sé sin as don údar, ámh. Ghlac sé le comhairle an Phiarsaigh agus sheas sé i gcoinne lucht a cháinte. Moladh é freisin, dar ndóigh. Dúirt Risteárd Ó Glaisne faoi Na Déithe Luachmhara Deiridh, 1981:

*..... his work has a raw force. It's frank. Things like sex don't frighten him.* (29)

Caithfear a rá ag an bpointe seo go bhfuil maolaithe ar an ngné 'chonspóideach' dá shaothar anois. Is iomaí scríbhneoir sa Ghaeilge anois a phléann ceist an ghinmhillte agus na frithghiniúna, mar shampla.

## Téamaí Phádraic Breathnaigh

Tá réimse an-leathan téamaí á phlé ag Breathnach. Tá trí scéal déag aige a bhaineann leis 'an duine aonair' nó 'an duine imeallach'. Ina measc sin tá scéalta a bhaineann leis an gcoimhthíos, le daoine atá ag machnamh go domhain ar chúrsaí an tsaoil, le daoine atá míshásta leis an saol. Tá trí scéal déag freisin a bhaineann leis an gcaidreamh míshásúil idir fir agus mná. Tá seacht scéal aige a phléann lánúna pósta agus a gcuid fadhbanna. Pléitear an gaol idir páistí agus tuistí go forleathan. Tráchtann sé go minic ar shaol na scoile, ar shaol an mhúinteora agus ar shaol an Choláiste Tríú Leibhéil. Mór-théama eile a phléann sé ná saol na tuaithe, muintir na tuaithe agus luacha mhuintir na tuaithe. Tá téamaí eile aige nach bhfuil chomh tábhachtach céanna. Tá scéalta aige ar an imirce, ar an mbás, ar an ailse agus ar ghaileamaisíocht lucht chultúir. Pléann sé an homóghnéasachas, an gealtachas agus go leor eile. I mo thuairimse is liosta leathan é sin do scríbhneoir ar bith, go háirithe do scríbhneoir a bhfuil a lán le scríobh fós aige. Beidh a chéad chnuasach scéalta eile, Íoslá, á fhoilsiú aige roimh dheireadh na bliana 1992.

Tá sé mar aidhm agam sa tráchtas seo a léiriú gur scríbhneoir é Pádraic Breathnach a bhfuil éifeacht, cumas agus fiúntas ag baint leis, agus go bhfuil sé ar dhuine de ghearrscéalaithe móra an lae inniu sa Ghaeilge.



## CABAIL I

### NÓTAÍ TAGARTHA

1. Irisleabhar Mhá Nuad 1978, Ich. 74.
2. The Short Story - The Critical Idiom, 1977. Ian Reid. Ich. 54
3. Irisleabhar Mhá Nuad 1978, Ich. 74.
4. Ibid, Ich. 75.
5. Ibid, Ich. 75.
6. Ibid, Ich. 75.
7. Ibid, Ich. 76.
8. The Lonely Voice, Frank O Connor, Ich. 38.
9. Irisleabhar Mhá Nuad 1981, Ich. 42
10. Ibid, Ich. 42, 43.
11. Agallamh pearsanta le Pádraig Ó Síoda, 21.01.92.
12. Irisleabhar Mhá Nuad 1981, Ich. 43.
13. Ibid, Ich. 43.
14. Ibid, Ich. 43-44.
15. Ibid, Ich. 44.
16. Ibid, Ich. 44.
17. Ibid, Ich. 45.
18. Ibid, Ich. 45.
19. Ibid, Ich. 45.
20. Irisleabhar Mhá Nuad 1981, Ich. 46.
21. Ibid, Ich. 47.
22. Ian Reid: op cit, Ich. 9.
23. Ibid, Ich. 3.
24. Ibid, Ich. 62.
25. Irisleabhar Mhá Nuad 1981, Ich. 48.
26. Ibid, Ich. 49.
27. An Claidheamh Solais, 1906, 26ú Bealtaine, Ich. 6-7.
28. Comhar, Iúil 1974, Ich. 19-20.
29. The Sunday Tribune, Risteárd Ó Glaisne 11.01.81

**CAIBIDIL II**  
**Cuid I**  
**'An Duine Aonair'**  
**An cúlra aigheolaíochta**

Scríobh Máirtín Ó Cadhain sna daicheadaí:

an rud is tábhachtaí ar fad an intinn a léiriú,  
páirt den duine nach féidir an camera a  
dhíriú uirthi. Má tá rud ar bith thar a chéile  
uireasach ar chumadóireacht sa nGaeilge  
sí an aigheolaíocht í. (1)

Tagann Pádraic Breathnach leis an tuairim sin:

Más éard atá i gceist aige le 'haigheolaíocht'  
ná scrúdúchán ar an aigne, is féidir, sílim, na  
smaointe priobháideacha seo a chur ar fáil  
sa ngearrscéal agus de bharr a ghiorrachta  
nach mbeidh sé ró-throm. (2)

Beidh sí mar aidhm agam sa chéad chuid den chaibidil seo a léiriú gur aontaigh Pádraic Breathnach le tuairimí Mháirtín Uí Chadhain maidir leis an aigheolaíocht sa litríocht. Léireófar sa dara cuid den chaibidil go bhfuil páirt lárnach ag an aigheolaíocht i scríbhneoireacht Bhreathnaigh agus go bhfuil máistreacht aige ar aigne charachtair a scagadh.

**Tuairimí Louis de Paor faoin aigheolaíocht**

I réamhrá 'Faoin mBlaoisc Bheag Sin', leabhar léirmheastóireachta a scríobh Louis de Paor ar ghearrscéalta Mháirtín Uí Chadhain, forbraíonn de Paor tuairimí Uí Chadhain maidir le tábhacht na haigheolaíochta i litríocht na Nua-Ghaeilge agus sa litríocht i gcoitinne. Creideann de Paor gurbh é Freud a leag síos bun-teoiricí na haigheolaíochta sa litríocht. Tosnaíonn de Paor a théis mar seo:

*le gach mórchlaohlú a thagann ar thuiscint an duine ar a nádúr fein agus nádúr an tsaoil ina maireann sé, tagann stiur nua ar nós-mhaireachtaí liteartha comhaimsire. Ní athraíonn an litríocht céim ar chéim leis an machnamh úr ach ní chleachtann an scríbhneoir ná an léitheoir a cheird i bhfollmhas príobháideach ..... Geiteann an claochlú tuisceana samhlaíocht an scríbhneora chun foirmeacha nua a cheapadh a scaoilfidh fuinneamh na nuamhúnlaí fealsúnta ina dhéantús liteartha. (3)*

Fágann sé sin, dar ndóigh, go mbíonn íomhá den duine iontuigthe i gcónaí sa litríocht. Léiríonn de Paor gur féidir an íomhá sin a rianú siar de ghnáth go dtí fionnachtan úr i réimse éigin den léann daonna a dhein athchóiriú ar thuiscint an duine féin agus ar an domhan ina maireann sé:

*Leanann gluaiseacht nua litríochta go díreach nó go hindíreach ar chorraíl fhealsúnta den tsórt sin. (4)*

'Easpa fiosracht intleachtúil' an locht is mó a fuair Máirtín Ó Cadhain ar scríbhneoirí na Nua-Ghaeilge. Dúirt sé nár léir Freud in aon áit i saothar a chomhscríbhneoirí Gaeilge. Is léir go raibh Ó Cadhain ag leagan mórbéime ar na tuiscintí liteartha ba leanúnaí i measc scríbhneoirí i gcoitinne in iarthar an domhain sa chéad leath den bhfichiú haois.

### **Pádraic Breathnach agus Freud**

Chreid Freud go raibh tábhacht thar na bearta le beatha inmheánach an duine, leis an gcuid sin dá thaithí mhothálach a chuaigh saor ó laincísí an chomhfheasa. Ba é gnó an aigneolaí an cothromú a dhéanamh idir mianach an neamhspleáchais sa duine agus mianach na humhlaíochta, idir an intinn chomhfhiosach agus an intinn neamhchomhfhiosach. Mheas Freud go raibh feidhm phráinneach le focail na chúram seo:

*Úirlisí toighde agus leighis in éinneacht  
ab ea iad.*

(5)

Chuaigh teagasc Freud i bhfeidhm go mór ar scríbhneoirí timpeall an domhain, go mórmhór a mhuinín i bhfocail maidir leis an taobh dorcha den aigne a shoilsiú. Freisin, bhí tuiscint ag Freud ar an intinn neamhchomhfhiosach a chruinníonn go leor den bhfuinneamh faoi leith a dhealaíonn an duine aonair amach ón tréad, a dhearbhaíonn mianach an neamhspleáchais agus mianach na hindibhidiúlachta ann. Chonaiceamar cheana go bhfuil Breathnach ar aon intinn le tuairimí Uí Chadhain maidir leis an aigneolaíocht sa litríocht, agus go gcreideann sé freisin gurb oiriúnach an meán é an gearrscéal 'chun smaointe príobháideacha' na haigne a léiriú. Déanfar mionscagadh sa dara chuid den chaibidil seo ar aigne mná gan ghrá, ar aigne chéasta na mná singile atá ag smaoineamh ar ghinmhilleadh a fháil agus ar aigne chráite an innealtóra nach bhfuil sásta lena shaol. Léirigh Breathnach in Irisleabhar Mhá Nuad, 1978, gur chreid sé nach mbeadh an scagadh intinne ró-throm sa ghearrscéal de bharr ghiorracht an ghearrscéil. Léireofar sa mhionainilís ar na scéalta seo nach scéalta 'troma' iad, ach go bhfuil sé in ann cur i láthair taitheamhach a dhéanamh ar dhaoine a bhfuil aigne chéasta ag cur isteach orthu.

### **Bua na hAigneolaíochta sa Litríocht**

Tuigeann scríbhneoirí anois go forleathan go bhfuil bua ag an scríbhneoir ar ealaíontóirí eile sa mhéid gurbh fhéidir leis léiriú níos grinne a thabhairt ar a mbíonn ar siúl in aigne an duine. Dúirt Máirtín Ó Cadhain:

*An rud is tábhachtaí anois sa litríocht ar fad,  
an intinn a léiriú, páirt den duine nach féidir  
an camera a dhiriú uirthi. Caint dhílis an  
duine nach mór. Is acmhainní ar fad caint  
chuige sin ná ag tabhairt seoraithe faoin a  
chuid éadaigh, a ghné chraicinn, a theanga,  
troscán a thí nó troscán an árdáin, na tíre ná  
fós faoin gcuir.* (6)

Ón tuiscint nua sin ar an aigneolaíocht tá maolú tagtha ar fheidhm  
antraipeolaíochta na scríbhneoireachta, ar an tuairisc nithiúil ar na  
gnéithe pobail de bheatha chultúrtha an duine. Cuireadh an treis ar  
bhua an fhocail scríofa ó thaobh léargas a thabhairt ar intinn an  
duine,

*ar an gcuid sin dá bheatha a bhí ceilte ar  
an tsúil, ar spídiúchán an chamera agus  
ar chúléisteacht an téipthaifeadáin.* (7)  
(Louis de Paor)

Deir Máirtín Ó Cadhain an rud céanna sa ghiota cáiliúil i Páipéir  
Bhána agus Páipéir Bhreaca:

*Ní hé an rud atá ar chraiceann an duine a  
bhfuil an tábhacht ann, ná fiú an craiceann  
féin, ach an rud a bhfuil ag siúl timpeall  
leis istigh ina cheann. Is mó ata a fhios againn  
faoi Nimhe ná faoin a bhfuil ar siúl faoin mblaoisc  
bheag le t'ais.* (8)

Léireofar tríd an tráchtas seo nach ndéanann Breathnach failí i  
gcráiceann na gcarachtar a léiriú ach go mbíonn sé, mar a deir an  
léirmheastóir, Maitiú Ó Murchú:

*ag iomrascáil leis an intinn i mbun saothair.  
Tá an plé inmheánach intinniúil á thomhas.* (9)

## 'An duine sa tsochaí' sa litríocht

Deir Louis de Paor:

*Buntéama sa litríocht nua-aimseartha is ea an choimhlint idir beatha inmheánach an duine agus a bheatha shóisialta i gcomhlúadar a chomhdhaoine idir dílseacht an duine do nósmaireachtaí coitianta an phobail agus a neamhspleáchas mothálach ó luachanna a mhuintir. (10)*

Ón staidéar a dheineas ar scéalta Phádraig Bhreathnaigh is léir gur minic a scrúdaíonn sé an choimhlint idir an duine agus an tsochaí ina gcónaíonn sé. Samplaí den téama sin ná 'Tá-Tá' (L), 'An Filleadh' (B.A.) agus 'Seáinín Sheáin' (B.A.).

Is léir mar sin gur scríbhneoir iar-Fhreudach é Pádraig Breathnach. Chuir Ó Cadhain agus Breathnach rompu an easpa aigneolaíochta i gcumadóireacht Ghaeilge a linne a sheachaint ina gcuid scríbhneoireachta féin. '*Ithir nua*' a bhí anseo i litríocht na Gaeilge, dar le Louis de Paor. (11). Tagaim go hiomlán leis mar, taobh amuigh de Phádraig Ó Conaire agus Liam Ó Flatharta, 'béaloideas' agus 'scéalta gearra' a bhí á scríobh ag an gcuid is mó de ghearrscéalaithe na Gaeilge go dtí gur tháinig Ó Cadhain ar an bhfód. Mhaígh Ó Cadhain go bhféadfaí scéalta Mháire a chlárú ina n-aicmí, díreach mar a rinne Aarne - Thompson clárú ar na scéalta móra béaloidis. Mheas Ó Cadhain freisin go bhféadfadh an griangrafadóir feidhm thuairisciúil na litríochta a dhéanamh feasta:

*Is fusa do na scannáin agus don teilifís léiriú a dhéanamh don tsúil ar éadaigh, tíreannaí, gnásanna cuideáin, ná don scéaláí le focla. (11)*

Chreid sé gur cuntais antraipeolaíochta iad tuairiscí na mBlascaodach. Mheas sé gurbh oiriúnaí feasta an ceamara nó an téipthaifeadán chun an gnó sin a dhéanamh.

## Pádraic Breathnach agus 'an duine aonair'

Mar a chonaiceamar thuas creideann Breathnach gurb oiriúnach an meán é an gearrscéal 'chun an intinn a léiriú'. Is féidir é a shuíomh gan dabht i measc na scríbhneoirí iar-Fhreudacha. Admhaíonn sé féin nár chuir sé roimhe aon sórt scéil a scríobh agus go mbíonn sé ag brath ar 'scal' éigin a theacht chuige chun inspioráid an scéil a fháil:

*Sí an scal an chéad ghin i mbeatha gearrscéil.  
Seo í an dreancaid a lingean san aigne as a  
bhfásann an crann. Séard is 'scal' solas a  
lastar.* (12)

Is léir gur tháinig 'scal' an duine aonair chuige go minic mar tá trí scéal déag scríofa aige a bhfuil an téama sin iontu. Dúirt sé liom freisin in agallamh pearsanta:

*Is duine imeallach aonair mé. Bím i gcónaí ar  
an imeall. Ní phléim fadhbanna sóisialta.* (13)

Admhaíonn sé nach maith leis 'rialacha' Frank O Connor maidir leis an gearrscéal. Ní maith leis ráitis cosúil le

*outlawed figures wandering about the fringes  
of society.* (14)

ach deir sé féin gur duine den aicme sin é féin, agus mar a fheicfear san dara cuid den chaibidil seo, ní annamh a dheineann sé cás na ndaoine imeallacha seo a phlé ina shaothar.

## Caibidil II, cuid II

### Réamhrá

Beidh sé mar aidhm agam sa chaibidil seo a léiriú gur téama tábhachtach coitianta é i leabhair ghearrscéalta Phádraic Bhreathnaigh téama an aonaránachais, agus uaignis agus an choimhthís. Trí scéal déag atá scríofa ag Breathnach ar an téama seo agus iad scaipthe trí na cnuasaigh ar fad. Tá léiriú déanta aige ar réimse leathan carachtar, ó Shiobhán Ní Chléirigh, 'Bean Aonair', (B.A.), go dtí Nodlaig, i 'Tá-Tá', (B.P.). Déanfaidh mé mionscagadh ar cheithre scéal agus ag deireadh na caibidile tagróidh mé do roinnt scéalta eile ar an téama céanna seo.

Os rud é go bhfuil sé mar aidhm agam sa tráchtas seo a chruthú gur scríbhneoir é Pádraic Breathnach a bhfuil tathag agus teacht aniar ann agus go bhfuil buanna ar leith stíle agus ealaíne aige, chomh maith le sárthuiscint ar an nádúr daonna, léireofar cuid de na tréithe agus na buanna thuasluaite sin sa dara cuid de chaibidil II.

### 2 A. Bean Aonair (B.A.)

Thug Pádraic Breathnach teideal an scéil seo mar theideal ar an gcéad chnuasach dá chuid. Siobhán Ní Chléirigh, banmhúinteoir cáireiseach postúil, atá á plé sa scéal seo. Is bean thuaithe í atá ag múineadh sa chathair le deich mbliana anuas. Cosúil le Máirtín Ó Díreáin, file, braitheann sí í féin 'stoite' agus 'díphréamhaithe' sa chathair. Tá a carr agus a teach féin aici. Creideann sí, ámh, nach bhfuil tada aici os rud é nach bhfuil grá aici. Is scagadh é an scéal seo ar chéasadh intinne Shiobháin. Níor dhein sí suirí riamh ach le buachaill amháin faoin tuath fadó. Oíche amháin bualann sí leis an bhfear seo, Peadar, agus déanann sí coinne leis don Satharn ina dhiaidh sin.



Díríonn an t-údar a cheamara ar intinn Shiobháin agus í ag corraí agus ag casadh sa leaba istoíche. Tá sí ag smaoineamh ar Pheadar, cé nach bhfuil mórán eolais faighte aici faoi. Dearann an t-údar pictiúr an-éifeachtach de fhrustrachas Shiobháin:

*Táim scriosta ag an mbantracht. Níl ionam ach leathdhuine. Tá oireadh sin crá chun fir orm go bhfuil eagla orm roimh gach fear. Níl eagla orm romhatsa, a Pheadair, ach bhí agus mé i do theannta. Is fearr liom go mór anois ag cuimhneamh ort ná in éinneacht leat. Bhí scáth orm. ní romhatsa go díreach é, ach romhan féin.* (Ich. 83)

Creidim gurb é sin raiteas lárnach an scéil. Léiríonn an giota sin an 'crá chun fir' atá uirthi agus freisin, an eagla atá uirthi roimh fir de bharr easpa taithí. Tá sí bréan den saol atá á chleachtadh aici:

*Déanta na fírinne, b'fhearr liomsa fear agus páistí agam agus iallach orm deich míle a shiúl ná gluaisteán dá ghalánta.* (Ich. 83)

Níos déanaí deir sí nach raibh inti ach leathdhuine. Tá sé le tuiscint as an scéal go bhfuil an t-údar ag cur na ceiste an mbeadh sí in ann caidreamh sásúil a fhorbairt le fear ar bith. Ní fhreagraítear an cheist ach fágtar amhras ar an léitheoir nach mbeadh sí in ann caidreamh fad-théarmach a choimeád ar siúl.

I ngiota eile léirítear chomh héadóchasach is atá Siobhán faoina saol:

*Nach dealbh an saol é. Nach léanmhar an saol é do dhaoine áirithe, an chaoi a dteipeann orthu. Cineál dearmaid is ea a dhéantar orthu. .... Bláthanna iad a chónaíonn san iargúl! De thaisme feictear iad! De thaisme baintear iad. De thaisme póstar iad!* (Ich. 84)

Ní féidir a dhéanadh ná gurb iontach an meafar é sin ina ndéanann an t-údar comparáid idir Siobhán agus bláthanna san iargúl. Ní hamháin go léiríonn sé éadochas sa ghiota thuas ach tá nóta den fhéin-trua le brath freisin. Tá sé soiléir nach nglacann Siobhán go bhfuil freagarthacht aici féin as an saol atá á chaitheamh aici.

Is cinnte nach dtiocfaidh mórán feabhais ar a saol má leanann sí leis an bhféin-trua.

Is annamh a théann Siobhán abhaile anois go dtí a háit dhúchais. Tá an chlann scaipithe ar fuaid na cruinne ach tá deartháir pósta amháin ag sclábhaíocht ar an bhfeirm sa bhaile. Braitheann sí nach mbíonn mórán failte roimpi sa bhaile:

*Ní ar mo dheartháir atá an locht ná ar a bhean.  
An saol atá ciontach. Tá fórsa, cumhacht aduain,  
ag obair sa saol, ag scriosadh na ndaoine. Tá  
bunáite na ndaoine gafa, millte aige. (Ich. 79)*

Is é guth Phódraic Bhreathnaigh atá ag labhairt ansin. Arís agus arís eile ina chuid leabhar tagraíonn sé don tslí ina bhfuil muintir na hÉireann ag cailliúnt a luacha traidisiúnta. Is léir go gcuireann sé sin as go mór dó. Measaim gurb é seo an ráiteas is láidre agus is binibí a dhein sé riamh faoin gceist seo, go háirithe nuair a labhraíonn sé faoi '*fhórsa aduain*' a bheith ag obair.

Éiríonn leis an údar uaigneas Shiobháin a chur abhaile orainn go paiteanta. Léirítear go bhfuil a haigne chomh cráite sin de bharr easpa grá go gceapann sí go bhfuil sí go mór i ngrá le Peadar tar éis oíche amháin a chaitheamh ina chuideachta. Insítear dúinn ag deireadh an scéil nach bhfuil a ainm nó a shloinne ar eolas aici, nó nach bhfuil fhios aici an bhfuil sé pósta nó singil. Ag an deireadh tagann eagla uirthi arís nach mbeidh sí in ann déileáil le fear i gcaidreamh ceart grámhar.

Stíl lom dhíreach gan ornáid a chleachtaíonn Breathnach anseo. Tá aontacht sa scéal mar fanann an ceamara dírithe ar aigne Shiobháin tríd síos. Úsáidtear iardhearcadh go héifeachtach cúpla uair, ámh, chun cúlra Shiobháin a léiriú. Níl buaicphointe ag an scéal mar is scagadh intinne atá ann ó thús deireadh. Ní bhaintear geit asainn in áit ar bith. Ní fhágann Breathnach amach briathra as na habairtí, nós a chleachtaíonn sé go minic. Déanann sé athrá faoi mhothúcháin Shiobháin chun a crá intinne a chur abhaile go hiomlán orainn. Úsáidtear grág an traonaigh ag tús agus ag deireadh an scéil chun atmasféar an uaignis a chruthú. Níl ach an fhuaim sin amháin le cloisteáil fhad is atá Siobhán ag corraí is ag casadh agus a hintinn á céasadh. Ní fuaim bhinn í grág an traonaigh ach oireann sí do mhothúcháin Shiobháin ag an bpointe seo.

Nuair a foilsíodh an leabhar seo, 'Bean Aonair agus Scéalta Eile', i 1974 thuill sé a lán tuairiscí molta ón lucht critice. Deir Maitiú Ó Murchú go raibh ré nua ag tosnú don ghearrscéal Gaeilge:

*Roimhe seo bhí cur síos nithiúil nó comhráúil ar imeachtaí an scéil. Ba imeachtaí ábhartha bunús na ngluaiseachtaí a d'úsáidtí leis an ghréasán a leathnú os comhair an léitheora. Anois is é an intinn atá nochtadh romhainn agus ní toradh na teachtaireachta a ghluaiseann fad an chórais néaróga chuig an inchinn. Tátar ag iomrascáil leis an intinn i mbun saothair. Tá an plé inmheánach intinniúil á thomhas. (15)*

Is cinnte go raibh an scéal seo ar cheann de na scéalta ina raibh an 'plé inmheánach intinniúil á thomhas'. Deir an léirmheastóir céanna faoin scéal áirithe seo:

*Tá iarracht mhacánta déanta sa scéal a thug an teideal don leabhar i.e. 'Bean Aonair', aigne na mná gan leannán a bhreacadh. Éamh intinne nó níos cirte éamh brillín a hoilithreachta siar ar imeachtaí an tráthnóna, imeachtaí an lae. (16)*

Níl dabht ná gurb é seo ceann de na scéalta is fearr ón údar seo a léiríonn uaigneas agus coimhthíos an duine. Mar a chonaiceamar is oiriúnach an genre litríochta é an gearrscéal chun an duine uaigneach imeallach a léiriú. Deir Gearóid Denvir faoi scéalta Bhreathnaigh:

*Míshochracht agus uaigneas céasta an aonaráin is mó atá le sonrú ar na scéalta. Tá éadóchas domhain, faillí bhunúsach an duine faoina chuid fadhbanna a réiteach ar mhodh sásúil, agus easpa misnigh de dheasca na faillí seo ar fud na mball.* (17)

Níl dabht ná go bhfuil 'míshochracht' agus 'uaigneas' chomh maith le 'héadóchas domhain' le sonrú sa scéal seo agus go bhfuil intinn chéasta Shíobháin léirithe go rí-mhaith ag Pádraic Breathnach.

## **2 B. Na Déithe Luachmhara Deiridh D.L.D.**

Tá téama an aonaránachais, téama an uaignis, ag rith mar shnáithe trí chnuasaigh uile Phádraig Bhreathnaigh. Ós rud é gur thug Breathnach teideal an scéil seo mar theideal ar a cheathrú cnuasach scéalta tá sé soiléir gur scéal tábhachtach é i súile an údair. Baineann an scéal le bás clainne, le bás pobail agus le bás luacha.

Maidin bhinn an Dá Lá Déag den Nollaig atá ann. Sa chéad leathanach cruthaíonn sé pictiúr éifeachtach simplí den timpeallacht tuaithe agus í clúdaithe le sneachta:

*Chuille áit is ní, cés moite den loch mór,  
clúdaithe bán. Eanacha, portaigh, athphoill  
'gus bruacha an locha go himeall uisce faoi  
bhrat sa chaoi is nach raibh ann faoin am  
sin ach dhá dhath: bán agus liathghlas'.* (Ich. 59)

Is sampla maith é seo den chumas atá ag Breathnach chun focal-phictiúr a chruthú. Cuirtear an pictiúr abhaile orainn tríd an chodarsnacht a dhéantar idir an dá dhath, an bán agus an liathghlas. Cuireann an cur síos i gcuimhne don léitheoir an chodarsnacht a dhein Seán Ó Ríordáin idir báine an tsneachta agus duibhe na huaighe sa dán 'Adhlachadh mo Mháthar'. (18)

Máire Ní Fhatharta, baintreach atá ag feitheamh leis an mbás, an t-aon charachtar atá sa scéal seo. Is í an t-aon duine amháin dá muintir atá fágtha san áit. Tuigeann sí go rí-mhaith nach bhfuil ach 'roinnt déithe luacmhara' fágtha ina saol. Tuigeann sí go bhfuil deireadh ag teacht lena clann agus lena córas maireachtála.

Úsáideann Breathnach siombalachas agus fantaisíocht chun brón, buairt agus uaigneas Máire Ní Fhatharta a chur in iúl. Is í siombail na gcoinnele an ceann is tábhachtaí sa scéal. Is siombail í an choinneal a théann siar go dtí ré na Págántachta. Seasann an choinneal don bheatha. Tá sé mar thraidisiún in Iarthar na hÉireann go lastar dhá choinneal déag sna tithe Oíche Chinn an Dá Lá Déag. Bhreathnaigh Máire ar an traidisiún seo mar nós tábhachtach naofa i gcónaí. An oíche áirithe seo tá lasadh na gcoinnele rí-tháchachtach mar measann sí nach bhfuil ach 'déithe luachmhara deiridh' fágtha ina saol agus ina sráidbhaile. Lasann sí an dá choinneal déag ceann ar cheann agus breathnaíonn sí orthu ag dó de réir a chéile. Cuireann sí ainm ar gach coinneal agus tugann sí a hainm féin ar an gcoinneal dheiridh a lasann sí.

Siombail na beatha sa scéal seo freisin is ea na huibheacha a fhaigheann sí i gcró na gcearc:

*Dhá ubh dhonna circe go teolaí in íochtar  
mhol dhúrua raithní ..... Dheanmhan a  
raibh deireadh go deo leis an áilleacht a  
bhain le huibheacha i nead, a shíl Máire. (lch. 63)*

Is léir ó na tagairtí do na huibheacha go dtuigeann sí go maith go dtagann beatha ón ubh uaireanta. Is é guth Phádraic Bhreathnaigh atá ag labhairt linn anseo. Is léir go bhfuil sí ag tagairt freisin don easpa beatha a bhéas go gairid ina sráidbhaile. Níl fágtha, dar ndóigh, ach í féin agus Bríd Ní Eithir, baintreach dhealbh eile. Ní raibh an bheirt ag beannú dá chéile, ámh. Cuireann na meaisíní atá caite san iothlann brón agus uaigneas uirthi freisin mar cuireann siad i gcuimhne dí na laethanta sona nuair a bhí an fheirm faoi lán -seoil ag a fear céile. Is siombail iad na meaisíní a sheasann do laethanta órga na feirme. Mar a tharlaíonn go minic do sheandaoine in Éirinn tá Máire buartha faoi cé a cheannóidh talamh na bhFathartach nuair a bheidh sí féin básaithe.

Roimh dheireadh an scéil agus Máire ag breathnú ar na coinnle ag dó úsáideann an t-údar an fheartaisíocht chun briseadh croí Mháire a léiriú:

*Bhí ógbhean bhán ag béal an bhóithrín.  
Ógbhean árd slím ..... Ógfhear dubh ina  
theannta. Ógfhear caol árd. Crochta ....  
D'airigh Máire sáimhe. Loinnir 'gus grá  
'gus óige. Dóchas. Áilleacht. Go  
bpósfaidís. Go gcuirfidís le chéile sa saol.  
Go síolróidís.*

**(Ich. 66)**

B'shin i mian Mháire, go bpósfadh daoine sa sráidbhaile agus go dtiocfadh glún nua daoine chun beatha agus traidisiúin na háite a chaomhnú. Tuigeann sí nach gcomhlíonfar an mhian. Sa deireadh ghabh an lasair an blúirín páipéir a raibh 'Máire' scríofa air.

Tá giota aisteach roimh dheireadh an scéil ina dtagann dhá phéire shúile go dtí an fhuinneog agus ina mbreathnaíonn siad isteach ar Mháire agus í ag féachaint ar na coinnle. Ní féidir an eachtra sin a thuiscint gan pisreoga iarthar na hÉireann a thuiscint. Chreideadh na seandaoine fadó san Iarthar go dtagadh gaol gairid, a bhí básaithe

**Comparáid idir 'Na Déithe Luacmhara Deiridh' (D.L.D.)**  
**agus 'Móire Mheirtneach' (L)**

Is é an téama ceannan céanna atá á phlé ag Breathnach sa scéal 'Móire Mheirtneach'. Seanbhean shingil a chónaíonn san aistreán léi féin is ea Móire. Cosúil le Máire Ní Fhatharta bhí

*muintir Chéide sa Ghleann ar an dé deiridh.*

Bhí an bheirt bhan buartha faoi cé a gheobhadh an talamh. Bhí bród agus uaisleacht chlainne ag baint leis an mbeirt bhan. Bhí difríochtaí móra eatorthu, ámh. Cé gur thuig Máire Ní Fhatharta go raibh deireadh ag teacht le ré a muintire bhí suaimhneas intinne éigin ag baint léi. Is léir go gcreideann sí go dtreoróidh 'na súile' í go dtí an saol eile. Níl suaimhneas intinne dá laghad ag Móire. Bíonn síoraighneas ar siúl idir í agus a gaolta. Léiríonn sí doicheall, cantal agus frustrachas agus i ag déileáil le daoine.

Ritheann téama an chait mar shnáithe tríd an scéal 'Móire Mheirthneach'. Tá sí in éad leis an gcat mar tá piscíní aici. Creideann sí gur deineadh éigean ar an gcat nuair a gineadh na piscíní. Beidh comharbaí ag an gcat ach ní bheidh comharba ag Móire. Déanann Móire fantaisíocht ghnéis ag deireadh an scéil agus í ag féachaint ar a pit neamhthorthúil. B'fhearr léi dá ndéanfaí éigean uirthi toisc go mbeadh ainm na gCéideach ar an bpáiste dá saolófaí leanbh de bharr an bhanéigin. Léiríonn an pointe sin an difríocht is mó idir na scéalta. Tá carachtar Mháire Ní Fhatharta réalaióch agus inchreidte, rud nach bhfuil fíor i gcónaí maidir le Móire. Is deacair a shamhlú go mbeadh bean ar bith ag déanamh comparáide idir í agus cat. Tá sé deacair a chreidiúint go mbeadh seanbhean shingil ag féachaint ar a pit ag deireadh a saoil. Is suimiúil an rud é go n-éiríonn éadóchas Mháire Ní Fhatharta níos láidre de réir mar a théann an scéal ar aghaidh agus tá an t-éadóchas le brath sa scéal eile ón oscailt dhrámata atá sa chéad líne:

*Lá eile. Lá eile le caitheamh ag Móire.*

*Lá eile ar nós a lae roimhe.*

**(Ich. 61)**

Tá bá ag an léitheoir le Máire ach bheadh sé deacair d'éinne bá a bheith aige le Móire.

Tá sé léirithe go bhfuil an téama céanna ag an dá scéal, ach éiríonn leis an údar scéal Mháire a chur abhaile orainn níos éifeachtaí. Níl an aontacht nó an mothú doimhin céanna le brath i scéal Mhóire. Tá réalachas agus inchreidteacht in easnamh i scéal Mhóire freisin.

### **2 C. 'Tá - Tá' (L)**

Teideal neamhghnáthach, ach teideal oiriúnach ag an am céanna, atá ag Pádraic Breathnach ar an scéal seo. Is é 'Tá - Tá' an leasainm a bhí ar Nodlaig, príomhcharachtar an scéil. '*Sciomradh an phota*' (**Ich. 97**) ab ea Nodlaig nuair a rugadh é, agus ní raibh ach dhá phunt go leith meáchana ann. Bhí sé beagáinín bacach ach an mháchail chainte a thuill a leasainm uafásach, 'Tá - Tá' dó. Ní raibh ach an focal 'tá' aige ar feadh i bhfad in a óige sar a chuaigh sé ar scoil.

Ní raibh máchail intinne ar Nodlaig, ámh. Fhad is a bhí a dheartháireacha ar scoil leis thaithin an scoil leis agus dheineadh sé sár-iarrachtaí a chuid ceachtanna a fhoghlaim. Ón gcéad lá ar scoil go dtí deireadh a shaoil bhí sé ag iarraidh aitheantais mar ghnáthbhall den tsochaí. Bhí aitheantas agus sábháilteacht aige fhad is a bhí na deartháireacha ar scoil leis. Is éifeachtach an léiriú a dheineann an t-údar ar fhuistrachas, aonaránachas agus uaigneas Nodlaig. Is sampla 'par excellence' é den 'duine imeallach'.

Is í máthair Nodlaig tráchtair an scéil agus insítear é sa chéad phearsa. Bhí sí an-bhródúil as an lá ar rugadh é:



*A phráinní is a bhí mé as an meall ró-bheag  
seo, ní chreidfeá é, mé ag déanamh iontais  
dá cholainn bhídeach.*

**(Ich. 97)**

Do réir mar a d'fhás sé tháinig cruit air agus bhí iarrachtín bacadle air freisin. Léiríonn Breathnach go héifeachtach an tslí ar mhíll an mháthair aon fhéin-mhuinín a bhí ag Nodlaig. D'fhuáil sí a phócaí ionas go dtógfadh sé a lámha as a phócaí agus go gcaillfeadh sé an chruit. Níor ghlac an mháthair leis mar a bhí sé. Theastaigh uaithi a shaol a eagrú:

*Rud amháin a bhí tugtha faoi deara agam le  
fada agus ab é cúis bhunáite m'ímní go deimhin  
a theirce is a bhí cáirde Nodlaig. Dháiríre píre  
ní raibh oiread is compánach amháin aige.*

**(Ich. 102)**

Bhí sí i gcónaí ag taispeáint trua dó. Dá múinfeadh sí dó conas a shaol a chaitheamh mar dhuine máchaileadh chabhródh sé go mór leis. Ach níor mhúin sí é sin agus níor ghlac sí lena mháchail. Cur i gcéill a bhí ar siúl aici i rith a shaoil mar bhí sí ag ligint uirthi gur ghnáthdhuine a bhí ann. An grá a thug an mháthair do Christy Brown, mar atá léirithe ag Brown i 'My Left Foot' a bhí ag teastail ón mhac sa chás seo, ach b'shin rud nach bhfuair sé riamh **(20)**. Níor dhein an sórt grá a thug sí do na páistí eile cúis sa chás seo.

Tá tréimhse shona amháin i saol Nodhlaig léirithe ag Breathnach. D'éirigh sé cáirdiúil le Tomás Mac Conchrá, fear imeallach eile. Ba shimpleoir é agus ba shine é faoi dhó beagnach ná Nodlaig:

*Leis an gcúl tóraic nua seo tháinig an-mhisneach  
do Nodlaig. Ba fear eile ar fad é. Bhíodh sé ag  
maíomh is ag gaisce is ag éirí doscúch.*

**(Ich. 103)**

Chuadar go Londain uair ach d'fhilladar taobh istigh de mhí. Argóint faoi phionta i dteach tábhairne a chuir deireadh leis an gcairdeas eatorthu. 'Tomaisín drad' a thug Nodhlaig go tarcaisneach ar Thomás agus 'Tá - Tá' a thug Tomás go tarcaisneach ar Nodlaig. B'shin í uair

na cinniúna do Nodlaig mar ní raibh cara riamh aige ina dhiaidh sin. Don dara huair bhí aitheantas agus sábháilteacht cailte aige. An chinniúint a bhí i ndán do Nodlaig ná gur chuir sé a lámh ina bhás féin ag an deireadh. Ní raibh sé in ann an ciapadh intinne a sheasamh níos mó.

Is go cliste stuama a léiríonn Breathnach roimh dheireadh an sceil cé chomh ciapha agus a bhí aigne Nodlaig:

*A thrína chéile is a d'éirigh sé faoina leasainm!  
Riamh ó d'fhás sé suas bhí sé ag goilliúint air,  
ach le píosa ba tairne ina bheo ceart é. Go fiú  
is na préachain is iad ag 'cá, cá' bhainidís stad  
mór as. Babhtáí thabharfá do mhóid gur shíl  
sé gur ag spochadh a bhíodar.* **(Ich. 107)**

Cleas glic éifeachtach é sin, measaim, úsáid a bhaint as 'cá, cá' taobh le 'Tá - Tá'. Is imeartas focal é. Is iomaí tagairt atá déanta ag an údar do phréachain trí na cnuasaigh ar fad. Sa scéal 'Lá Dána' deir Breathnach:

*Ba ríbhreá liom glór préacháin. Ba bheag glór  
ba bhinne ná é fachthas dom. Cá! Cá! Cá! **(Ich. 5)***

Is léir mar sin, go raibh an-mheas ag Breathnach ar an dúlra agus ar na préacháin go háirithe. Is aisteach an rud é sin mar sin a lán áiteanna faoin tuath in Éirinn breathnaítear ar na préachain mar chomhartha mhí-áidh.

Tá an scéal seo ar cheann de na scéalta is fearr a scríobh an t-údar chun an duine imeallach a léiriú. An t-aon locht atá agam ar struchtúr an sceil ná nach bhfuil gá leis an gcéad alt. Dáiríre is giota as lár an sceil é, agus tá sé as alt san áit a bhfuil sé. Mar is gnáth léiríonn an scéal seo an bua atá ag Breathnach mion chur síos a dhéanamh. Tá sampla ar an gcéad leathanach den scéal:

*Cnapán chomh beag agus fós a fhoirfe is a bhí.  
Chuile bhall ann: cloigeann, lámha, cosa chomh  
dea-chumtha. Cúig mhéar bhídeacha ar gach  
aon lámh. longa ar gach aon mhéar. (Ich. 97)*

Is cur síos cuimsitheach é sin gan focal iomarcach ann. Ní úsáideann sé briathar ar bith sa alt chun an cur síos a chur abhaile orainn.

Tá an t-aonaránachas lárnach ó thús deireadh an scéil. Tá aontacht sa phlota agus níl taobh-dhrámaí ar bith á léiriú. Tá carachtracht Nodlaig agus na máthar déanta ar fheabhas. Cé go bhfuil an cur síos go maith is stíl lom neamhornáideach atá cleachtaithe aige sa scéal seo. Is suimiúil an rud é nach ndéanann an t-údar aon bhreithiúntas leis an máthair. Tá bá ag an léitheoir dí toisc nach dtuigeann sí fadhbanna an mhic agus an grá speisialta a bhí uaidh.

An bua is mó atá ag an scéal ná an tuiscint a léiríonn an t-údar ar an aigne chiaptha bhuartha. Déantar cás Nodhlaig a léiriú go tuisceanach íogair. Níl faillí déanta ag Breathnach san aigneolaíocht. Mar a chonaiceamar cheana ag tús na caibidile seo bí sin an fhaillí ba mhó a dhein gearrscéalaithe na Gaeilge suas go dtí na daichidí, dar le Máirtín Ó Cadhain.

## **2 D. 'Maol Mór' (B.P.)**

Carachtar éagsúil ar fad le Nodlaig a léirítear sa scéal seo. Is innealtóir é Marcas Dáibhís le comhlucht Roadstone. Is fear uaigneach gan cháirde é Marcas. Cuireann an scéal seo carachtar Gar O Donnell sa dráma cáiliúil 'Philadelphia Here I Come' de chuid Brian Friel i gcuimhne dom. (21) Sa dráma sin bhí taobh poiblí agus taobh príobháideach ag Gar O Donnell, rud atá fíor freisin faoi Mharcas Dáibhís.

Léiríonn Breathnach an chodarsnacht seo idir an bheirt Mharcas go

héifeachtach. Ní úsáideann sé siombailí nó ciútaí liteartha ach cuireann sé dhá phictiúr shoiléire os ár gcomhair. Sa taobh poiblí de Mharcas is innealtóir é atá ag feidhmniú mar Bhainisteoir Stiúrtha ar na Coiréil Áitiúil Aontaithe. Tá sé pósta, tá carr aige ón gcomhlucht agus £6,000 aige in aghaidh na bliana. Cónaíonn sé i dteach galánta. Is é an ní is mó a bhfuil súil aige leis ná a bheith ina Stiúrthóir Ginearálta, £12,000 a bheith aige in aghaidh na bliana agus Mercedes an Chomhluchta a fháil.

Baineann an chuid is tábhachtaí den scéal, ámh, leis an taobh príobháideach de Mharcas. Sa chéad alt deir Marcas:

*Tá cliste orm tá faitíos orm.*

**(Ich. 76)**

Dhá abairt níos déanaí déanann sé an ráiteas céanna arís. Tá aire Phádraic Bhreathnaigh dírithe ar aigne Mharcais tríd an scéal chun scagadh aigneolaíochta a dhéanamh air. Breathnaíonn Marcas cosúil le han-chuid Feidhmeannach Chomhluchta timpeall na tíre. Tá masc air ós comhair an phobail, ámh. Clúdaíonn an masc sin uaigneas agus coimhthíos Mharcais.

Léirítear Marcas go paiteanta mar dhuine sotalach, díomasach leithleasach. Is fuath leis na hoibrithe sa Chomhlucht é mar caitheann sé dímheas orthu. Bhí drochmheas aige ar dhaoine i gcoitinne:

*Go deimhin féin tuirse mhór a chuir daoine  
fré chéile air, ar aon nós, lena seafóid chainte.*

**(Ich. 80)**

Ní haon ionadh, mar sin, nach mbeadh sé in ann déileáil i gceart lena chomhoibrithe nó bainistíocht cheart a dhéanamh. Bhagair oibrí air le sluasad lá mar mheas an t-oibrí go raibh Marcas ag cur an iomarca brú oibre air. Ní raibh sé sásta le haon ghné dá shaol. Fuair sé a chuid oideachais de bharr sclábhaíocht a mháthar. Ach ba bheag

meas a thaispeáin sé riamh don mháthair. Tar éis bhás a athar chuir sé i leith na máthar gur mharaigh sí é, rud a chuir as go mór don mháthair. Níor tháinig aithrí dá laghad air tar éis an marú a chur i leith na máthar. Léiríonn sé sin gur bheag luacha daonna a bhí aige in aon chor. Go dtí an pointe seo ina shaol bhain sé úsáid as a shotal agus a leithleas chun dul chun cinn a dhéanamh. Le déanaí, ámh, theip air an post mar Stiúrthóir Ginearálta a tháil. An méid sin faoi ndear an bhuaire aigne a thosnaigh á chéasadh.

Léiríonn Breathnach go sciliúil cé chomh hamhrasach agus a bhí Marcas faoina chomhbhainisteoirí. Bhí dímheas aige orthu:

*Céard a bhí nó a bheadh acusan dáiríre ach  
dreabhlás, seachrán, fánaíocht folamh. Iad  
ag ól is iad i mbun cearrbhachais, ag caitheamh  
a gcuid ama ag caint - ag caitheamh a gcuid ama  
ag caint fad is a bhí seisean ag beartú. (Ich. 79)*

Mar a tharlaíonn go minic i scéalta an údair seo tagann luacha i gceist.

#### *Maoin agus clú agus gramam*

a bhí de dhíth ar Mharcas. Ní thagann suaimhneas dó féin nó dá bhean i gceist. Thioctadh sé i dtír ar dhuine ar bith chun an uaimhian ann féin a shásamh. D'oibrigh sé tráth leis an Léigiún Mhuire agus le Cumann Naomh Uinseann de Pól chun leas a bhaint as cairdeas na sagart. Measann Marcas anois:

*Lucht ragairne a bhí i réim feasta:  
lucht chaite na dtodóg. (Ich. 80)*

Dar ndóigh, is é sin guth Pádraic Bhreathnaigh, mar is minic a thráchtann sé ar na hathruithe luacha atá ag teacht sa bhfaisean in Éirinn sa cheathrú dheiridh den fhichiú haois. Mar shampla, ritheann téama seo na luacha mar shnáithe tríd na scéalta 'Cuairt' B.P. agus

'Móire Mheirtineach' (L). Tá Breathnach ag iarraidh a chur abhaile orainn go bhfuil leithleas agus gaileamaisíocht ag teacht chun cinn go láidir i measc mhuintir na hÉireann in ionad sean-luacha an chairdis agus na flaithiúlachta. Is léir go gcuireann na luacha nua seo as go mór don údar.

Cé go raibh droch-mheas ag Marcas ar a mháthair tráth léiríonn sé meas uirthi anois in aimsir a thrioblóide. Measann sé anois gur shaibhre gairm bheatha a mháthar ná a ghairm féin. Tráth shamhlaigh sé saol na tuaithe le cábóga agus le gamail. Ag deireadh an scéil tuigeann sé don chéad uair nach bhfuil sé in ann cumarsáid cheart a dhéanamh le daoine, nach bhfuil féin-mhuinín aige. Tuigeann sé go mb'fhearr dó cúrsa Dale Carnegie a dhéanamh roinnt blianta roimhe sin ná céim mháistreachta san Innealtóireacht.

Insítear an scéal sa tríú pearsa. Stíl lom díreach a chleachtaíonn an t-údar anseo. Tá aontacht sa scéal mar, ó thús deireadh, bíonn ceamara Bhreathnaigh dírithe ar aigne Mharcais. Tá an friotal díreach simplí agus ní fhágann sé amach briathra sna habairtí, nós a chleachtaíonn sé go minic. Ar éigean a bhaintear geit asainn ag deireadh an scéil mar tá aigne Mharcais léirithe ag an údar céim ar chéim tríd an scéal.

Is scéal é 'Maol Mór' a léiríonn Breathnach mar shár-scríbhneoir. Dearann sé pictiúr inchreidte den aigne chráite, d'fhear nach raibh luacha fiúntacha aige.

*"Tá Éire tar éis athrú ó thír Thríú Domhanda go dtí tír de chuid an Chéad Domhan agus tá a lán luacha fiúntacha cailte againn san athrú sin",* a deir Pádraic Breathnach féin. (22) Ní haon ionadh mar sin nach gcailleann sé deis riamh ina chuid scéalta tagairt a dhéanamh do luacha nua na tíre seo. Ar deireadh thiar, ámh, is é feabhas na haigheolaíochta is mó a théann i bhfeidhm ar an léitheoir sa scéal seo.

## Tátaí

Táim tar éis mionphlé a dhéanamh ar cheithre scéal a bhfuil téama ar aonaránachais agus an uaignis iontu. Tá naoi scéal eile scríofa ag Breathnach faoin téama céanna. Scéalta fiúntacha éifeachtacha atá i gcuid acu seo. Léiríonn 'Léamh Filíochta', (B.A.), fear óg éirimiúil faiteach nach raibh an misneach aige ceist a chur ar an bhfile a bhí ag léamh na filíochta ag 'Oíche Philíochta' san óstán. Is iontach an cur síos a dhéantar ar an déagóir i 'Don Aifreann' (B.A.), a d'fhill ó Shasana go hÉirinn (Tír na mBastard agus na mBitseacha). Theastaigh uaidh go bhfeicfí é ag an Aifreann, agus go mbeadh daoine ag caint faoi. Ach ar deireadh thiar bhí a chosa ag crith agus é ag siúl i dtreo na haltóra. Is léiriú maith é an scéal sin ar fhear óg neamhaibí ardnósach nach raibh misneach nó féin-mhuinín aige i ndeireadh an lae. Déagóir de shaghas eile a léirítear sa scéal 'Damhna', L>F. Bhíodh sé de nós ag an déagóir seo dul amach ag siúl san aistreán leis féin. '*Níor chaitheamh aimsire é ach aisteachas*', a admhaíonn an déagóir féin. Ta mian aige bheith ina fhile mór agus go mbeadh trácht agus caibidil air lá éigin. Cuirtear aigne an fhir óig os ár gcomhair go rí-mhaith, aigne a bhí éagsúil ar fad leis na gnáthbhuachaillí a bhí ag bualadh peile mar chaitheamh aimsire.

Deir Gearóid Denvir:

*Daoine faiteacha cloíte atá i mbunáite na  
gcarachtar sna scéalta. Maireann siad ar  
imeall an tsaoil .....* (23)

Tá cuid de na daoine 'faiteach cloíte' pléite agam thuas. Deir Denvir freisin:

*Gné bhunúsach eile de chruinne an Bhreathnaigh  
sna scéalta is ea an easpa cumarsáide, agus go  
fiú an easpa chumas cumarsáide, a bhunaíos  
deorantacht agus coimhthíos an duine.* (24)

Tá an easpa cumarsáide agus an easpa chumas cumarsáide le sonrú go minic i scéalta an uaignis, agus léireofar an easpa chumas cumarsáide arís sa chéad chaibidil eile. Mar a chonaiceamar i gCaibidil I, níor thaitin na 'rialacha' a leag Frank O Connor síos faoin ngearrscéal le Breathnach, ach ag an am céanna léiríonn Breathnach gur thuig sé go maith aigne na ndaoine a bhí mar

*outlawed figures wandering about the fringes  
of society. (25)*

Deir Breathnach féin:

*Agus is duine aonarach mé ar méanar liom ag  
siúl bóthar sléibhe sa ngléaradh sneachta. (26)*

Níl dabht ná gur chabhraigh a aonaránachas féin le tuiscint mhaith a fháil ar aigne an duine uaignigh. Mar fhocal scoir chonaiceamar thuas gur chreid Maitiú Ó Murchú go raibh bua na haigheolaíochta ag Pádraic Breathnach. Tá sé léirithe agam sa chaibidil seo go bhfuil an cumas atá aige scagadh aigheolaíochta a dhéanamh ar charachtar ar cheann de na mór-bhuanna scríbhneoireachta atá ag Breathnach.



## CAIBIDIL II

### NÓTAÍ TAGARTHA

1. Páipéir Bhána & Páipéir Bhreaca, Máirtín Ó Cadhain, Ich. 30
2. Irisleabhar Mhá Nuad, 1978, Ich. 79
3. Faoin mBlaois Bheag Sin, Louis de Paor, Ich. 1
4. Ibid, Ich. 2
5. Ibid, Ich. 4
6. Páipéir Bhána & Páipéir Bhreaca, Ich. 31
7. Faoin mBlaois Bheag Sin, Ich. 5
8. Páipéir Bhána & Páipéir Bhreaca, Ich. 31
9. Comhar, Maitiú Ó Murchú, Iúil 1974, Ich. 19
10. Faoin mBlaois Bheag Sin, Ich. 5
11. Páipéir Bhána & Páipéir Bhreaca, Ich. 30
12. Irisleabhar Mhá Nuad, 1981, Ich. 42
13. Agallamh le Pádraig Ó Síoda, 21.01.92
14. The Lonely Voice, Frank O Connor, Ich. 38
15. Comhar, Iúil 1974, Maitiú Ó Murchú, Ich. 19
16. Ibid, Ich. 20
17. Comhar, Nollaig 1991, Gearóid Denvir, Ich. 26-29
18. Seán Ó Ríordáin, 'Adhlachadh mo Mháthar',  
Eireaball Spideoige 1952
19. Nineteen Acres, 1984, John Healy, Muintir Uí Chionnaith,  
Gaillimh
20. My Left Foot, 1954, Christy Brown, Secker & Warburg
21. Philadelphia Here I Come, 1965, Brian Friel, Faber
22. Agallamh le Pádraig Ó Síoda, 22.01.92
23. Comhar, Nollaig 1991, Gearóid Denvir, Ich. 26
24. Ibid, Ich. 27
25. The Lonely Voice, Frank O Connor, Ich. 38
26. Irisleabhar Mhá Nuad, 1978, Ich. 77

## CAIBIDIL III

### Caidreamh mí-shásúil idir fir agus mná

#### Réamhrá

Sa chaibidil seo déanfaidh mé scagadh ar na scéalta a bhaineann leis an gcaidreamh neamhiomlán, míshásúil idir fir agus mná. Scríbhneoir is ea Pádraic Breathnach nach raibh eagla riamh air tabhairt faoi ábhair chonspóideacha. Léireoidh mé sa Chaibidil seo gur scríobh sé ar réimse leathan téamaí éagsúla idir bhanéigean, ghinmhilleadh agus fir ag teacht i dtír ar striapaigh. Léireoidh mé ag deireadh na caibidile go bhfuil dearcadh éadóchasach aige ar an gcaidreamh idir fir agus mná agus nach bpléann sí mórán caidreamh sásúil trí na cnuasaigh ar fad. Pléifear cúrsaí a stíle, ar ndóigh, agus tabharfar faoi deara a thábhachtaí is atá bua carachtrachta agus fóróine an údair i bplé agus i bhforbairt an téama seo.

#### 3 A. Mithoise (L>F)

Is scéal cumhachtach é seo ina bpléann Breathnach luacha na Gaeltachta agus an dearcadh a bhíonn ag daoine áirithe sa tír seo ar mhuintir na Gaeltachta. Baineann an scéal le lánúin nua-phósta, Muireann agus Liam. Ba de shíol Gaeltachta í Muireann agus chuir sí brú ar Liam mí na meala a chaitheamh sa Ghaeltacht. Bhí togha na Gaeilge ag Muireann ach ní raibh ach Gaeilge leamh na leabhar ag Liam. Agus iad ag tiomáint i dtreo na Gaeltachta léirítear go raibh dearcadh rómánsúil idéalach ag Muireann ar mhuintir na Gaeltachta:

*Níor Róisínigh sa chiall ceart ach oiread iad  
mac siopadóra, mac múinteora nó go deimhin  
mac gairme ar bith eile seachas gairm an  
fheirméora, an iascaire nó an spailpín. Ba  
dhaoine leathchathracha iad sin eile.*

(Ich. 113)

Bhí sí chomh rómánsúil sin i dtaobh na Gaeltachta go raibh mian aici go nginfí, go mbéarfaí agus go mbaistfí a gcéad pháiste sa Ghaeltacht. Thabharfaí 'Órán" air dá mba bhuachail é, in onóir an naoimh áitiúil.

Sroicheann idéalachas Mhuireann leibhéal na fantaisíochta. Theip orthu beirt caidreamh collaí a chur i gcrích an chéad oíche. An chéad lá eile mheas sí nach dteipfeadh ar "staileanna tréana" na Gaeltachta an gníomh a dhéanamh an chéad oíche nó aon oíche eile. Léiríonn sí drochmheas ar easpa fearúlachta Liam agus ar laige a chuid Gaeilge. Bíonn sí ag maíomh an t-am ar fad as a méid eolais faoin nGaeltacht agus faoi mhuintir na Gaeltachta.

Mheas Muireann gur bhain sí féin le bunadh na Gaeltachta agus go mbeadh Liam i gcónaí mar choimhthíoch ann. Oíche Rásaí na gCurach thóg sí Liam go dtí an teach tábhairne chun an dá fhíric san a chruthú. Cruthaíonn Breathnach dhá phictiúr shoiléire den chodarsnacht idir Liam agus fir na Gaeltachta:

*Chuille dhuine gléasta go dubh: brístí agus  
cótaí. Ghruaig dhubh ar a mbunáite móra, í  
mullachach stoithneach garbh. Locaí fada ar  
a leicne. Croiméil ar chuid de na hógfhir.  
Dosáin gruaige: scuabáin gruaige, buailte  
séidte ag an ngaoth .....* (Ich. 120)

Deir sí faoi Liam:

*B'éan cuideáin uilig é Liam. Liam bog mín  
síodúil. Craiceann geal air, léine bhán agus  
carabhata. Cufaí. Gruaig bhearrtha chíortha.*  
(Ich. 120)

Léiríonn an dá ghiota san thuas máistreacht an údair chun pictiúr soiléir a chruthú. Tá sé soiléir ón dá ghiota nach raibh dearcadh fabhrach aici ar Liam i gcomparáid le fir na Gaeltachta. B'uafásach an smaoineamh é sin a bheith ag Muireann agus iad ar mhí na meala.



Theastaigh ó Mhuireann í fein a thaispeáint do na 'staileanna':

*Feicidís anois a leathdheireadh méith  
tarraingteach agus a colainn bhanúil,  
a smaoin sí. Feicidís a crios dalba leabhair  
faoina méadail 'gus bídís ag meabhrú an  
t-eire leathair a bhuaifidís féin uirthi le  
caoi chóir. Glaoidís 'bodóg' agus 'láir'  
uirthi agus déarfaidís go mba iontach an  
maide marcaíochta í.* (Ich. 121)

Is íoróineach an chaint sin ar fad mar déantar banéigean uirthi roimh dheireadh an scéil. Ní dheachaigh sí i bhfeidhm ar na fir mar a mheas sí ámh. Bhreathnaíodar uirthi mar straoilleach, mar bhean a bhí ag briseadh rialacha sóisialta na Gaeltachta. Ní rachadh cailíní na Gaeltachta go dtí an teach tábhairne (b'í Muireann an t-aon bhean a bhí istigh ann an oíche sin), ní ólfaidís branda agus ní thaispeánfaidís a dtóineacha. Creideann sícheolaithe an lae inniu go mbaineann an banéigean níos mó le smacht ná le collaíocht. Theastaigh ón mbeirt a rinne an banéigean a smacht a chur i bhfeidhm ar Mhuireann. Bhris sí an múnla agus theastaigh uathu í a chur ar ais ina háit ceart. Nuair a bhí an chéad fhear á héigniú dúirt sí leis gurbh fhear maith é ach go raibh farasbarr ólta aige. Leiríonn sé sin chomh láidir is a bhí a dearcadh rómásnúil míréalaíoch faoi mhuintir na Gaeltachta.

Creideann Pádraic Breathnach féin gur maith an rud é go mbainfeadh an gearrscéal geit asainn (1). Baineann buaicphointe an scéil seo geit asainn leis an mbanéigean a dhéantar ar Mhuireann. Níl an léitheoir ag súil len a leithéid mar is plota taitheamhach é go dtí an pointe sin. Braithimid uafás agus foréigean an bhanéigin agus na línte sin á léamh againn.

An locht is mó atá ar an scéal ná go ndéanann Muireann an iomarca tagairtí do 'boid' agus 'staileanna'. Níl sé réalaíoch go mbeadh cailín meánaicmeach a mbeadh oideachas maith aici ag síorthagairt do

'staileanna groí', do 'bodóg' agus 'láir' agus do 'bheith ag tabhairt beithígh ag an tarbh'. Níl na tagairtí sochreidte ó chailín cáireiseach mar Mhuireann. Ní gá aontú go hiomlán leis an léirmheastóir Oireachtais, Tomás Ó Floinn, faoin leabhar as ar tógadh an scéal seo, 'Lilí agus Fraoch' go raibh na téarmaí 'tóin', 'pis/pit', 'slat'. 'bod' chomh flúirseach le 'cuiríní i mbáirín breac", ach bhí an ceart aige i gcás an scéil seo (2). Ní hé sin le rá nár cheart téamaí mar sin a bheith i ngearrscéalta, ach úsáidtear cuid de na téarmaí chomh minic san sa scéal seo go dtógann siad ó réalachas an scéil áirithe seo.

Níl dabht ná go raibh dearcadh miréalaíoch rómánsúil ar mhuintir na Gaeltachta le fáil go forleathan sa tír seo le céad bliain anuas. Thosaigh an dearcadh seo ag leathnú in aimsir na hAthbheochana. Bhí an tuairim chomh forleathan sin sna tríochaidí in Éirinn gur scríobh Myles na gCopaleen a aoir cháiliul faoi Ghaelgeoirí agus faoi mhuintir na Gaeltachta:

*Táim Gaelach ó mo bhaithis go bonn mo  
choise - Gaelach thoir, thiar, thuas agus  
thíos. Tá sibhse go léir fíor-Ghaelach mar  
an gcéanna. Gaeil Ghaelacha de shliocht  
Ghaelach is ea an t-iomlán againn. ....  
Níl aon ní ar an domhan chomh deas fhíor-  
Ghaelacha a bhíonn ag caint fíor-Ghaeilge  
Gaelaí i dtaobh na Gaeilge fíor-Ghaelaí.*

(3)

Mar sin níorbh é Pádraic Breathnach an chéad scríbhneoir a phléigh an téama áirithe seo. Nílím ag rá go raibh dearcadh miréalaíoch aige mar thuig sé go maith suáilc agus duáilc mhuintir na Gaeltachta. Fuineadh agus fáisceadh é féin sa Bhreac-Ghaeltacht agus níl dabht ná go dtuigeann sé nach bhfuil sé cothrom bheith ag súil go mbeadh idéalachas, suáilc agus rómánsúlacht ag baint le chuile dhuine sa Ghaeltacht. Léiríonn an scéal seo go bhfuil dearcadh réalalaíoch aige féin faoin áit.

Stíl lom dhíreach atá á húsáid ag Breathnach sa scéal seo. Insítear an scéal sa tríú pearsa. Tá leagan amach traidisiúnta ar an bplota agus tagann an buaicphointe ag an deireadh. Tá cur síos tuairisciúil sa chuid is mó den scéal, cé go bhfuil giotaí comhrá ann. Fághtar na briathra ar fad ar lár i gcúpla áit ina bhfuil sé ag déanamh cur síos ar radharcanna éagsúla, nós a chleachtaíonn an t-údar seo go minic ar mhaithe le héifeacht.

Léiríonn an scéal seo go bhfuil ealaín an ghearrscéil ag Pádraig Breathnach. Léirítear a mháistreacht ar shiombailí agus íoróin a úsáid. Tagraítear do 'stail' agus 'staileanna' go minic. Seasann an 'stail' d'fhearúlacht, do shúailcí agus do neart na bhfear Gaeltachta. Seasann 'an léine bhán', an 'carabhata' agus 'na cufaí' do bhoige, míne agus easpa fearúlachta Liam. Tagraíonn sé don phoitín a dhéantar fós i dTamhnach an tSeagail:

*An braon maith dá dhéanamh acu go fóilleach.  
..... Ach bhí an Tamhnach ag caomhúint clú is  
spiorad an tseandeshaoil. (Ich. 122)*

Is léir go seasann an poitín a dhéantar san áit seo do luachra an tseanshaoil, luacha a raibh ard-mheas ag Muireann orthu. Téann an íoróin, atá go forleathan sa scéal seo, i bhfeidhm go mór ar an léitheoir. Léirítear an sampla is fearr den íoróin roimh dheireadh an scéil. Tháinig Muireann, Liam agus Píot Sheáin Mhaitiais amach as an teach tábhairne. Bhreathnaigh Muireann timpeall ar áilleacht agus ar chiúnas na timpeallachta:

*Rinne seo an-ghar don nádúr iad cheap  
Muireann. Ná mílte ó áiseanna an tsaoil  
nua. .... I gcomhlúadar na n-ainmhithe!  
Chuile ainmhí ar a shon féin. Faichill  
agus contúirt - luíochán 'gus gliúc-airdeall.  
(Ich. 123)*

Bhí contúirt agus luíochán an-ghar di ceart go leor, rud nár thuig sí.

Sar i bhfad dhéanfaí gníomh ainmhíoch, i.e. éigean, uirthi ag beirt 'stail' de chuid na Gaeltachta. Ta íoróin eile a thaitin liom go mór freisin. Nuair a stopadh an carr ar an mbóthar léim an triúr, Muireann, Liam agus Píot amach.

*Théalaigh Píot leis gan sea nó ní hea a rá.*

**(lch. 124)**

Ba bheag misneach, neart nó idéalachas a thaispeáin Píot.

Mar nóta breise pearsanta caithfidh mé a rá go ndeachaigh an scéal seo i bhfeidhm orm thar aon scéal eile de chuid Phádraic Bhreathnaigh. Tá sé mar aidhm agam an tráchtas seo a thaispeáint gur scríbhneoir agus gearrscéalaí den scoth é Pádraic Breathnach. Léirítear beagnach gach tréith a bhaineann leis mar scríbhneoir sa scéal seo, idir phlota, charachtracht, bhua an chur síos, shiombalachas agus chiútaí liteartha eile. Níl dabht ná gur scéal é seo a fhanann i gcuimhne an léitheora agus gur ceann de na scéalta is cumasaí agus is éifeachtaí a scríobh sé.

### **3 B. Místáid (L)**

Foilsíodh 'An Lánúin agus Scéalta Eile' sa bhliain 1979. Is é 'Místáid' an scéal deiridh sa chnuasach agus pléitear téama an ghinmhille ann. Bhí Breathnach i measc na scríbhneoirí tosaigh a phléigh an téama conspóideach seo i litríocht na Gaeilge. Nuair a thosnaigh sé ag scríobh bhí ré na cinsireachta thart. Bhí sairse smaointe, cainte agus scríbhneoireachta le tabhairt faoi deara sa tír seo ó na seascaidí ar aghaidh. Scríbhneoir óg neamhspleách a raibh misneach agus dánacht ann ab ea Pádraic Breathnach. Go deimhin chuir oscailteacht agus neamheagla a chuid scríbhneoireachta idir alltacht agus dhéistin ar chuid de lucht léitheoireachta na Gaeilge i dtús na seachtóidí. Ní haon ionadh, mar sin, gur scríobh Redmond O Hanlon sa bhliain 1981 agus é ag scríobh leirmheas ar Na Déithe Luacmhara Deiridh:

*..... these are earthy, wickedly observed facets  
of life, at times startlingly outspoken. (4)*

Is í Síofra Ní Mhainnín príomhcharachtar an scéil seo. Nuair a bhí sé dhá bhliain déag d'aois d'fhreastail sí ar chúrsa Gaeilge sa Ghaeltacht, áit a raibh Conchúr Ó Máille mar mhúinteoir agus é ceithre bhliain agus scór d'aois. 'Buachaill báire' ab ea Conchúr agus sar i bhfad bhí Síofra i measc na gcailíní a thug saobhghrá dó. Léiríonn Breathnach an caidreamh a bhí idir Conchúr agus na cailíní móra:

*Gabhadh sé ag spraoi leosan: ghabhadh  
sé isteach ina seomraí agus ghabhadh  
amach chuig aeraíochtaí leo. (Ich. 192)*

Bhí Síofra go mór in éad leis na cailíní móra a raibh Conchúr ag cur spéise iontu.

Deich mbliana níos déanaí bhí Síofra ag freastal ar chúrsa bliana sa Choláiste Traenála do Chéimithe Ollscoile. Ansin bhí Conchúr ina léachtóir le hEalaín sa Choláiste. Cé go raibh sé pósta agus ceathrar mac aige ag an am seo thug a lán de na cailíní saobhghrá dó fós. 'Buachaill bán' an Choláiste a bhí ann agus bhíodh na cailíní ag feadaíl ina dhiaidh timpeall an Choláiste. Le linn na Cásca bhí Síofra ag freastal ar chúrsa Gaeilge sa Ghaeltacht. Nuair a chonaic sí a charr Hillman ag teacht chraith sí a dheasóg agus stop an carr. Shuíodar beirt isteach sa charr agus d'éiríodar súgach. Scaoileadar lena mianta collaí. Níorbh fhada gur thuig Síofra go raibh gníomh amaideach déanta aici:

*Níor labhraíodar tada. Bhí a héadan sise ag  
iarraidh dul i bhfolach le scáth is le náire ina  
bhrollach seisean. .... Ba mheasa léi ná tada  
eile, go raibh bláth a hógheachta millte. Cén  
chaoi a míneodh sí an milleadh seo do  
Dhonnchadh? (Ich. 199-200)*



Léiríonn an t-údar go héifeachtach an neamhfhreagarthacht a bhí sa ghníomh don bheirt acu. Do réir dealraimh ba bhean aibí léannta shofaisticiúil í Síofra. Sar i bhfad bheadh sí oilte mar mhúinteoir agus post freagarthach faighte aici. Nuair a chonaic sí carr Chonchúir ag teacht, ámh, chaill sí a stuaim ar fad:

*Bhí a corp i bpian is i bhfanntais dá 'bheo' a  
bheith laistigh di. (Ich. 199)*

Is í seo céimí Ollscoile atá geallta cheana féin le Donnchadha, buachaill ciún tuaithe. Filleann na mothúcháin a bhí aici deich mbliana roimhe sin, mothúcháin an ghirsigh, go háirithe an saobhghrá. Tá sí léirithe go héifeachtach anois ag an údar mar ghirseach neamhaibí amaideach. Ní smaoiníonn sí ar an toradh a d'fhéadfadh a theacht as an gcaidreamh collaí a dheineadar. Bristear dealramh na haibíochta a bhí uirthi go dtí an lá sin. Níl ach meon an ghirsigh aici arís. Níl freagarthacht dá laghad ag baint le Conchúr, dár ndóigh. Is soiléir gur tháinig sé i dtír uirthi chun a mhianta collaíochta a shásamh. 'Ná bíodh imní ort', a dúirt sé léi agus a chuid síl curtha aige inti. Tá sé le tuiscint gur bheag imní a bhí ar Chonchúr féin.

Is íoróineach an rud é go bhfuair sí ciall cheannaigh díreach tar éis an chaidrimh chollaí a dhéanamh. Thuig sé méid a botúin agus a neamhfhreagarthachta nuair a fuair sí amach go raibh sí torrach. Chaill sí meas uirthi féin agus ar fhir an domhain:

*Chuir fir an domhain múisc uirthi. Ainmhithe.  
B'iad a mboid na hearraí bá ghránna amuigh.  
(Ich. 201)*

Thosnaigh sí ag smaoineamh ar an nginmhilleadh mar shlí éalaithe. Léiríonn Breathnach go máistriúil an choimhlint intinne a bhí ar siúl inti agus í ag dul go Londain i gcomhair an ghinmhille:

*Ba chuimhneach léi fós an mhaidin luath seo  
i Stáisiún Euston. A uaigní dheoranta neirbhísí  
is a bhraith sí í féin. Bhí sí ann, blaosc a shíl sí;  
blaosc de chailín árd slím, gruaig fhada ar an  
mblaosc agus éadach dubh. Bhí mála dubh i  
láimh an bhlaosc.* (Ich. 200-201)

Nuair a thugann sí 'blaosc' uirthi féin is léir go mbraitheann sí nach bhfuil sí ina pearsa a thuilleadh. Ta a féin-mheas cailte aici, rud a tharlaíonn go minic do chailíní single a éiríonn torrach, dar leis na saineolaithe.

Deir na saineolaithe céanna go gcéastar aigne na mhá tar éis ginmhillte agus go bhfágtar marc síoraí de shaghas éigin ar a haighe. Níorbh aon eisceacht í Síofra, mar tharla athrú mór ar a meon tar éis na hobráide. Thosnaigh sí ag smaoineamh ar a tuistí measúla sa bhaile. Scríobh sí litir chuig Donnchadha ag rá leis nach bhféadfadh sí é a phósadh, ach níor chuir sí í riamh sa phost. Cé go raibh ciall cheannaigh faighte aici níor ghlac sí fós len a freagarthacht féin i dtaobh an bhotúin. Chuir sí an locht ar an tsochaí in Éirinn, ar an gcóras -

*córas a chuir éigin uirthi a gin a mhilleadh*

(Ich. 202)

Shocraigh sí ar fhilleadh ar Éirinn chun tús a chur len a saol mhar mhúinteoir. Dar ndóigh, níor chuala Conchúr nó Donnchadha riamh faoin ghinmhilleadh.

Stíl lom neamhornáideach atá in úsáid ag an údar sa scéal seo. Níl meafair, siombailí nó íoróin ann. Is í an charachtracht an rud is suntasaí faoin scéal. Deartar pictiúr éifeachtach de Shíofra agus de Chonchúr. Táid beirt inchreidte agus réalaióch. Cuirtear pearsantacht na beirte abhaile orainn go héifeachtach íogair. Is plota

traidisiúnta atá sa scéal. D'fhéadfá a rá go bhfuil dhá bhuaicphointe ag an scéal, an chéad cheann a tharla lá na cinniúna sa Ghaeltacht agus an dara ceann ag an nginmhilleadh. Insítear an scéal sa tríú pearsa. Iardhearcadh atá sa chéad cúpla leathanach den scéal. Ní thógann an t-iardhearcadh ó aontacht an scéil, ámh. Gaeilge bheo na Gaeltachta atá á cleachtadh aige tríd síos. Tá claonadh ag an údar ainmneacha baiste neamhghnáthacha a úsáid. Is ainm as an gnáth é Síofra, chomh maith le hainmneacha cailíní elle cosúil le Earrama ('Spallaíocht', L) agus Danóib ('Danóib', D.L.D.). Admhaíonn Breathnach go gcumann sé ainm nuair is mian leis. Mar shampla, tá an t-ainm 'Earrama' bunaithe ar 'Herrema' an tOllanach a fuadaíodh ag lucht an IRA sa bhliain 1975. (5)

Is scéal éifeachtach, cumasach taitheamhach é seo. Tá rithim nádúrtha in insint an scéil aige. Léiríonn Breathnach tuiscint íogair ar thragóid an ghinmhille. Tá sé le tuiscint nach gcreideann gurbh é an ginmhilleadh an gníomh a leigheasfadh an botún, ach ní bhrúnn sé a thuairimí chun tosaigh ar aon slí a chuirfeadh as don léitheoir. Ní fhágtar dabht ar bith ar an léitheoir ná go mbeidh coinsias Shíofra buartha go lá a báis.

### **Comparáid idir 'Míthoisc' agus 'Comhaduimhreacha'** **le Mícheál Ó Conghaile**

Sa chnuasach gearrscéalta 'Mac an tSagairt' (9) a foilsíodh sa bhliain 1986 tá scéal ag Mícheál Ó Conghaile, 'Comhaduimhreacha', a bhaineann le ceist an ghinmhille. Tá cosúlachtaí agus difríochtaí idir an dá scéal. Is muinteoir óg í Nóra Ní Mhainnín atá torrach. Cosúil le Síofra Ní Mhainnín éiríonn a haighe céasta nuair a fhaigheann sí amach go bhfuil sí torrach. Seasann Peadar, a fear, léi agus téann an bheirt acu go Londain mar bhí sé ar intinn ag Nóra ginmhilleadh a fháil.

Lonnaítear an scéal seo sa siopa caifé in aice na hotharlainne i Londain agus san otharlann féin. Cruthaíonn an t-údar atmasféar na buartha go rímhaith agus an bheirt ag feitheamh le ham na coinne. Bhí Nóra ag crith le heagla nuair a shiúladar isteach san otharlann. Tuigeann Nóra nach mbeidh inti ach comhaduimhir ag deireadh an lae má bhíonn an obráid aici.

Seasann na comhaduimhreacha mar shiombail, mar shiombail don chéasadh aigne agus don ghinmhilleadh féin. Ar deireadh thiar ní dheachaigh Nóra faoin obráid mar smaoinigh sí:

*B'fhéidir gur Shakespeare eile ..... nó .....  
Eoin Pól eile ..... nó ..... Liam Brady eile  
atá anseo i mo bhroinn agam. Againn! (Ich. 64)*

Shiúil Nóra agus Peadar amach as an otharlann agus ríméad an domhain orthu nár mharaíodar an ghin. Ní bheadh marc fágtha ar intinn Nóra go deireadh a saoil.

Measaim go léiríonn Ó Conghaile uafás an ghinmhille níos éifeachtaí ná Breathnach. Nóiméad amháin smaoinigh Nóra:

*B'uafásach an rud é muna mbeadh, agus  
iad ag tochailt lena gcuid giuirléidí géara  
ina broinn, ag iomrascáil leis an mbeo a  
phriocadh amach asti. (Ich. 56)*

Níos déanaí smaoinigh sí arís:

*Gin a bhí beo beathach ag bíogadh is ag  
míogarnach cúpla uair an chloig fiú tar éis  
a scaradh. (Ich. 58)*

Ag an am céanna measaim go bhfuil carachtracht Bhreathnaigh níos fearr ná an charachtracht atá léirithe ag Ó Conghaile. Is dócha gur comhthárlú ata ann gurb é Ó Mainnín atá mar shloinne ag an mbeirt bhan. Tá uafás agus tragóid an ghinmhille curtha abhaile ar an léitheoir go hógair éifeachtach ag an mbeirt scríbhneoir.

### 3 C. Arraingeacha (L)

Is sampla 'par excellence' an scéal seo den bhua atá ag Pádraic Breathnach caidreamh mishásúil idir fir agus mná a léiriú. Is cailín saonta neamhaibí í Sail Ní Chonail. D'éag a máthair agus chuaigh sí ag obair leis an sagart paróiste. Tógann a haintín, ar a dtugann sí 'an chailleach dhubh', áit a máthar agus tá droch-chaidreamh eatarthu. Cheap Sail go raibh sí i ngrá le Mícheál, buachaill báire an cheantair. Ta plean ag a hathair agus ag a haintín go bpósfadh sí Beairtle Mhailic, fear a raibh feirm mhaith agus roinnt mhaith airgid aige.

Is duine tragóideach í Sail. Braitheann sí a máthair uaithi go mór. Ní raibh grá ag Mícheál dí ach bhí sé ag teacht i dtír uirthi. Bhí claonadh inti bheith ag féachaint uirthi féin lomnacht sa scáthán agus ag tabhairt 'Deirdre', 'Venas' nó 'Gormlaith' uirthi fein. Bhí aonsmaoineamh (obsession) aici mar gheall ar a cuid fo-éadaí freisin:

*Bhí bristíní aicisean nach raibh a gcineál ag  
mórán. Ceannaithe sa bhaile mór. Ag ógmhná  
an bhaile mhóir a bhíodar má bhí. (Ich. 134)*

Chabhraigh Mícheál léi san aonsmaoineamh mar bhíodh sé ag taispeáint irisí pornagrafaíochta di ó Shasana. Gheall sé di go dtógfadh sé í go Sasana agus, os rud é go raibh sí saonta, chreid sí é. Bhí plean aige di, ámh, go ndéanfadh sí raidhse airgid i Sasana - ag tabhairt faoisimh d'fhir. Theastaigh uaithi freisin go mbeadh a pictiúr sna hirisí drúisiúla. Tá laige pearsantachta Shail léirithe go máistriúil ag Breathnach. Is mór-bhua é atá ag Breathnach go bhfuil sé in ann carachtracht shoiléir a dhearadh. Braitheann an léitheoir bá do Shail. Chreid sí gach a dúirt Mícheál, fiú amháin nuair a mhaígh sé go raibh na cíocha ab fhearr sa cheantar aici.

Is téama forleathan i litríocht na Gaeilge é teama an chleamhnais.

Theastaigh óna hathair agus óna haintín go bpósfadh sí Beairtle Mhailic, fear an airgid. Dearann an t-údar dhá phictiúr chun an chodarsnacht idir an bheirt a léiriú:

*Dia idir sinn agus an anachain, dronn dona  
coca féir air, spideog síoraí lena shrón mura  
préachán féin scaití e. Mála domhain donn  
ina chroibh a chuirfeadh snáthaidí samhnaís  
i do ghoile, agus seanchóta crónliath ó aimsir  
Chluain Tarbh caite ar a chabhail; péire  
Wellingtons brocacha on díle air. Cloigeann  
carrach faoi chaipín speic. (Ich. 138)*

Sin pictiúr Bheairtle Mhailic. Níl dabht ná gurb é Pádraic Breathnach an t-aon scríobhnóir in Éirinn a d'úsáidfeadh an dá fhocal 'spideog' agus 'préachán' mar a d'úsáid sé iad thuas. A mhalairt ar fad de phictiúr a fhaighimid de Mhícheál:

*Ógfhear aerach! Ógfhear láidir fearúil le  
mothall breá gruaige duibhe air. Dathúil  
i nDomhnach! Éadaigh shnasta air. Crois  
dolba leathair faoina mhéadal .... (Ich. 140)*

Cuireann an chuid sin den scéal faoin chleamhnas an scéal 'Teangbháil' le Liam Ó Flaithearta i gcuimhne dom (6). Bhí athair Cháit Pháidín Pheadair ag cur brú uirthi mac Mharcais Sheoigigh a phósadh, cé gur theastaigh ó Cháit Beartla an fear oibre, a phósadh. D'éirigh leis an athair a mhian a chur i gcrích (Duil, 1953, Ich. 127). Ta dhá dhifríocht idir an dá phlota, ámh. I scéal Uí Fhlaithearta bhí fíor-ghrá idir an bheirt agus, freisin, ghlac Cáit le cleamhnas an athar ar deireadh thiar.

Níl tréith thaitheamhach ar bith ag baint le Mícheál. Bhí sé in ann dallamullóg a chur ar Shail bhocht lena chuid geallúintí. Ní h-aon ionadh gur éirigh sí torrach. Mar a bheifeá ag súil leis, d'imigh Mícheál go Sasana. Bhí sí ag suil go scríobhfadh sé chuici mar

'surprise' ach níor scríobh sé. Is léir go raibh an ceart ag athair agus ag aintín Shail nuair a thugadar 'spreasán' agus 'ceolán' air. Nuair a chuaigh Sail go dtí tuistí Mhíchíl mhaslaíodar í agus thugadar 'lao bó bradaí' uirthi. Ní raibh aon dóchas fágtha aici agus chuir sí a lámh ina bás féin tré nimh a ól.

Is scéal é seo a léiríonn cumas, éifeacht agus fiúntas Phádraic Bhreathnaigh mar ghearrscéalaí. Thar aon rud eile tá an charachtracht sa scéal seo ar fheabhas. Úsáideann sé bua a chur síos atá aige go paiteanta chun an charachtracht a chur abhaile orainn. I gcuid dá scéalta úsáideann sé stíl fhoclach chun cur síos a dhéanamh, mar shampla, 'An Phicnic' (L), scéal a mbeidh plé air i gCaibidil 4. Sa Scéal seo éiríonn leis cur síos cuimsitheach a dhéanamh le beagán focal. Agus é ag cur síos ar aintín Shail deir sé:

*An speal sin de theanga ghangaideach  
ag obair aici ar nos goineoga nathrach  
nimhe.*

(lch. 135)

Stíl dhíreach neamhornáideach atá sa scéal seo tríd síos agus is í an tríú pearsa a roghnaíodh mar mhodh inste an scéil. Tá leagan amach traidisiúnta ag an bplota agus tagann an buaicphointe ag an deireadh. Don chuid is mo úsáideann se stíl thuairisciúil, ach úsáideann sé stíl ghonta impriseanaíoch i gcúpla áit chun Sail a léiriú ag féachaint uirthi féin nó ar a cuid fó-éadaí os comhair an scátháin. Tá aontacht sa scéal tríd síos. Mar is gnáth is í teanga shaibhir bheo na Gaeltachta a chleachtaíonn an t-údar. Tugtar leid i dteideal an scéil ar an ábhar ata istigh sa scéal, nós a chleachtaíonn an t-údar go minic. B'iomaí 'arraing' a chuaigh tré chroí Shail ón lá a d'imigh sé go Sasana.

Cuirtear saontacht agus tragóid Shail abhaile orainn go héifeachtach ag Pádraic Breathnach. Léirítear ábaltacht Phádraic Bhreathnaigh mar ghearrscéalaí sa scéal, go háirithe a chumas i mbun carachtrachta. Baintear geit asainn ag an deireadh agus is maith an teist í sin ar ghearrscéal ar bith, dar liom.

### 3 D. I gCoinne Coinne (B.P.)

Táthar tar éis trí scéal a scagadh sa chaibidil seo a bhaineann le téamaí ar nós téama an ghinmhillte agus an fhéin-mharáithe. Is léir i ngearrscéalta eile leis an údar seo go bhfuil sé inniúil ar théamaí éadroma a phlé agus a fhorbairt. Is téama éadrom atá i gceist sa scéal 'I gCoinne Coinne' (B.P.), mar baineann sé leis an gcéad choinne atá déanta ag an mbean seo Nóra, leis an bhfear seo, Proteus. Is í an 'scal' a sholáthraíonn inspioráid na scéalta agus a sheolann an scríbhneoir seo i mbun pinn. Níl aon teorainn le réimse na 'scalanna' seo do réir thuiscint an údair féin:

*Siúlann file síos sráid chathrach. Feiceann sé seanbhean i siopa ag cuardach a sparáin súil rud éigin a cheannach; feiceann sé seanfhear ag faire cácaí milse i bhfuinneog; cuimhníonn sé ar an uair a raibh sé mall chun na scoile. .... Scalanna iad seo ..... Táid ag tiocht aige go rialta. Gan sos. Lá i ndiaidh lae, tá scalanna dhá bhualadh. (7)*

Is scéal é 'I gCoinne Coinne', ina bpléitear téama éadrom faoin ghnátheachtra, an sórt eachtra a tharlaíonn i ngach baile mór in Éirinn gach deireadh seachtaine. Is bean shingil í Nóra Ní Chaiside nach raibh fear riamh aici. Bhuail sí le fear oíche amháin agus rinne sé coinne léi go mbuailfidís le chéile in Óstán Chrúis i Luimneach an oíche Shathairn ina dhiaidh sin. Ó bhuail sí le Próteus ta an-athrú tagtha ar mheon Nóra. Léirítear an méid seo i dtagairtí agus i sonraí sa chéad chuid den scéal. Bhí féin-mhuinín faighte aici, mar nuair a shiúil sé thar beirt a bhí ag suirí ar thaobh an bhóthair níor tháinig ceann faoi dá laghad uirthi, rud a thioctadh roimhe seo. Nuair a bhuail sí le fear gránna a raibh cuanna ar iall aige thosnaigh sí ag smaoineamh ar an 'síolbhach mantach' a ghinfeadh fear na gcon. Tá sé le tuiscint go raibh sí ag fantaisíocht ar an síolbhach a ghinfeadh sí féin agus Próteus. Mheas sí go mbeadh sí pósta sar i bhfad:



*Ar tuigeadh go hinstinneach nach mbeadh sí  
singil feasta? Bhí a marc áirid féin ar bhean  
singil fachtas di, marc a raibh críonnacht agus  
triomacht. Triomacht bhriosc ghíoscánach. (Ich. 26)*

Is léir ó na smaointe a ritheann léf go gcreideann sí nach mbeidh an 'marc áirid do-scriosta' uirthi feasta. Is sampla rí-mhaith é sin d'íoróin an údair mar feicimid ag deireadh an scéil gur bhris Próteus an choinne agus gur chaill Nóra a misneach ar fad. Is iontach an cur síos 'Triomacht bhriosc ghíoscánach' ar stáid na mná singile.

Ar an gcéad leathanach úsáideann an t-údar sraith ceisteanna reitriciúla chun dóchas nua Nóra a chur abhaile orainn, cleas liteartha nach n-úsáideann sé go minic:

*Cé chreidfeadh coinne le fear a bheith aici?  
Cé chreidfeadh go raibh tada seachas an  
seanchailleachas i ndán di? An tseancacht  
uafásach sin a d'fhágfadh a broinn gan  
chorraí! Ar ndóigh b'fhéidir nach gcoinneodh  
seisean an coinne? (Ich. 24)*

Úsáidtear sraith eile de cheisteanna reitriciúla chun corraitheacht Nóra a léiriú agus í ag feitheamh leis taobh amuigh den óstán. Éiríonn leis an údar an dá mhothú a chur abhaile orainn leis na ceisteanna.

Ta gluaiseacht an-mhall le sonrú ag tús an scéil. An chúis atá leis sin ná go bhfuil Breathnach ag déanamh cur síos ar an dúlra chun atmasféar an dóchais a chruthú. Tugtar cur síos ar na bachlóga nua, ar an éanlaith agus ar na gamhna atá ag iníor sna páirceanna. Is siombail é an dúlra den dóchas nua atá ag borradh taobh istigh de Nóra. Deir sé ansin go bhfuil baol ann go maródh an sioc na bachlóga nua. Arís is siombail-fhocal é an sioc den fhórsa a mharódh an dóchas nua. Ag deireadh an scéil tá Nóra fós ag feitheamh:

*Sheas sí go haonaránach ar leacracha fuara  
chéimeanna an óstáin.*

**(lch. 29)**

Seasann na 'céimeanna fuara' don saol uaigneach atá i ndán dí arís. Mar sin, is léir ón scéal go bhfuil ardchumas i mBreathnach chun siombalachas agus íoróin a úsáid go cliste ábalta.

Dírítear ár n-aire ar aigne Nóra agus í ag feitheamh go neirbhíseach corraitheach taobh amuigh den óstán. Mheas sí go raibh ainm an-rómánsúil ag Próteus. Is léir go raibh meascán d'íoróin, ghreann agus rómánsúlacht i geist ag Pádraic Breathnach nuair a chum sé an t-ainm. Mar a chonaiceamar cheana is nós leis ainmneacha neamhghnáthacha a chumadh. Tá greann sa mhéid gur phioc sé ainm Gréagach don fhear seo as cathair Luimní agus gur Dia é Próteus i miotaseolaíocht na Gréige. Tá 'íoróin' ann sa mhéid is go raibh bua na fáistine ag Próteus agus go raibh sé in ann cló ar bith a chur air féin am ar bith. Dar ndóigh, tháinig cló nua ar an bPróteus seo in aigne Nóra roimh dheireadh na hoíche. Ní féidir a shéanadh ná gur ainm rómánsúil freisin é.

Tá plota an scéil seo an-chosúil le plota 'Bean Aonair' (B.A.), scéal a pléadh i gCaibidil II. Tá an bheirt phríomhcharachtar, Siobhán Ní Chléirigh agus Nóra Ní Chaiside, an-chosúil le chéile mar is beirt bhan iad a bhfuil grá ag teastáil go géar uathu. Tá an bheirt bhan saonta mar creideann siad beirt go bhfuil grá faighte acu tar éis bualadh leis an mbeirt fhear aon uair amháin. Theip glan ar Nóra caidreamh a bhunú agus tá sé le tuiscint gur bheag seans a bhí ag Siobhán Ní Chléirigh caidreamh sásúil a bhunú le Peadar. Is léir ó ábhar an dá scéal gur spéis le Breathnach aigne chorraithe na mná a bhfuil grá ag teastáil go géar uathu a léiriú. Éiríonn leis é sin a dhéanamh sa dá chás thuas luaite tríd an fócas a dhíriú ar an aigne, agus na smaointe agus borradh dóchais na mban a léiriú. Tagann feabhas ar fhéin-íomhá agus ar fhéin-mhuinín na beirte ach scriostar

féin-íomhá Nóra ag deireadh an scéil agus tá sé le tuiscint gur beag seans atá ann go gcomhlíonfaidh Peadar an gheallúint atá tugtha aige bualadh le Siobhán.

Cé go ngluaiseann an scéal go mall ag an tús tá aontacht ann trís síos. Mar a chonaiceamar cheana tá na siombailí agus an íoróin antábhachtach i léiriú aigne chéasta Nóra. Tá an friotal díreach simplí. Ní cás leis an údar sofaisticiúlacht stíle a chleachtadh sa scéal áirithe seo.

Mar is gnáth i scéalta Phádraic Bhreathnaigh tá an charachtracht le moladh go mór. Is daoine inchreidte iad Nóra agus Próteus. Tá plé breá éifeachtach déanta aige ar théama éadrom, sé sin téama nach bhfuil sé de dhualgas air ár n-aire a dhíriú ar chruáil agus ar ghránnacht an tsaoil, rud a tháinig i gceist in 'Arraingeach' (L) agus i 'Míthoisc', (L>F). Ní hé sin le rá nach bhfuil aigne Nóra céasta ag deireadh an scéil agus nach mothúcháin dhoimhne atá léirithe ag an údar sa scéal.

### **Tátal**

Scríobh Ristéard Ó Glaisne faoi Phádraic Breathnach sa bhliain 1981:

*..... his work has a raw force. It's frank.  
Things like sex don't frighten him. (8)*

Measaim féin go mbeadh an cur síos sin ar shaothar an Bhreathnaigh an-oiriúnach mar chur síos ar na scéalta a bhfuil anailís déanta agam orthu sa chaibidil seo. Is léir go bhfuil cruáil agus gránnacht an tsaoil léirithe go rí-mhaith ag Breathnach sna scéalta atá pléite agam. Tá an chruáil agus an ghránnacht chéanna le feiceáil sna scéalta ar fad faoin chaidreamh míshásúil idir fir agus mná. Tá dhá scéal aige a

bhaineann le stríopachas 'Oíche i bPigalle', B.P. agus 'Danóib', D.L.D. Is scéal cumasach é 'An Fear Meisce', L>E, faoin lánúin atá ar tí scarúint óna chéile de bharr an ólacháin. Léirítear brúidiúlacht fhisiciúil agus teanga ann go rí-mhaith, agus úsáidtear stíl impriseanaíoch chun léargas a thabhairt dúinn ar fhulaingt na bpáistí.

'Dólás', (I), an t-aon scéal amháin ina léirítear fíor-ghrá idir lánúin phósta. Tá Cáit in aice an bháis de bharr na hailse. Tá aigne an fhir chéile céasta:

*Céard a dhéanfadh sé dá gcaillfi Cáit? .....*  
*Ba leathdhuine fánach gan stiúr é feasta. (lch. 61)*

Thar aon rud eile léiríonn an bhuairt atá ar an bhfear agus an aire atá á tabhairt aige do Cháit chomh láidir is atá an grá eatarthu. Is cinnte go bpléann scríbhneoirí i gcoitinne agus lucht scannánaíochta an taobh dorcha den nádúr daonna i bhfad níos minicí ná an taobh geal. Gránnacht an tsaoil agus duáilcí an duine a mbíonn á bplé i gcónaí ag John Steinbeck, mar shampla, agus ag Pádraic Ó Conaire agus Máirtín Ó Cadhain sa Ghaeilge freisin. Ní heisceacht é Pádraic Breathnach, mar sin, má scríobhann sé faoi laigí agus duáilcí an duine don chuid is mó.

Léiríonn an chaibidil seo cumas, fiúntas agus éifeacht Bhreathnaigh mar ghearrscéalaí. Léirítear freisin a bhuanna carachtrachta agus íoróine agus é ag cur a scéalta abhaile orainn. Thar aon rud eile, ámh, tá sé soiléir go bhfuil tuiscint aige ar an nádúr daonna agus go bhfuil sé in ann an tuiscint sin a léiriú go hábailta le stíl thaitheamhach éifeachtach.

## CAIBIDIL III

### NÓTAÍ TAGARTHA

1. Irisleabhar Mhá Nuad, 1978, Ich. 81
2. Irisleabhar Mhá Nuad, 1981, Ich. 48
3. An Béal Bocht, Myles na gCopaleen, 1941, Ich. 44
4. Scéala Éireann, 15.01.1981, Redmond O Hanlon
5. Agallamh le Pádraig Ó Síoda, 21.01.91
6. Dúil, Liam Ó Flaithearta, 1953, Ich. 115-127
7. Irisleabhar Mhá Nuad, 1981, Ich. 43
8. Sunday Tribune, Risteárd Ó Glaisne, 11.01.1981
9. Mac an tSagairt, Mícheál Ó Conghaile, 1986,  
Cló Iar-Chonnachta

## CAIBIDIL IV

### Cúlra

An Dúlra. muintir na tuaithe. athrú luachra.

Chun cúlra na caibidile seo a léiriú ní mór tagairt a dhéanamh don leabhar a scríobh Pádraig Breathnach ar stair agus béaloideas Mhaigh Cuilinn, Maigh Cuilinn; A Taisc Agus A Tuairisc. 1986. Sna caibidilí tosaigh den leabhar sin tugann sé cuntas cuimsitheach ar stair pholaitiúil agus shóisialta a pharóiste dhúchais. Is léir go bhfuil sé mórtasach as an bparóiste agus as na daoine a chónaíonn ann. Sa leabhar sin léiríonn sé go dtuigeann sé gach gné de shaol na tuaithe chomh maith le meon na ndaoine. Tá caibidil sa leabhar aige faoi dhinnseanchas an pharóiste. Tá cáil ar a ghearrscéalta de bharr an eolais a léiríonn sé ar áitainmneacha.

Tá an t-údar buartha, ámh, toisc go bhfuil saol Mhaigh Cuilinn ag athrú mar a léiríonn sé sa chéad chaibidil:

*Tá an saol i Maigh Cuilinn athraithe go mór ó bhí mise ag fás suas. Ba thír tuaithe amach is amach an t-am úd í; mórbhunáite na ndaoine ag saothrú a mbeatha ar an dtalamh. A gcuid fataí féin acu, a gcuid aráin, a gcuid bainne is a gcuid ime, a gcuid glasraí, a gcuid feola ..... Ag brath ar an siopa atá daoine anois. Is é an dearcadh tionsclaíoch atá i réim. Ag obair sna monarchana is ar oibreacha tógála sa bhaile is i nGaillimh atá na daoine anois.*

(1)

Deir Breathnach freisin go bhfuil díomá agus aiféala air faoi na hathruithe ar na dathanna agus na fuaimeanna sa cheantar:

*Tá athruithe móra, más ea, tagtha ar fhuaimneanna agus ar dhathanna an cheantair ó bhí mise ag fás suas. Tá deireadh tagtha, nach mór, le gnúsacht mhuc, agus tá deireadh, beagnach freisin, le grágáil géabha .....*

(2)

Is léir gurb oth leis go mór go ndeachaigh na daoine

an bealach practiciúil ,

Is léir go raibh meas mor aige ar mhuintir Mhaigh Cuilinn mar a bhí siad i rith a óige:

*Bhí cáil riamh ar mhuintir Mhaigh Cuilinn faoina bhféile agus faoina gcineáltacht. 'Tá an nádúr iontu', a deirtear. Ainneoin bochtanais is crá saolta, chaitheadar saol aerach. Chaitheadar go cúirteiseach le daoine isteach .....*

(3)

Mar a léireofar sa chaibidil seo creideann an t-údar go bhfuil muintir a pharóiste ag cailliúint cuid dá suáilcí agus dá luacha.

Sa chaibidil seo, mar sin, pléifidh mé ceithre scéal a léireoidh tuiscint Phádraic Bhreathnaigh ar an dúlra, ar luacha na ndaoine, ar shaol agus bhánú na tuaithe. Cruthófar arís go bhfuil buanna ar leith stíle agus ealaíne aige agus cruthófar sa chaibidil seo thar aon chaibidil eile ~~do~~ mbíonn 'filíocht phróis' á scríobh aige go minic.

#### **4. A An Phicnic (L)**

Mar a léiríodh i gCaibidil I creideann Pádraic Breathnach i saoirse an ghearrscéalaí agus ní bhacann sé mórán le gnáthrialacha an ghearrscéil. Tá an scéal 'An Phicnic' (L) ar cheann de na scéalta is fearr ina léiríonn sé bua na saoirse sin. Níl plota dá laghad sa scéal. Is 'tour de force' é an scéal seo agus an reacaire ag déanamh cur síos ar áilleacht an dúlra agus na timpeallachta lá breá samhraidh nuair a chuaigh sé féin agus a chlann amach ar phicnic faoin ~~tuath~~.

Léiríonn an t-údar eolas agus tuiscint chuimsitheach ar an dúlra sa scéal ó thús deireadh. Déanann sé cur síos ar bheagnach gach gné

den dúlra. Tráchtann sé ar ainmhithe feirme, ar éanacha, ar na h-éisc, ar pháirceanna barraí, ar chineálacha éagsúla prátaí, ar fhiaifí, ar chrainn, agus ar fhéileacháin . Aithníonn sé gach planda, crann agus feithid. Déanann sé liostáil chuimsitheach ar na cineálacha éagsúla. Léiríonn an scéal seo bua scríbhneoireachta Bhreathnaigh mar ní thuirsíonn an liostáil an léitheoir. In ionad an léitheoir a thuirsiú spreagann sé suim agus fiosracht ann.

Léireoidh an t-alt thíos bua an tabhairt faoi deara agus bua na hinsinte atá ag Breathnach:

*Sna páirceanna bhí beithigh ag iníor; ina luí le ceas: ag canngailt a gcíor; nó i bhfoscadh na gcrann. I bhfoscadh na gcrann bhí an talamh carta ina puiteach le crúba. Bhí cac bó úr is bualtrach tirim ann. Lorgaí na mbeithíoch greanta ar an ngreallach. Chuir cuileoga bearrán ag íbheadh solamair sramaí as cúinní súl, ag cur cigiltí i smutaí ramallacha agus ag péaráca go máguairt. Chroith na beithigh a gcluasa. Chroithedar a gcloigne. Stampáileadar a gcosa. Ar ball le fuadar ceabhar chuirfí fíoch níos mó orthu: lascfaidís a n-eireabaill agus chinnefidís ar rith ..... (Ich. 55)*

Féach an mion chur síos a dhéantar ar ghníomhartha na gcuileoga. Féach freisin an claonadh atá ann ag deireadh an ailt, abairtí gearra cumasacha a úsáid ina bhfuil an chumhacht agus an bhrí sna briathra - 'Chroith', 'Chroithedar', 'Stampáileadar'. Cuireann úsáid abairtí mar sin an scéal 'Glantachán Earraigh' de chuid Mháirtín Uí Chadhain i gcuimhne dúinn. Thaitin an scéal sin agus úsáid na mbriathra ann go mór le Pádraic Breathnach mar a léirigh sé in alt léirmheastóireachta:

*Leagan amach an scéil seo an tréith is suntasaí faoi don tsuil. Cibé cén chasoid atá le déanamh againn faoin scéal ní féidir a shéanadh go mbaineann sé geit asainn. Baineann gan teip sílim. Is rud éicint nua é. Tá beocht sa modh inste nua aige.*

(4)



Is léir gurbh iad na habairtí gearra agus athrá na mbriathra a bhí i gceist ag Breathnach nuair a labhair sé faoi 'modh nua' a bhí ag Máirtín Ó Cadhain. Ní scríobhfadh scríbhneoirí traidisiúnta na Gaeilge cosúil le 'Máire', Pádraig Ó Conaire nó an tAth Peadar Ó Laoighre, abairtí gearra mar a scríobh Ó Cadhain agus Breathnach sna samplaí thuas. Sa scéal seo 'An Phicnic' ní hé buaicphointe an phlota a bhaineann geit asainn ach úsáid chumasach na bhfocal agus na mbriathra.

Léirítear gné eile de stíl an Bhreathnaigh sa scéal seo go paiteanta agus 'sé sin go bhfuil ar a chumas alt a scríobh gan bhriathar gníomhach sa Mhodh Táscach a úsáid:

*Cuilleoga ag spaisteitilt. Seangáin ag fuirse.  
Féileacháin ag princeitilt ó ionad go hionad.  
Féileacháin bhána, féileacháin donna,  
féileacháin bhreaca. Amach is isteach thar  
fhálta leo.*

(Ich. 59)

Éiríonn leis san alt sin beophictiúr taitneamhach de na féileacháin a chur ós ár gcomhair. In altanna eile ní úsáideann sé ach briathar amháin nó dhó agus arís cabhraíonn sé sin chun a theachtaireacht a chur abhaile orainn.

I réamhrá na caibidile seo tráchtadh ar eolas an údair faoi chúrsaí feirmeoireachta agus saol na tuaithe. Tá an t-eolas sin léirithe go forleathan sa scéal seo. Tugann sé liosta de na cineálacha éagsúla prátai ó 'banners' go dtí 'irenes'. Is go héifeachtach a dheineann sé liostáil na mbláthanna fiáine san alt deiridh den scéal

*..... magairlíní an chorraigh agus magairlíní  
meidhreacha, semair bhána is seamair dhearga,  
noiníní bána is lusanna mionla.*

Tá sé chomh heolasach le luibheolaí ar bith. Léiríonn sé freisin go

mbíonn sé buartha faoi chaomhnú na timpeallachta san áit ina dtráchtann sé ar scriosadh an traonaigh, éan atá ag éirí an-ghann sa lá atá inniú ann in Éirinn de bharr modhanna feirmeoireachta nua-aoiseacha.

Ag deireadh an scéil fágtar an léitheoir ag súil le tuilleadh liostála ach tagann críoch obann leis an scéal. Ní locht é sin, áfach, mar tá a dhóthain ráite ag an údar. Is féidir a rá gur gearrscéal tionscnamhach é seo mar is fada é ó leagan amach traidisiúnta an genre, os rud é nach bhfuil piota, príomhcharachtar nó buaicphointe sa scéal. Chun gearrscéal mar sin a chur i bhfeidhm ar an léitheoir ní mór togha na scríobhneoireachta a bheith ann. Níl dabht ná go maireann an gearrscéal seo in aigne an léitheora agus is teist inmholta í sin ar ndóighe.

Is minic a dhéantar comparáid idir Pádraic Breathnach agus Liam Ó Flaithearta mar scríbhneoirí. Deir na criticeoirí faoin mbeirt acu go mbíonn filíocht phróis á scríobh acu araon. Deir Gearóid Denvir faoi Bhreathnach:

*Ach an oiread leis an gladhach roimhe, tá an  
Breathnach i ngrá le focail agus bíonn sé ag  
spraoi go minic leo, á ndiúrnadh agus á slíocadh  
ina gceolmhaireacht sul má scaoileann sé leo;  
agus má bhíonn péire ann scaití a chuirfeadh síos  
ar an mothúchán nó ar an eachtra chéanna, cén  
fáth nach mbainfí gaisneas astu araon mar léargas  
gaisciúil scríbhneora ar a aclaíocht chumasach,  
fiú bhladhmánach, teanga?*

(5)

Níl dabht ar bith ná go léirítear 'léargas gaisciúil' scríbhneora ar a aclaíocht chumasach teanga arís agus arís eile sa scéal seo.

#### 4. B ÚrNollaig Ógh (T)

Thar aon chnuasach eile baineann an leabhar gearrscéalta deiridh a scríobh Pádraic Breathnach, 'Ar Na Tamhnacha', leis an tuath agus le muintir na tuaithe. Ta an scéal seo lonnaithe sna tamhnacha, áit éigin i bparóiste Mhaigh Cuilinn. Is scéal é seo ina léirítear an duine, mar a deir Gearóid Denvir,

*..... i dtiún go hiomlán leis féin agus lena thimpeallacht. (6)*

Ní féidir a shéanadh ná go bhfuil carachtair an scéil seo i dtiún go hiomlán lena dtimpeallacht.

Tá filíocht phróis in oscailt an scéil seo agus an t-údar ag cruthú pictiúir de mhaidin lae Oíche Nollag. I lár an chéad ailt cuireann sé áilleacht an radhairc abhaile orainn le trí abairt gearra loma gan bhriathra:

*Brat seaca ar fhéar agus ar crainnte.  
Brat seaca ar ghloine na bhfuinneóg.  
Brat álainn seaca. (Ich. 66)*

Ansin tosaíonn an fhilíocht ag sileadh uaidh ina tuile:

*Ach b'éard ab áille uilig, na deilbheacha blátha  
is planda a bhí deartha ar an ngloine; deartha  
ag an sioc féin nó ag draíodóir ciúin éigin. Ó,  
a Mhaighdean álainn! Céard seo, bileoga,  
brobhanna, lusanna. Bláthanna. Sea, a mhaisce,  
cloigíní gorma i lár an gheimhridh. Nóiníní,  
sabhairciní, seileastram; iad uilig i dtoll a chéile;  
go síochánta umhal i dtoll a chéile: a gcloigine  
cromtha go beannaithe i dtoll a chéile. Glóire do  
Dhia sna harda. (Ich. 66)*

Is sampla maith é sin de shamhlaíocht an údáir, samhlaíocht fhileata. Ta an focal 'draíodóir' an-oiriúnach san alt sin, mar cabhraíonn sé le

fíor-áilleacht agus mistéir an radhairc a léiriú. Arís ní chailleann sé deis a chuid eolas luibheolaíochta a chur in iúl leis an liosta bláthanna a thugann sé dúinn. Mar is gnáth ní thuirsióinn an liostáil sin an léitheoir.

Léiríonn piota an scéil an saol mar a bhí i Maigh Cuilinn in óige an údair. Léirítear iad mar dhaoine sona goilliúnacha a bhí i dtiún lena dtimpeallacht. Ba chuma leo go mbéarfaí an chráin sa phóirse i gcúl an tí. Níl rian den ghaileamaisíocht ag baint leo. Bhíodar ríméadach nuair a rugadh dá bhanbh déag beo. Insítear an scéal sa chéad phearsa agus is léir gurb é Pádraic Breathnach féin an buachaill óg atá mar phríomh-chara<sup>k</sup>ctar an scéil. Cuireadh iachall ar an mbuachaill óg dul go teach a shean-athar cé go raibh Oíche Nollag ann agus go raibh sé ag súil le Deaide na Nollag. Ní dhearna na tuistí faillí ar an mbronntanas Nollag a chur go dtí an buachaill óg i dteach an tsean-athar. Léiríonn Breathnach duáilcí na ndaoine ina cheantar dúchais go minic ina chuid scéalta, ach sa scéal seo níl ach suáilcí na ndaoine le sonrú. Tá an pictiúr atá deartha aige réalaíoch agus inchreidte.

Deir Pádraig Breathnach féin

*Tá mé an-tugtha d'áitainmneacha.*

*..... Níor chum mé áitainm riamh.*

(7)

Ní chailleann sé deis ariamh liosta áitainmneacha a scríobh. Is léir go mbíonn sé ag cur in iúl go bhfuil ceol agus filíocht le sonrú i logainmneacha. Sa scéal seo ríomhann sé liosta de na hainmneacha is fileata agus is ceolmhaire i bparóiste Mhaigh Cuilinn:

*Bhíodar thiar i nDoire Thoire, sna hArdoiriú,  
i Leitir, in Eagual. .... Iad aniar as Eagual, as  
Och Muc, as Dún Dubh; iad anoir as Tulach  
na nuan, as Sliabh an Aonaigh, as Fionnasclainn,  
ag triall ar an Aifreann beannaithe i séipéal Mhaigh  
Cuilinn. (Ich. 71)*

Deir Gearóid Denvir:

*Gné bhunúsach den tuiscint seo ón tús i saothar  
Phádraic Bhreathnaigh is ea an chaoi a n-airíonn  
na daoine seo ar a gcompórd leis an dúlra féin  
agus is minic reacaireacht na logainmneacha ina  
dlúthchuid den bhraistint seo .....*

(8)

Is é an scéal seo an t-aon cheann ina bhfuil dinnseanchais scríofa ag Breathnach. Ag deireadh an scéil insíonn an seanathair don bhuachaill óg mar a fuair 'Abhainn Fhióige' a hainm. Fuair lánúin óg, Fia agus Óige, bás go hóg agus bhrúisc dhá uarán uisce aníos as an leargán sléibhe ina rabhadar curtha. Is scéal taitheamhach é agus tá sé léirithe go hinniúil ag Breathnach. Is léir gur eascair an scéal seo as foinse dhomhain an bhéaloidis a bhí le fáil go forleathan i Maigh Cuilinn in óige an údair.

Stíl fhileata fhoclach atá le sonrú sa scéal seo. Cruthaíonn sé roinnt pictiúr áille, mar shampla, pictiúr an tseaca ar an bhfuinneog sa chéad alt agus pictiúr an locha i lár an scéil. Ní gá dó ciútaí liteartha a úsáid chun an scéal seo a chur abhaile orainn. Braitheann feabhas an scéil ar an mbua atá ag Breathnach focal-phictiúir áille a chruthú. mar a deir sé féin

*Bím ag cruthú pictiúir de rudaí a labhraíonn  
liom agus a thaitníonn liom. Ní phléim fadhbanna  
sóisialta mórán.*

(9)

Is scéal cumasach é seo a théann i bhfeidhm go mor ar an léitheoir agus a fhanann ina chuimhne. Ní haon ionadh go n-admhaíonn an t-údar féin gurb é ceann de na scéalta is cumasaí a scríobh sé. (10)

#### 4. C Fuacht is Fuaire (L>F)

Bíonn bánú na tuaithe go minic mar théama i ngearrscéalta Phádraic Bhreathnaigh. Tá an scéal seo, 'Fuacht is Fuaire', ar cheann de na scéalta is fearr ina léiríonn Breathnach a chumas scríbhneoireachta. Níl an plota ró-chasta. Téann Roibeárd ar cuairt go dtí Méiní agus Peadar, deartháir agus deirfiúr, agus tugann sé a ghléas taifeadtha leis chun taifeadadh a dhéanamh ar scéalta na beirte. Nuair a shroicheann sé an teach faigheann sé Peadar sínte breoite ar an leaba agus Méiní ar a dícheall chun aire a thabhairt dó. Tá sé le tuiscint go raibh leath-chois san uaigh ag an mbeirt acu.

Tá sé soiléir go mbeidh an teach, nach raibh tógtha le fada, bánaithe sar i bhfad. Is léir go gcuireann bánú na tuaithe as go mór don údar mar pléann sé an téama i roinnt mhaith scéalta, mar shampla, 'Na Déithe Luachmhara Deiridh' (D.L.D.) agus 'Móire Mheirtneach' (L). Is siombail í an gléas taifeadta. Tá an t-údar ag iarraidh cuid de tsean saol a chaomhnú tré ghuth na beirte a chur ar téip. Chaith an t-údar a lán ama ag dul ar cuairt go dtí na seandaoine timpeall Mhaigh Cuilinn agus is dócha go bhfuil an scéal seo bunaithe ar a thaithí féin. An tsiombail is éifeachtaí a chruthaíonn sé sa scéal seo ná an ceann faoi na tithe:

*Bhreathnaigh sé an seanteach. Chuimhnigh:  
bhí lá ann nuair ba theach gleoite an seanteach  
lofa seo. Cluthar, teolaí. Ceann tuí. .... Pabsaethe  
sa gháirdín beag. Iad ar áilleacht. (Ich. 7)*

B'shin mar a bhí an seanteach tráth. Anois:

*Bánaíodh agus ligeadh dó lobhadh. Clascannaí  
sa tuí. Neantóga. Péisteacha. Loin. ....  
..... Aoileach anuas ar urláir, ar thinteáin, ar  
chlúideanna. Frámaí leapacha .... (Ich. 7)*

Dar ndóigh thóg Peadar agus Méiní teach nua:

*An teach nua ina bhloc dalba. Lom, nocht, i  
lár gharraí aimhréidh sléimeach. .... É fásta  
go héagruthach, dréimire stroighne go dtína  
dhoras. (lch. 7)*

Seasann cuimhní an údair faoin sheanteach ceann tuí do shonas agus dea-luacha na sean laethanta. Seasann an teach nua lom nocht, go héifeachtach don saol nua a bhí tagtha, don éadóchas agus don bhánú a bhí le teacht sar i bhfad.

Briseann guth an údair amach tríd an scéal in áiteanna, go háirithe maidir le luacha an lae inniu:

*Comharsa? Nárbh é an saol a bhí athraithe.  
Bhí tráth ann má bhí bó tinn ar an mbaile go  
dtiocfadh an baile ar fad dhá fhiafraí ach  
dheamhan a dtiocfaidís ag fiafraí an duine  
anois. (lch. 3, 4)*

Ní féidir a shéanadh gurb ionsaí fíocmhar é sin ag Breathnach ar dhearcadh na ndaoine faoin tuath in Éirinn sa cheathrú dheiridh den fhichiú haois. Siombail inniúil eile a úsáideann sé ná na canaí aráin. Réitigh Méiní tae dó agus thug canaí tiubha builín do Roibeárd:

*Tiubh giocach. Gungaideach. B'fhada ó  
chonaic sé a leithéide cheana. Ó bhí sé  
ina ghasúr. Ba ghnách lena mháthair canaí  
tiubha a ghearradh nuair a bhíodar an-óg  
ach d'éirigh sí niba shofaisticiúla leis an saol  
..... larsma. Dia go deo leis an seansaol.*

Arís is siombail éifeachtach í ina bhfuil rian den íoróin agus den tsearbhas le brath. Tá sé le tuiscint gur beag an maitheas atá déanta ag an tsofaisticiúlacht nua do na daoine. Dar ndóigh, seasann na canaí tiubha do fhiúntas agus maitheas luacha an tseansaoil.

Don chuid is mó is stíl lom gan ornáid atá in úsáid ag Breathnach anseo. Is beag aidiacht a úsáideann sé. Seo í an tslí a thosaíonn sé ar an gcur síos ar an oíche agus Roibéard ag fágaint an tí:

*Gealach. Calor-gas. Sioc. Talamh, tír  
agus cloch. Súilíní searca. Suilíní  
eibhir ag spréachadh.*

Fágtar na briathra ar lár ar fad sa ghiota sin. Tá trí abairt nach bhfuil iontu ach focal amháin. Cabhraíonn gontacht na stíle sin le cumas na hinsinte. Baineann na habairtí fíor-ghearra geit asainn. Béiceann na focail 'gealach', 'Seisce', agus 'Sioc' linn. Léirítear gontacht sa chomhrá freisin:

*'Go ngnóthaí Dia dhaoibh anois', ar sé.  
'Go mba hé dhuit agus go raibh míle maith agat  
fan chuile shórt.'  
'Ara cén.'  
'B'fhéidir go dtiocfaidh tú aríst'.  
'Tiocfaidh mé, le cúnamh Dé.'  
'Le cúnamh Dé, cén uair a thioctas tú?'  
'An chéad uair eile ag baile mé.'*

Leanann an comhrá ar aghaidh mar sin ar feadh tamaill eile. Tá éadochas Mhéiní agus Roibéard le brath i ngontacht agus i loime an chomhrá.

Tá cuid amháin den phlota nach bhfuil sásúil. Nuair a chuaigh Roibéard go dtí an carr tar éis fágáil an tí chonaic sé go raibh sioc ina ghréasán ar an scáthghloine. Mheas sé go mbeadh Méiní ar a dícheall ag coimeád teasa i leaba Pheadair tré uisce a chur sna buidéal ruibéir. In áirde leis ar an gcarr agus rinne sé mún te ar an scáthghloine. Níl sé sin inchreidte agus tógann sé ó fheabhas an scéil seo. Tá claonadh i mBreathnach bheith ag caint faoin mhún go minic, mar shampla i 'Buicéad Poitín', (B.P.) agus i 'An Fear Meisce', (L>E). San alt 'An Coimpléacs Priompallánach', a scríobh Tadhg Ó Dúshláine sa bhliain 1987, cháin sé Breathnach go géar toisc gur



dhein sé mionainilís ..... ar ghníomhaíocht scateolaíoch an choirp'. Cáineann sé é níos géire nuair a deir sé nach gá 'reductio ad absurdum' a dhéanamh ar Mhaidhc Learai a bhí ag mún sa scéal, 'Buicéad Poitln': (11)

*D'aithin mé an fear a bhí ag déanamh an mhúin  
- Maidhc Learaí as Liagán ..... Bhí sé ag mún fós  
nuair a tháinig mé amach arís. A raibh de  
shioscarnach uaidh d'fhiafraigh mé díom féin  
arbh amhlaidh a bhí buacaire uisce casta ar  
siúl aige, ach ansin d'airigh mé sruthán caol ag  
sníomh trasna na sráide, cúr ar a thosach. Ba  
Mhún é cinnte. Ba gheall le strealladóireacht  
bhó é ach go mba thanaí. (Ich. 133)*

Níl dabht ná gur 'reductio ad absurdum' atá sa ghiota thuas. Cé nach dtéann sé chomh fada san sa scéal seo tá sé soiléir go bhfuil claonadh ann an iomarca cainte a dhéanamh faoin mhún agus go dtógann sé sin ó mhaitheas an scéil uaireanta.

Is léir go bhfuil an t-údar buartha faoi bhánú na tuaithe agus faoi na hathruithe atá ag teacht ar luacha na ndaoine. Tríd na scéalta ar fad léiríonn sé a bhuaire go hábailta goilliúnach. Tagann filíocht Mháirtín Uí Dhíreáin i gcuimhne dúinn mar is minic a bhíonn an téama céanna á phlé aige. Chomh maith leis sin tá cosúlachtaí idir chuid de scéalta an údair seo agus leabhar John Healy, 'Nineteen Acres', mar léiríonn an bheirt scríbhneoir an mioneolas atá acu ar shaol agus ar mhuintir na tuaithe agus ar an mbánú uafásach atá i ndán d'an-chuid d'iarthar na hÉireann. (12)

#### 4. D. Cuairt (B.P.)

Baineann an scéal seo leis an gcaidreamh idir muintir na tuaithe agus muintir na cathrach. Tagann an tUas. de Búrca agus a bhean ghalánta ar cuairt go dtí Cáit agus Seamus faoin tuath. Sa chéad alt cruthaíonn an t-údar atmasféar an teannais agus an mhíshuaimhnis nuair a thugann sé ‘an tUas. de Búrca’ ar an gcuairteoir. Leanann sé go dtí deireadh an scéil ag tabhairt an ainm chéanna air. ‘Bean an Bhúrcaigh’ a thugtar ar an mbean.

Sa chéad leathanach cruthaíonn sé pictiúr cruinn soiléir de Cháit:

*Chaith sí cóta sramach salach, agus bróga  
árda ruibéir a raibh greallach úr bó greanta  
go gléineach orthu. Bhí a gruaig stothallach  
..... Rúpach mór mná le héadan dearg al ea  
Cáit gan amhras. Lámha righne crua uirthi.  
Anois labhair sí go caoinbhréagach. (Ich. 31)*

Is cumhachtach an t-ainmfhocal é ‘rúpach’, agus is cumhachtaí fós an aidiacht ‘stothallach’ ag cur síos ar ghruaig Cháit. Dar ndóigh, is bua é sin a léiríonn Pádraic Breathnach go minic. ‘Súmachán’ a thugtar ar Phóilín, an cailín is óige sa teach.

Ní stíl aidiachtach fhoclach atá á húsáid ag an údar anseo. Is é an comhrá a úsáideann sé don chuid is mó chun an teannas agus an míshuaimhneas idir an dá lánúin a léiriú. Ag an tús mheas Cáit go ndéanfadh Séamus amadán de féin sa chomhrá, ach tar éis tamailin thug sí faoi deara go raibh an Búrcach

*dall ar fad ar a dhrochghramadach agus ar a  
chanúint thútach a raibh an Búrcach is a  
bhean á staidéar go líofa go fiú’s dá mbuíochoas. (Ich. 33)*

Léiríonn sé sin go raibh suim ag na Búrcaigh in easpa sofaisticiúlachta Shéamuis agus Cháit.

Bhí an Búrcach ar a dhícheall ag taispeáint go raibh sé eolasach i gcúrsaí feirme, fiú amháin gur bhain sé fiacla as bainbh nuair a bhí sé ina leaid óg. Úsáideann an t-údar an comhrá chun an t-éad a bhí ar Cháit le saol na cathrach a léiriú:

*'Cuirfidh mé geall anois leat go bhfuil brait dheasa ar na hurláir agat?', arsa Cáit.  
'Tá brait againn orthu', arsa Bean an Bhúrcaigh go neamhchúiseach.  
'An bhfuil teas lárnach agaibh, is dóigh go bhfuil?' arsa Cait.  
'Tá', arsa Bean an Bhúrcaigh.  
'Leithreas agus uisce reatha?' arsa Cáit.  
'Leithreas agus uisce reatha!', arsa Bean an Bhúrcaigh.*

Níl dabht ná gur féidir an t-éad a bhí ar Cháit leis an mbean eile a bhrath go soiléir sa ghiota comhrá sin.

Is go cliste a chruthaíonn an t-údar an chodarsnacht idir uailmhian na mBúrcach agus uailmhian Cháit. Ba mhaith leis an mbean ghalánta dul go dtí an Ind an bhliain sin, ach bheadh Cáit sásta dá bhfaigheadh sí seachtain shaoire sa Trá Mhór, áit ar chaith sí féin agus Séamus mí na meala. Tá gaileamaisíocht na mBúrcach léirithe go hinniúil nuair a deir Bean an Bhúrcaigh go raibh gá práinneadh acu leis an dá charr. Bhí dóchas ag Cáit, ámh, go mbeadh carr de shaghas éigin acu féin uair éigin. Tá greann éadrom léirithe áit a dúirt Cáit gur mheas sí gurbh é an 'Majestic Hotel' sa Trá Mhór an t-óstán ba bhreátha ar domhan. Bhí díomá ar Cháit nuair níor chuimhin le Séamus na plandaí áille a bhí taobh istigh de dhoras an óstáin.

Tá carachtracht mhaith curtha i gcrích ag Breathnach sa scéal seo. Tá gaileamaisíocht agus bréagalántacht na mBúrcach léirithe go soiléir. Táid réalafóich agus inchreidte mar is iomaí lánúin sa lá atá inniu ann a bhfuil luacha na mBúrcach acu. Léirítear Séamus mar sclábhaí dian dícheallach d'fheirmeoir. Ach déantar an léiriú is

inniúla ar fad ar Cháit. Uirthisean atá an bríste sa teach. 'Fág ort é', a d'ordaigh Cáit do Shéamus nuair a rinne sé iarracht an carabhat a bhaint de. Rinne sé mar a d'ordaigh sí dó.

Tá sé soiléir go raibh Séamus sásta lena shaol ach ní mar sin a bhí Cáit. Theastaigh carr agus laethanta saoire uaithi agus bhí dóchas aici go bhfaigheadh na hiníonacha, Eithne agus Póilín, oideachas maith. Thaispeán sí cóipleabhair Eithne don Uasal de Búrca ach ba bheag an meas a bhí aige ar a cuid aistí cé nár admhaigh sé é sin. Níl an chuid sin den phlota sásúil. Ar lámh amháin measann Cáit go bhfuil saol acadúil iontach i ndán d'Eithne agus go mbeidh sí ina máistréas scoile. Ar an lámh eile de deir sí nach bhfuil suim dá laghad aici sna téipeanna Fraincise agus go gcaitheann sí an iomarca ama ag suirí le buachaill áitiúil. B'fhéidir go bhfuil sé ag iarraidh a chur in iúl go bhfuil uailmhian Cháit i bhfad níos láidre ná uailmhian Eithne. Níl buaicphointe ag an scéal seo. Tá críoch an scéil an-lag. D'fhéadfaí a rá go dtiteann an piota as a chéile ag an deireadh. Ar éigean a d'fhéadfaí a chreidiúint go ndeachaigh Cáit amach chun na ba a thiomáint isteach agus gur fhág sí Séamus ag caint leis na Búrcaigh sa phárlús, mar bhí eagla uirthi roimhe seo go ndéanfadh Séamus amadán de féin ós chomhair na mBúrcach. Ós rud é go bhfuil scileanna an ghearrscéil go maith ag Breathnach is annamh a bhíonn críoch chomh lag aige agus atá aige anseo.

Níl dabht ná go bhfuil Pádraic Breathnach ag trácht ar ré atá ag imeacht nó imithe ar fad as Éirinn an lae inniú. Níl an chodarsnacht chomh láidir idir muintir na tuaithe agus muintir na cathrach anois. Ní chuireann cuairt mhuintir na cathrach an bhuairt chéanna ar mhuintir na tuaithe sa lá atá inniu ann. Bíonn na luacha agus na huailmhianta céanna ag an dá dhream anois. Ag an am céanna ta an teannas a bhíodh idir muintir na tuaithe agus muintir na cathrach sna sean-laethanta léirithe go maith ag Breathnach sa scéal seo.

## Tátaí

Ocht scéal déag ar fad atá scríofa ag an údar ar an téama seo, níos mó ná mar a scríobh sé ar aon téama eile. Is léir trí na cnuasaigh ar fad go bhfuil ard-mheas agus tuiscint aige ar an dúlra. Spreagann an dúlra é chun dul i mbun filíochta ina chuid phróis, mar atá déanta aige in 'An Phicnic' (L). I mbeagnach gach scéal atá scríofa aige tá alt amháin aige ar a laghad ag déanamh cur síos fileata ar ghné eigin den dúlra.

Don chuid is mó tá na scéalta ar an téama seo bunaithe ar na daoine a raibh aithne ag Breathnach orthu i gceantar Mhaigh Cuilinn. Léiríonn a leabhar, Maigh Cuilinn: A Táisc Agus A Tuairisc (1986), gur thuig sé na daoine go hiomlán agus gur thuig sé gach gné dá saol. Don chuid is mó phléigh mé scéalta a bhaineann le suáilcí mhuintir na tuaithe sa chaibidil seo. Tá scéalta scríofa aige freisin faoi dhuáilcí na ndaoine ina áit dhúchais. Pléann an scéal, 'Na Geataí' (B.P.), mar shampla, an t-aighneas a tharla idir beirt fheirmeoir a bhí ina gcónaí in aon chlós nuair a chuir duine acu geataí ag ceann an bhóthair. Léiríonn an scéal sin cé chomh searbh fíochmhar is a bhíonn an gaol idir chomharsana faoin tuath in Éirinn go minic. Is scéal éifeachtach greannmhar í 'Bainis', (B.A.), ina léirítear cé chomh ciotach míchompórdach is a bhí muintir na tuaithe ag bainis in óstán galánta dhá scor bhliain ó shin. Tá cur síos an-suimiúil sa scéal faoin searmanas leamh marbh a bhí sa séipéal. Nuair a thosnaigh an damhsa tar éis an bhéile mheas Deirdre, an cailín a pósadh, go ndearna sí botún toisc nár phós sí Joe, a bhí mar fhinné ag an mbainis. Fanann Tomás, a fear chéile, ag ól fhad is a bhíonn an damhsa ar siúl. Baintear geit asainn ag deireadh an scéil nuair a insítear dúinn gur phós an lánúin toisc go raibh Deirdre torrach. Tuigeann léitheoir an lae inniu nach raibh aon dul as ag an lánúin ag an am sin in Éirinn.

Is léir óna chnuasaigh ar fad gurb oth leis an údar na hathruithe ar fad atá tar éis tarlú ina cheantar féin. Mar a deir sé i Maigh Cuilinn: A Táisc Agus A Tuairisc (13):

*An lá atá inniu ann is é an corrdhuine i  
gceantar Mhaigh Cuilinn atá ag saothrú  
a cuid talun; is ag tógáil stoic atá sé, sin  
nó ag gabháil don bhainne. (lch. 8)*

Dúirt Pádraic Breathnach liom in agallamh pearsanta:

*Is duine imeallach aonair mé. Táim i gcónaí  
ar an imeall. (14)*

Ní haon ionadh mar sin go scríobhann sé roinnt mhaith scéalta faoin duine aonair ag dul amach ag siúl leis féin san aistreán. An sampla is fearr den tsórt sin scéil ná 'I Sligeachán', (I), áit a ndéanann sé cur síos ar shaoire a chaith sé leis féin i nGarbhchríoch na hAlban. Is léir i gcónaí gur maith leis dathanna, fuaimeanna agus boláí na tuaithe.

Baineann an-chuid de na scéalta is fearr a scríobh Breathnach leis an tuath agus le muintir na tuaithe. Tá sár-eolas agus sár-thuiscint aige ar gach gné de shaol na tuaithe. Ní haon ionadh, mar sin, go bhfuil éifeacht agus fiúntas ag baint leis an gcuid is mó de na scéalta ar an téama seo, agus go bhfuil cáil ar Bhreathnach mar gheall ar an gcaint fhileata a dhéanann sé go minic ar an dúlra. Mar fhocal scoir, measaim go bhféadfaí an méid seo a scríobhadh san Irish Times mar léirmheas ar a chéad leabhar, Bean Aonair agus Scéalta Eile, a rá faoine shaothar ar fad:

*..... tá sé, déarfainn, ar an mbeagán beag ar  
thig leo scríobh go paiteanta as Gaeilge ar  
an dtuaithe agus ar ghnéithe iomadúla shaol  
na tuaithe. (15)*

## CAIBIDIL IV

### NOTAÍ TAGARTHA

1. Maigh Cuilinn: A Táisc Agus A Tuairisc, 1986, lch. 6 & 7
2. Ibid, lch. 7
3. Ibid, lch. 9
4. Irisleabhar Mhá Nuad, 1978, lch. 81.
5. Comhar, Nollaig 1991, Gearóid Denvir, lch. 26
6. Ibid, lch. 27
7. Agallamh le P. Ó Síoda, 21.01.92
8. Comhar, Nollaig 1991, Gearóid Denvir, lch. 27
9. Agallamh le P. Ó Síoda, 21.01.92
10. Ibid,
11. Comhar, Nollaig 1987. Tadhg Ó Dúshláine, lch. 8
12. Nineteen Acres, John Healy, 1984. Muintir Uí Chionnaith
13. Maigh Cuilinn: A Táisc Agus A Tuairisc, Pádraic Breathnach
14. Agallamh pearsanta le P. Ó Síoda 21.01.92
15. The Irish Times. 14.05.74

## CAIBIDIL V

### Cúlra

Tar éis fágáil na hOllscoile do Phádraic Breathnach chaith sé ceithre bliana ag múineadh i meánscoileanna. Ina dhiaidh sin chuaigh sé ag obair i gColáiste Tríú Leibhéil, áit a bhfuil scór bliain caite aige anois mar léachtóir. Ciallaíonn sé sin go bhfuil a shaol ar fad, beagnach, caite aige ag freastal ar scoileanna agus ar choláistí nó ag múineadh iontu. Ní haon ionadh, mar sin, go bhfuil eolas maith aige ar chúrsaí scoile agus coláiste, agus chomh maith leis sin, go bhfuil tuiscint chuimsitheach aige ar aigne agus ar mheon na ndaltaí. Tá an meon sin léirithe go maith aige ina chuid scéalta agus pléifear é i ndá scéal sa chaibidil seo. Tuigeann sé aigne an léachtóra freisin agus pléifear scéal greannmhar amháin atá ag aoradh an léachtóra.

Caithfidh bua an tabhairt faoi deara a bheith ag scríbhneoir ar bith agus is bua é atá go seoigh ag Pádraic Breathnach. Deir sé féin:

*Nuair a théim go cluiche iomána nó peile bím ag breathnú ar an lucht féachana, ar chomh corraitheach is a éiríonn siad i rith an chluiche. (4) (6)*

Léirítear bua an tabhairt faoi deara atá ag Breathnach sa chaibidil seo. Is sna scéalta faoi scoileanna agus faoi pháistí is mó a léiríonn sé féith an ghrinn, féith atá go láidir aige ach nach n-úsáideann sé mórán i roinnt mhaith dá scéalta. Léireofar go dtuigeann sé gach gné de shaol agus de mheon na ndaltaí. Léireofar chomh crua is atá an saol ag múinteoir óg lag. Gan dabht baineann cuid de na scéalta is fearr a scríobh sé le saol na scoile agus an choláiste.



## 5 A. Lá Dána (D.L.D.)

Is cur síos 'par excellence' atá sa scéal seo ar aigne an pháiste scoile. Insíonn Breathnach an scéal sa chéad phearsa agus is dócha go bhfuil sé bunaithe cuid mhaith ar a thaithí féin. Ba ghráin leis an mbuachaill óg seo an scoil. Ba chuma leis cár fhág sé a mhála scoile sa tráthnóna. B'fhuath leis an deachtú a bhíodh ar siúl acu sa scoil. Seo mar a thugann sé cur síos ar an bhfuath a bhí aige don deachtú:

*Maide dealgach draighin na máistréasa ar bharr mo  
chloiginn ba ea é toisc a dhona le litriú is a bhí mé. (lch. 4)*

Is sampla é sin de chumas scríbhneoireachta Phádraic Breathnaigh. Cuireann na focail 'maide dealgach draighin' in iúl chomh cráite is a bhí sé leis an scoil agus chomh mór is a bhí an eagla air roimh an mháistreás.

Sna sean-laethanta bhíodh eagla an domhain ar mhúinteoirí agus ar pháistí roimh na cigirí scoile. Tá sé sin léirithe go maith ag an údar anseo. Nuair a thosnaigh an cigire ag cur ceisteanna mheas an buachaill gurbh é sin 'uair na cinniúna'. Arís deir Breathnach:

*Chuir coimhthíos a uaisleachta scáth orainn. (lch. 5)*

Is é an rud is mó a léiríonn aigne neamhurchóideach an pháiste ná scéal an cháca. Chuir an mháistreás deartháir an bhuachalla go dtí an siopa chun cáca a cheannach don chigire. Leath a shúile ar an bpríomhcharachtar nuair a chonaic sé an mháistreás ag gearradh an cháca:

*Dá mbeinn i mo chigire gheobhainn cácaí mar é seo,  
gearrtha go taithneamh mar a gearradh an ceann seo.  
B'fhéidir go mbeinn i mo chigire, bhí cogar ag lúitéis  
liom. Ansin bheinn feistithe go huasal, mála leathair  
agam, agus filltíní snasta feiceálacha ar mo bhríste.  
Sea, agus bhéinn ag placadh cácaí milse ar scoil ..... (lch. 6)*

Ba dheacair an giota sin thuas a shárú mar ghiota ag léiriú aigne an pháiste. Taobh istigh de chúpla nóiméad d'athraigh an eagle a bhí air roimh an chigire go dtí an t-éad a bhí air leis de bharr an cháca.

Tá an greann le fáil go forleathan sa scéal seo. Chuir na filltíní a bhí ar bhríste an chigire as go mór don bhuachaill:

*Filltíní a bhríste. Ba fhilltíní rídhíreacha ríchearta iad seo, ar dhá osán a bhríste. Faobhar ceart géar, ar aghaidh is ar gcúl. .... Murach m'áird mhór ar fhilltíní a bhríste bheinn féin go lag trína chéile, ach bhíos méid áirid faoi cheo acu seo ab iad go cinnte na filltíní ba shuntasáí dá bhfaca mé riamh.*

Faighim locht ar Phádraic Breathnach toisc nach léiríonn sé mórán grinn ina chuid gearrscéalta. Cruthaíonn an scéal seo go bhfuil féith an ghrinn aige nuair is mian leis é a úsáid. Is suimiúil an rud é go bhfuil sé in ann greann chomh láidir a chruthú as rud chomh simplí, bunúsach le filltíní bhríste.

Ní chruthaítear pictiúr ró-thaithneamhach den mháistreás scoile sa scéal seo. Is léir gur máistreás chrosta chantalach threallúsach í. Nuair a bhug an buachaill bláthanna di rud <sup>o</sup> sí orthu agus chaith sí iad isteach sa tine. Ansin thóg sí amach ceann dá cuid slatacha agus bhuaill dhá pholltóg leis an tslat air. Deartar pictiúr éifeachtach anseo de mháistreás scoile den tsean-déanamh, a choimeád smacht sa scoil leis an láimh láidir agus nár thuill mórán measa ó na daltaí. Thug sí leis don bhuachaill, ámh, é féin a shábháil ós chomhair an chigire mar d'inis sí don chigire faoin ngiorria a bhí ceaptha aige sa tsúil ribe.

Ag deireadh an lae léirigh an cigire gurbh fhear cneasta lán de dhaonnacht é. Nuair a fuair sé leid ón mháistreás thosnaigh sé ag ceistiú an bhuachalla faoi na h-ainmhithe fiáine agus na héisc. Léirigh an cigire gur thuig sé an dúlra agus gur thuig sé meon an

pháiste scoile. Chuir sé an buachaill ar a shuaimhneas agus bhí áthas an domhain air go raibh meas ag an mbuachaill óg ar a thimpeallacht féin. Mheas an buachaill gur laoch ab ea an cigire nuair a bhronn sé réal air.

Ní chailleann Pádraic Breathnach deis riamh chun labhairt faoin dúlra. Is iomaí tagairt a dhéanann sé don dúlra sa scéal seo. Tráchtann sé ar na bláthanna fiáine agus ar na hainmhithe fiáine agus na héisc. Is minic a thráchtann sé ina chuid scéalta ar na préacháin. Deir sé anseo:

*Ba ribhreá liom glór préachain. Ba bheag glór  
ba bhinne ná é fachthas dom. Cá! Cá! Cá!*

Is suimiúil an rud é go dtráchtann sé ar 'Cá! Cá! Cá!' na bpréachán sa scéal 'Tá Tá' (L) a pléadh i gCaibidil II. Is léir gur guth Phádraic Bhreathnaigh atá ag labhairt anseo agus go raibh sé faoi dhraíocht ag na préacháin.

Tá leagan amach traidisiúnta coinbhinsiúnach ag plota an scéil seo. Sroictear buaicphointe an scéil nuair a thosnaíonn an cigire ag ceistiú an bhuachalla faoin ngiorria a bhí ceaptha sa dol aige. Stíl lom dhíreach neamhornáideach a chleachtaíonn an t-údar anseo. Gluaiseann an reacaireacht ar aghaidh le rithim nádúrtha na scéalaíochta.

Sé scéal ar fad atá scríofa ag Breathnach faoi pháistí. Ina measc san tá 'Tadpoles, (B.A.) scéal taitheamhach faoi bheirt bhuachaill óg a bhí ag caitheamh saoire lena seanmháthair faoin tuath. Páiste óg atá ag dul ar scoil don chéad uair atá mar reacaire sa scéal 'Óige' (L>E). 'Fear mór' a bhí ann ar maidin ina aigne féin, ach ní raibh ann ach 'buachaill beag' ag am lóin. In 'An t-Aonach' (B.A.) insítear dúinn faoin gcéad lá a chuaigh an buachaill óg tuaithe go dtí an t-aonach agus é ag tiomáint na mbodóg. Is léir ó na scéalta seo ar fad faoi

pháistí go mbaineann Pádraic Breathnach taitneamh agus greann as a gcomhlúadar. Baineann an t-aon úrscéal amháin atá scríofa aige, 'Gróga Cloch'. 1990, le saol an pháiste. Léirítear óige an pháiste tré shúile an pháiste féin. (1)

Maireann an scéal seo 'Lá Dána' go daingean in aigne an léitheora. Léirítear meon an pháiste scoile go paiteanta, chomh maith le cumas scríbhneoireachta agus tabhairt faoi deara Phádraic Breathnaigh. Tá sé seo ar cheann de na scéalta a thuilleann gradam an mhórscríbhneora dó, dar liom. Ní haon ionadh é, mar sin, go gcreideann Breathnach féin gurb é seo an gearrscéal is fearr atá scríofa aige. (2)

### **5 B. An Réiteach (B.A.)**

Pléann an scéal seo saol cráite uafásach an mhúinteora óig, an Máistir Mac Craith. Ní raibh an fear seo in ann a chuid ranganna a smachtú agus bhí an scéal ag dul chun donais gach uile lá. Dearann Breathnach roinnt bheo-phictiúr soiléire anseo den chireib agus den challán a bhíodh ar siúl ina ranganna Laidine. Uair amháin nuair a bhí an Máistir Mac Craith ag múineadh Cicero thóg bligeárd amháin pictiúr de bhean nocht amach as a mhála. Lig an Máistir béic as leis agus d'ordaigh dó é a chur ar ais sa mhála. Sar a chuir sé thar n-ais é phóg sé an pictiúr agus, dar ndóigh, phléasc an rang amach ag gáire. Níl dabht ná go ndeartear pictiúr den Mháistir Mac Craith mar staicín áiféise ós chomhair an ranga. Uair eile nuair a bhí sé ag iarraidh an rang a chiúnú d'fhógair fear báire eile don rang cead cainte a thabhairt don Mháistir ós rud é

*..... gur daonlathas atá againn anseo.*

Is buirleisc atá ansin mar íslítear an Máistir go dtí leibhéal na ndaltaí nó, b'fhéidir faoi bhun leibhéal na ndaltaí.

Léiríonn Pádraig Breathnach anseo a mháistreacht ar aigne chéasta chráite a léiriú. D'inis sé bréag do Dhéan na scoile nuair a dúirt sé nach raibh ach rang 6A ag tabhairt trioblóide dó. Bhí dhá ghuth ag labhairt ina chloigeann:

*Rith sé leis gur chóir an fhírinne a insint. Ach ní fhéadfadh. Bhí an fhírinne ró-uafásach. Thosaigh an chroí ag maistriú a fhola níos téinne go dtí go raibh caor dhearg déanta dá éadan aige. D'airigh sé a chloigeann trom agus a shúile ag dó sna logainn. 'Inis dó! Inis dó!', bhí guth ann ag labhairt. 'Ná hínis! Ná hínis!', labhair guth eile. Tá an fhírinne ró-uafásach ..... Caillfidh tú do phost.' (lch. 66)*

Léiríonn ráiteas mar

*Thosnaigh a chroí ag maistriú a fhola .....*

an bua atá ag Breathnach an focal nó na focail chuí a roghnú chun a smaoineamh a chur in iúl. Is ciúta liteartha é an 'dá ghuth' a théann siar go dtí sean litríocht na Gréige agus úsáidtear é go hinniúil sa scéal seo chun crá intinne an Mháistir a léiriú.

'Muga Magaidh' an leasainm a thug na daltaí ar an Mháistir Mac Craith. Is sampla é sin den chlaonadh atá san údar bheith ag imirt le focail. Níl dabht ná go raibh an Máistir ina mhuga magaidh agus go raibh leasainm oiriúnach roghnaithe dó ag na daltaí. Thugadar a theideal iomlán dó nuair a scríobhadar 'Muga Magaidh M.A.' ar bhinse. Ta íoróin sa tslí a labhraíonn an Déin leis na daltaí faoin M.A. a bhí gnóthaithe ag an Máistir Mac Craith. D'fhéadfadh an léitheoir a shamhlú go ndeachaigh an meas a bhí acu air i laghad tar éis é sin a chloisteáil.

Léirítear an Déin mar shagart bréagchráifeach. Is léir nach bhfuil mórán measa ag an údar ar chléirigh mar údarais scoile. Léirítear fímhínteacht an tsagairt nuair a d'fhógair sé do na buachaillí ós comhair an Mháistir:

*Sé mo thuairimse gurb iad na máistrí a dhéanann  
an obair go léir sa choláiste seo. .... Oibríonn an  
Máistir Mac Craith i bhfad ródhian don rang seo .....*  
**(lch. 68-69)**

Is meascán de shearbhas agus d'íoróin atá ansin. Nuair a deir an sagart go raibh an t-ádh leis na daltaí an Máistir Mac Craith a bheith acu mar mhúinteoir agus nuair a thosnaíonn sé ag míniú brí an M.A. tá an t-údar ag úsáid ciúta liteartha na buirlisce. Úsáidtear go hinniúil anseo é chun laige an Mháistir a léiriú. Tá an greann le sonrú tríd an scéal ar fad, ach chaithfeá a admháil go bhfuil sé éasca greann a tharraingt as an téama seo. Feictear pictiúr greannmhar den mháistir i rith an scéil agus é i gcónaí ag iompar a bheart cóipleabhar. Is greannmhar é an téarma 'daonlathas' a thugann an fear báire ar an rang laidine. Bhí ar an Déan piolla a thógaint mar leigheas ar an othras a bhí aige agus d'úsáid sé a fhiacra bréaga chun an piolla a bhriseadh. Nuair a bhí an Máistir ag éirí feargach agus ag iarraidh foláireamh a thabhairt bhéic dalta:

*Maith an fear, abair amach é. (lch. 69)*

Léirítear pictiúr soiléir de challán agus d'fhonóid an ranga. Is pictiúr réalaíoch inchreidte é freisin, mar is iomaí múinteoir óg ar theip glan air rang a smachtú agus a d'éirigh as an múinteoireacht ar deireadh. Tá an droch-mheas céanna ar shagairt mar údarais scoile léirithe ag Breathnach sa scéal 'An Léasadh', (L>E). Sa scéal sin thug Uachtarán na scoile léasadh uafásach do bhuachaill a bhris rialacha na scoile trí phoitín a thabhairt isteach sa scoil le díol. Chuaigh an léasadh chomh mór i bhfeidhm ar an mbuachaill gur éalaigh sé ón scoil gan mhoill. Bhí eagla air go bhfeicfeadh na buachaillí eile marcanna na brúidiúlachta ar a chorp.

Tríd an tráchtas seo tá argóint á dhéanamh go bhfuil tuiscint ag Pádraic Breathnach ar an nádúr daonna. Gné amháin den nádúr daonna is ea go mbíonn daltaí ag teacht i dtír ar mhúinteoirí laga

agus go gcuireann siad brú ar na múinteoirí céanna éirí as an múinteoireacht. Tá nádúr duáilceach an duine léirithe go héifeachtach ag Breathnach sa scéal seo agus fágтар íomhá an éadóchais ós ár gcomhair ag deireadh an scéil agus an Máistir Mac Craith ag fágáil na scoile don uair dheiridh agus na cóipleabhair fós faoina ascaill aige.

Is minic a phléitear cúrsaí scoile i litríocht na Gaeilge ó aimsir Shéamuis Uí Ghrianna i leith. Ceann de na fáthanna atá leis sin ná gurbh iomaí scríbhneoir Gaeilge a bhí ina mhúinteoir lán-aimseartha. Is gearrscéalaí mór le rá é Seán Mac Mathúna sa lá atá inniu ann agus is duine é a d'éirigh as an múinteoireacht. Ina chnuasach Ding, tá scéal aige 'Na Quizmháistrí' a bhaineann le cúrsaí scoile. Is aoir é an scéal ar scoileanna agus ar mhúinteoirí. Tugann sé ainmneacha áiféiseacha ar na múinteoirí uile. Is é Brutus Iscariot an t-ardmháistir, is quizmháistir matamaitice é Suffrinjaysus agus is quizmháistir eile í Iníon Pharnassus. Úsáideann sé an bhluirlisc tríd an scéal ar fad, mar shampla, faoi Chú Chulainn:

*Tóg Cú Chulainn anois. Ceithre throigh go leith a  
bhí sé mar thomhais mé é an chéad lá a tháinig sé  
ar a thricycle. Fírín fústrach dícheallach ba ea é;  
b'éigean do na máistrí arda bheith ar a n-airdeall  
i gcónaí nó gheobhaidís buille smige sa ghabhal.*

(Ich. 82)

Magadh agus scigaitiris ar mhúinteoirí atá an scéal tríd síos. Deirtear go raibh droch-mheas ag Seán Mac Mathúna ar shaol agus ar obail an mhúinteora agus is léir gurb é sin an fáth go bhfuil sé chomh magúil ciniciúil faoi mhúinteoirí sa scéal seo. Is maith le Pádraic Breathnach an mhúinteoireacht agus mar sin níl ciniciúlacht le feiceáil ina scéalta faoi scoileanna agus múinteoirí. Is scéal réalaíoch atá ag Breathnach anseo faoi shaol an mhúinteora óig ach is aoir áiféiseach atá scríofa ag Mac Mathúna.

## 5. C Taomanna agus Taom Eile (L>F)

Tá scór bliain caite ag Pádraic Breathnach mar Léachtóir Coláiste Tríú Leibhéal. Ní haon ionadh, mar sin, go dtuigeann sé saol an choláiste agus na Léachtóirí. Is aoir é an scéal seo ar shaol an Léachtóra. Is é Fiolar Mac an Iolair príomh-charactar an scéil. Is Léachtóir Sinsearach é agus tá sé ag súil go mór go bhfaighfidh sé an post mar Ollamh nuair a rachaidh an tOllamh Máirle Uas. Ó hUascáin amach ar phinsean. Tá samplaí rí-mhaithe sa scéal seo den chlaonadh atá san údar imeartas focal a dhéanamh le hainmneacha daoine. Is ainm magúil é 'Fiolar Mac an Iolair', a chuirfeadh ainm gaiscígh de chuid na Féinne i gcuimhne duit. Tá ainm an Ollaimh níos fonóidí fós. Is duine dúr amaideach é 'uascán' agus is léir nach téarma molta é 'Mairle'. Is tréith uilíoch é i measc aortha an domhain ainmneacha áiféiseacha a bheith ar na daoine atá á n-aoradh.

Tuigtear go bhfuil an chuid is mó den ghreann i scéalta Phádraic Breathnaigh le fáil sna scéalta a bhaineann le scoileanna, coláistí agus páistí. Is scéal fíor-ghreannmhar atá anseo. Tá an plota féin greannmhar mar tá Fiolar ag éirí bréan de shaol agus de choinbhinsiúin an choláiste, agus ba mhaith leis gníomh éigin a dhéanamh a chruthódh

*..... nár róbó é ach fear saor.*

Ag deireadh an scéil d'éirigh leis a ghníomh gaisce a dhéanamh trí chloch a chaitheamh tré lár pána mhór gloine i gClochar na Toirbhirte. Dar ndóigh, tá giotáí grinn tríd an scéal ar fad. Nuair a bhí sé féin agus an tOllamh ag déanamh amach páipéirí scrúduithe mheas Fiolar gurbh é

*an Spiorad Naomh é féin a bhí ag tuirlingt anuas orthu in am seo a ndúchain.*



Roghnaigh sé fuinneog an Chlochair mar mheas sé go mba mheasa ionsaí ar ghnáth-theach toisc go mbeadh sé níos pearsanta. Tar éis an fhuinneog a bhriseadh thug na tiománaithe eile

*bealach gan mhoill dó.*

rud a chruthaíonn gur mheasadar go raibh sé as a mheabhair.

Aoir chumhachtach atá anseo ar shaol an Léachtóra. Deartear pictiúr fonóideach de shaol an mhada bháin a chaitheann na Léachtóirí:

*Idir amanna thagadh cailín freastail isteach nó  
ghabhadh seisean amach ina coinne i gcoinne  
gloine bheag fíona nó gloine seirí nó cupán caife  
nó todóg ..... Seirí, caifé, fíon, todóga. É lán go  
boimbéal ó dhinnéar le feoil, le torthaí, le cácaí  
milse is le cácaí úll. (lch. 104)*

Is sampla é sin den bhuirlisc, ceann de chiútaí láidre an aorthóra. Dar ndóigh, is í an bhuirlisc atá i mbriseadh na fuinneoige freisin mar íslítear Fiolar go dtí leibhéal an ghnáth-choirpigh. Caitheann Fiolar láimhíní i lár an tSamhraidh agus sin sampla eile den áiféis agus den bhuirlisc. Tá Fiolar go mór in éad lena chomh-Léachtóir, Alan Mac an tSaoir. Tá Fiolar cinnte nach bhfaighidh Alan post an Ollaimh. Tá sé in éad leis toisc go bhfuil saoirse ag Alan. Imríonn sé galf agus téann sé ag bádóireacht ina bhád. Ní bhuaireann sé é féin mórán le cúrsaí acadúla. Ní raibh Fiolar riamh i mbád. Úsáideann an t-údar an bád mar shiombail na saoirse. Tagann dúil an-mhór éigialta i bhFiolar dul amach i mbád ar an bhfarraige chun dul i gcontúirt, sé sin, chun a ghníomh gaisce a dhéanamh amuigh ar an bhfarraige.

Is deacair do Bhreathnach scéal a scríobh gan pictiúr den dúlra a chruthú dúinn. Cruthaíonn sé pictiúr gléineach fileata dúinn de thimpeallacht an choláiste:

*An ghrian ag scalladh go meirbh. An féar go cóirithe sa bhfaiche. An crann silíní faoi bhrath eidhinn. Callán cainteach ón phréacháin sna bilí maorga.* (lch. 106)

Feach gur alt gan bhriathar ar bith atá ann chun an pictiúr a chur abhaile orainn. Féach, freisin, go dtagraíonn sé arís do na préacháin.

Níl ach cúig leathanach sa scéal seo. Ní thugann sé cúlra dá laghad dúinn ach tosnaíonn sé láithreach ar reacaireacht an scéil leis an mbeirt fhear ag sclábhaíocht leis na páipéirí scrúduithe i bpárlús an choláiste. Tá aontacht sa scéal mar díríonn an t-údar sinn isteach in aigne an Léachtóra chráite agus fanaimid istigh ann go dtí go mbíonn a ghníomh mor gaisce déanta aige.

An greann agus an aoir an dá bhua is mó atá ag an scéal seo. Mar a chonaiceamar cheana baineann an chuid is mó de ghreann Phádraic Breathnach le scéalta scoile agus coláiste. Tá an-chumas aoire léirithe ag Breathnach agus tá an aoir seo agus an ceann cáiliúil eile a scríobh sé ar ghluaiseachtaí na Gaeilge, 'Comhdháil (L)', i measc na scéalta is fearr a scríobh sé riamh.

#### **5. D Buicéad Poitín B.P.**

Is é seo ceann de na scéalta is mó a thuill cáil do Phádraic Breathnach. Ós rud é go bhfuil caibidil iomlán aige faoi phoitín ina leabhar Maigh Cuilinn: A Táisc Agus A Tairisc. 1986, is léir go raibh páirt mhór ag an bpoitín in eacnamaíocht agus i mbéaloidias an pharóiste. Deir sé linn sa leabhar sin:

*I dtús an chéid seo, ámh, bhí poitín dá dhéanamh go tréan fós i Maigh Cuilinn. Ba bheag baile de bhailte Mhaigh Cuilinn nach raibh an poitín fós dhá dhéanamh ann. I roinnt de na bailte ba stiléirí chuile fhear iontu, nó, ar a laghad ar bith, bhí bealach a dhéanta go paiteanta aige.* (4)

Aisteach go leor, is é seo an t-aon scéal atá scríofa aige a bhfuil páirt lárnach ag an bpoitín ann.

Tá leagan amach traidisiúnta ar an scéal seo. Insíonn an t-údar an scéal sa chéad phearsa agus sroichtear an buaicphointe díreach roimh dheireadh an scéil. Tá gluaiseacht mhall ag an scéal mar tá roinnt taobh-dhrámaí ann. Ar an gcéad leathanach den scéal, mar shampla, tugtar cur síos fada ar an droch-chaidreamh idir an buachaill, laoch an scéil, agus a cholceathair, Róma. Tá taobh-dhráma eile faoin stail atá ag Danann Mharcais agus ceann eile faoi thimpeallacht na Tamhnacha Árda.

Tá piota an scéil bunaithe ar an tsiúlóid a rinne an buachaill agus a uncail, Eoin, trasna na tíre san oíche i lár an Gheimhridh faoi dhéin an phoitín. Bhí cead ag an mbuachaill dul mar bhí a mhuintir ar fad imithe go dtí tigh Shorcha, a aintín, a bhí breoite. Dearann an t-údar codarsnacht an-láidir idir Eoin agus athair an bhuachalla. Maidir leis an uncail deirtí go mba leadaí é agus go raibh an iomarca luí ar fad leis an ól aige. Fear croíúil spóirtiúil a bhí ann,

*.... a théadh amach morán 'chuile oíche ag imirt  
cháirtaí is i mbun scléipe éigin, i leaba a bheith  
adhstraithe ag obair an bhaile. (lch. 132)*

Fear difriúil ar fad a bhí san athair:

*Fear duairc arbh annamh ar fad é ag gáire nó ag  
déanamh spóirt. D'eitigh sé bacaint le siamsa nó  
le pléarácaí d'aon chineál. Obair a bhí uaidh,  
obair i gcónaí. .... Thar rud ar bith eile ní chuirfeadh  
sé suas leo seo a d'ól. Níor mhaith leis chor ar bith  
go ndéanfaí fiú is caint ar an ól. (lch. 131)*

Is léir ón dá ghiota thuas go bhfuil an caractracht ar fheabhas sa scéal seo. Is cumasach an cur síos é

*.... i leaba a bheith adhstraithe ag obair sa bhaile.*

mar ráiteas simplí chun dearcadh Eoin ar an saol a chur abhaile orainn.

Cé go sroichtear buaicphointe roimh dheireadh an scéil nuair a chloiseann an buachaill go bhfuil an t-athair ina alcólach scaoiltear leidí chugainn i rith an scéil faoin alcólachas céanna. Sampla de sin ná an droch-mheas a léiríonn an t-athair do Dhanann nuair a labhraíonn sé faoi cúpla uair le linn an scéil:

*Nimh a dhéanann sé agus ní pointín..... inumar  
muc a dhéanann seisean a chuid stuif lofa,  
múnann sé agus seileann sé isteach ann, ansin  
níonn sé a chosa ann. (lch. 135)*

Cé go bhfeicimid na leidí i rith an scéil baineann an bhuaic geit asainn. Féach chomh lom is atá an abairt tháchachtach -

*..... is alcólach é t'athairse.*

Féach gurbh fhearr an tuiscint a bhí ag an leaid óg ar an téarma 'druncaera' ná ar an téarma 'alcólach'. Is léir gur baineadh geit as an mbuachaill agus chuaigh an droch-scéala i bhfeidhm go mór air. Bhí an buachaill chomh buartha san gur éirigh sé go luath an mhaidin dár gcionn chun na buidéal a ghoid. Thóg sé an mála ina láimh ach tháinig an méid sin uamhain air gur thit an mála as a láimh agus gur éalaih sé isteach arís sa teach. Deir an t-údar gur 'duine éigin a bhí istigh ann' a thug an smaoineamh dó na buidéal a bhriseadh. Braitheann an léitheoir go bhfuil aibíocht tagtha ar an mbuachaill in aon oíche amháin. In aon oíche bhí ceann críonna tagtha ar cholainn óg.

Is annamh a scríobhann Breathnach scéal gan siombalachas a bheith ann. Sa scéal seo is siombail é seanstail Dhanainn Mharcais:

*Ba ríléir cion mór ag m'uncail don ainmhí aosta  
seo. Ba ríléir áthas air go raibh an stail beo ina  
bheatha i gconaí. Ba cheangal milis lena óige é.*

Pictiúr éifeachtach a chuirtear abhaile orainn ná an easpa sláinteachais (hygiene) a bhain le déanamh agus dáileadh an phoitín. Buicéad mor alúmanaim, '*ar nós an chinn do bhleán bó*', a d'úsáid Danann chun an poitín a iompar isteach go dtí an chistin. Níl sé ró-dheacair a shamhlú go raibh easpa sláinteachais ag baint le gach gné den phoitín.

Gaeilge bheo na Gaeltachta atá in úsáid ag Breathnach sa scéal seo. Is beag ornáideachas atá le tabhairt faoi deara. Léiríonn sé saibhreas foclóra mar is gnáth. Mar shampla, tugann sé

*..... scearacháinín.....*

agus

*..... piompalláinín beag nite .....*

ar Róma, an cailín nár thaitin leis. Arís, deir sé faoin gcaillín céanna

*Labhair sí go hudarásach ar nós máistreás scoile,  
agus thug casadh dá cloigeann pilibín go sofaisticiúil.*

Is suimiúil neamhghnáthach an téarma 'cloigeann pilibín' mar chur síos ar cheann chailín óig.

Mar scríbhneoir nach raibh eagla air riamh tabhairt faoi ábhair chonspóideacha nua-aimseartha is suimiúil a fheiscint nár scríobh Breathnach ach dhá scéal ar théama an alcólachais, an ceann seo agus An Fear Meisce (L>E). Admhaíonn sé féin nach bpléann sé fadhbanna sóisialta:

*Ní phléim fadhbanna sóisialta. Scríobhaim faoi  
na rudaí a labhraíonn liom. (5)*

Is féidir an gearrscéal seo a áireamh i measc na scéalta is fearr a scríobhadh sa Ghaeilge le dhá scór bliain anuas. Creideann Pádraic Breathnach féin gur léadh an cnuasach Buicéid Poitín níos forleithne i gConamara ná aon leabhar eile a scríobh sé, agus go ndeachaigh an gearrscéal seo i bhfeidhm go mór ar na daoine a léigh é. (5)

## Tátaí

Tá deich scéal ar fad scríofa ag Pádraic Breathnach ar pháistí, ar scoileanna agus ar choláistí, agus iad scaipithe trí na cnuasaigh ar fad. Léiríonn sé go dtuigeann sé go rí-mhaith aigne an pháiste. Tá bua aige bheith in ann breathnú ar an saol trí shúile an pháiste, bua atá léirithe aige freisin ina aon úrscéal, Gróga Cloch (1990). Is léir go bhfuil taithí aige ar bheith ag caint le páistí, ag éisteacht leo agus á dtabhairt faoi deara. Ós rud é go léirítear níos mó grinn sna scéalta sin is léir go bhfuil bá ar leith aige le páistí.

Ceann de phríomhaidhmeanna an tráchtais seo ná a léiriú go dtuigeann Breathnach an nádúr daonna. Níl dabht ná go dtuigeann sé go seoigh aigne na sagart agus na mná rialta a bhíodh i gceannas ar scoileanna in Éirinn tríd an chuid is mó den aois seo. Is scéal é 'An Léasadh', (L>E), a chuaigh i bhfeidhm go mor ormsa mar chonaic mé féin cupla sampla den bhrúidiúlacht chéanna agus mé ag freastal ar scoil chónaithe sna seascaidí. Tá an ré sin thart, dar ndóigh, ach is iomaí léasadh a fhanann i gcuimhne daoine ón ré sin atá imithe. Níl rian den áibhéal sa chur síos ar an léasadh uafásach a fuair an dalta bocht sa scéal sin. Léirítear fíminíteacht na mná rialta mar údaráis scoile freisin ina scéal 'Tóraíocht Poist', (B.P.). Múinteoir óg ab ea Michelle de Bláca a bhí ag lorg a céad poist. Nuair a shroich sí an scoil i gcomhair an agallaimh bhí na mná rialta ar fad ag iniúchadh Michelle trí na cuirtíní véinéiseacha fhad is a bhí sí ag labhairt leis an tSiúr Veronica, duine a bhí an-chúirtéiseach léi. Ní bhfuair sí an post mar mheas na mná rialta a bhí taobh thiar de na cuirtíní go raibh sí ró-ghiodalach. Is scríbhneoir é Pádraic Breathnach nach luíonn go trom in aon chor ar an Eaglais Chaitliceach in Éirinn nó ar na sagairt, ach léiríonn sé droch-mheas ar na sagairt agus ar na mná rialta mar údaráis scoile. Is léir go bhfuil eolas maith aige ar na daoine sin óna thaithí féin mar dhalta, mar mhúinteoir agus mar léachtóir.

Is iomaí gné den nádúr daonna atá léirithe anseo ag Breathnach sna scéalta áirithe seo, idir fhuath, shaint, éad, ghliceas, fhímhínteacht agus bhrúidiúlacht. Mar is gnáth cuirtear na gnéithe sin abhaile ar an léitheoir go hábailta íogair. Léirítear iontu a bhua samhlaíochta, a bhua chun siombalachais agus a bhua carachtrachta. Bíonn an greann le fáil go flúirseach sna scéalta seo. Tá sé soiléir go dtuigeann sé meon chigirí, dhaltaí, mhuinteoirí agus údaráis scoileanna.

## CAIBIDIL V

### NÓTAÍ TAGARTHA

1. Gróga Cloch, 1990, Pádraic Breathnach
2. Agallamh le Pádraig Ó Síoda, 21.01.92
3. Ding, Seán Mac Mathúna, 1983, Longman, Brún & Nualláin
4. Maigh Cullinn: A Táisc agus a Tuairisc, 1986, lch. 126
5. Agallamh le Pádraig Ó Síoda, 21.01.92
6. *Ibid.*



## CAIBIDIL VI

### 1. Pádraig Breathnach i gcomparáid le scríbhneoirí eile

Nuair a dhéantar comparáid idir Pádraic Breathnach agus gearrscéalaithe Gaeilge an lae inniu ní féidir a shéanadh gurb é Breathnach an gearrscéalaí is bisiúla. Mar a chonaiceamar cheana tá sé chnuasach scéalta foilsithe aige agus beidh an seachtú cnuasach á fhoilsiú aige ar ball. Níl ach cnuasach amháin foilsithe ag an gcuid is mó de na scríbhneoirí a bheidh á bplé agam sa chéad chuid den chaibidil seo.

### **Pádraig Breathnach i gcomparáid le Alan Titley**

Bhí dhá úrscéal, Stiall Fhial Feola agus Méirscrí na Treibhe, foilsithe ag Alan Titley nuair a foilsíodh a chnuasach gearrscéalta Eiriceachtaí agus Scéalta Eile i 1987. Mar a chonaiceamar cheana sa tráchtas seo cumann Breathnach gearrscéalta de réir mar a thagann 'scal' chuige nó de réir mar a labhraíonn 'guth' éigin leis. A mhalairt ar fad de mhodh oibre atá ag Titley. Cuireann sé roimhe 'ba beannaithe' na tíre seo a threascairt agus éiríonn leis don chuid is mó. Cé go bhfuil cúpla aoir scríofa ag Breathnach i roinnt gearrscéalta dá chuid, níor chuir sé roimhe institiúidí na tíre a ionsaí nó sciagathris a dhéanamh orthu.

San alt a scríobh Seán Ó Tuama ar Titley i Comhar (1) léiríonn sé dearcadh Titley ar an saol:

*Iidir an cruthú agus an lá déanach, ní léir go bhfeiceann Alan Titley aon ní fuaimintiúil ná buan sa saol ach cíorthuathail ghrinn is círéib. Aon lorg idéalach ar ghrá, ar fhírinne, ar oideachas, ar shaol iarbháis is é an áiféis a dheireadh. Ní haon ábhar tragóide nó méala é seo, áfach, ach a mhalairt ghlan: is ábhar ceiliúrtha é, ábhar fonóide, ábhar suaircis.*

Feiceann sé ábhar grinn agus ábhar magaidh i ngach rud sa saol agus ní leasc leis duine nó institiúid nó meoin ar bith a ionsaí agus a threascaint ina chuid scéalta. Tá magadh agus greann i dteideal an leabhair seo, fiú amháin. Cé go bhfuil ceithre scéal déag sa leabhar tugann sé 'An Tríú Scéal Déag' ar an scéal deiridh. Bíodh gur Eiriceachtaí Agus Scéalta Eile is ainm den leabhar níl aon scéal dár teideal 'Eiriceachtaí' sa chnuasach.

I gcodarsnacht le scéalta an Bhreathnaigh níl scéalta Titley éasca a léamh. Mar a deir Ó Tuama:

*Fágfaidh sé sin go léir formhór an leabhair seo chomh deacair ag Gaeilgeoirí, b'fhéidir, is atá Ulysses nó Finnegan's Wake féin ag Béarlóirí. (Ich. 17)*

Stíl fhoclach raibhléiseach a chleachtaíonn Titley. Tá sainmhíniú tugtha aige féin ar an raibiléiseachas céanna sa chnuasach seo i 'Scéal Bleachtaireachta', áit a bhfuil sé ag aoradh scríbhneoirí agus lucht critice:

*N'fheadar nárbh é a chuir an téarma 'raibiléiseach' sa chúrsaíocht i measc léitheoirí na Gaeilge ar dtús. Is é an chiall is coitianta a bhaineann daoine as an téarma ná gáirsiúil nó graosta nó rud éigin a bhfuil salachar á leanacht. Tá breall orthu sa mhéid sin. Is í an fhuaimint bhunaidh atá ag an bhfocal raibiléiseach dearcadh áirithe i leith an tsaoil agus an duine; meon a dhéanann muga-maga agus fonóid faoi ghothaí agus bhréag-ghalántacht an duine: éirim a chaitheann droch-mheas ar na hinstitiúidí agus ar na tuairimí is beannaithe agus is naofa atá aige. Aithisíonn sé, ach go háirithe, an tuairim go bhfuil dínit ar bith ag baint le nádúr is le hiompar an duine. Níl sa saol, dar leis an meon seo, ach botúntacht agus áiféis agus amaidí.*

(Ich. 102)

Is léir gur guth Alan Titley atá ag labhairt sa ghiota thuas. Is cinnte

nach ndéarfadh Pádraic Breathnach go deo nach bhfuil dínit ag baint leis an duine mar léiríonn sé dearcadh i bhfad níos dáiríre ar an saol ina chuid scéalta ná mar a léiríonn Titley. Ní dóigh liom go bhfuil Titley dáiríre, ámh, nuair a deir sé nach bhfuil dínit ag an duine. Tá sé soiléir gur maith leis droch-mheas a chaitheamh ar na tuairimí is beannaithe atá ag daoine.

Deir Ó Tuama faoi Titley (3):

*nach pearsana a bhíonn i scéalta Alan Titley ach stíleanna. Dála Joyce, is trí stíleanna difriúla a chleachtadh a chuireann sé teas na daonnachta ina chuid scéalaíochta. Dá réir sin nuair a bhíonn deireadh léite agat ní hiad 'tuairimí' i dtaobh na cruinne a bhíonn curtha abhaile ort, ach 'a mhothú'.*

Is iomaí stíl a chleachtaíonn Titley, ó stíl na Fiannaíochta go dtí stíl an spásthaistil agus ficsin eolaíochta, ó stíl an tseanfhocail go dtí stíl an tSoiscéil. Deir Ó Tuama:

*Sa 'chosmos' Titlíoch tá brí gach ní ó aois an linbh go dtí aois na suirí, ó aois na gaiscíochta go dtí aois a bháis, le fáil sa stíl ina dtráchtar ar an ní áirithe sin.*

(4)

Caithfear a mhíniú ag an bpointe seo go bhfuil eolas an-fhairsing ag Titley ar litríocht na Gaeilge agus ar an litríocht i gcoitinne. Is léir go bhfuil sár-eolas aige ar an tSean-Ghaeilge, ar an bhFiannaíocht, ar scríbhneoirí an Bhéarla agus ar scríbhneoirí idirnáisiúnta cosúil le Chekov agus Milan Kundera. In áiteanna tuirsíonn sé an léitheoir leis an iliomad tagairtí liteartha a dhéanann sé. Tuirsíonn an chlisteacht, an nathaíocht agus an síor-imeartas focal an léitheoir leis.

Tá míniú cuimsitheach tugtha ar an gcnuasach seo ag Siobhán Ní Chléirigh ina tráchtas M.A., Eiriceachtaí agus Scéalta Eile - Saothar Iar-Nua-Aoiseach, (4). Sa saothar sin léiríonn an t-údar gur

scríbhneoir iar-Nua-Aoiseach é Alan Titley. Léiríonn sí go mbaineann scríbhneoirí den aicme sin úsáid as fantaisíocht, miotas, béaloideas, ficsean eolaíochta agus pornagrafaíocht agus go n-úsáideann sise spraoi agus spleodar, íoróin agus scigaithe chun a gcuid tuairimí a chur abhaile ar an léitheoir. Is meascán de fhandaisíocht agus d'fhicsean eolaíochta atá sa scéal 'Oighearaois; Aerís; Arís'. Is scéalta fantaisíochta iad 'An Tuisle Giniúnach', 'An Tríú Scéal Déag' agus 'Cuíorscéal'.

Is sampla 'par excellence' é an scéal 'An Tuisle Giniúnach' de mheon Titley. Léirítear na déithe mar dhream drabhlásach a chruthaigh an domhan agus an duine chun éalú ó shíoraibhneas agus ó shíorleamhas neimhe. Treascraítear dínit an duine agus léirítear freisin gur bhuail an cruthaitheoir bob ar an gcine daonna agus an domhan á chruthú aige. Tá sé soiléir go gcreideann Titley nach bhfuil sa diagacht a mhóran dínit an duine ach áiféis. I 'Scéal Bleachtaireachta' déanann sé magadh agus sciagaithe ar scríbhneoirí, lucht critice, staraithe agus lucht béaloidis. Ní thagann Pádraig Breathnach slán óna pheann géar binibeach:

*Haigh! Ar léith tú an cnuasach is deireanaí  
le Pádraic Breathnach? Ceann na míosa  
seo caite atá i gceist agam, ní raibh deis  
agam ceann na míosa seo a cheannach go  
fóill. Nach diabhalta an mac é! (lch. 82)*

Ní ceart a cheapadh go bhfuil Titley ag cáineadh an Bhreathnaigh sa ghiota sin nó go bhfuil droch-mheas aige ar Breathnach mar scríbhneoir. Dairíre níl sé ach ag magadh faoi, díreach mar a bhíonn sé i gcónaí ag magadh faoi dhaoine agus scríbhneoirí cáiliúla. Sa scéal sin déantar muga-magadh ar fad faoi genre na Pairliminte agus go háirithe faoi Phairlimint Chlainne Tomáis.

## The Disease of the Irish Short Story

Scríobh Titley alt i Hibernia (1980) 'The Disease of the Irish Short Story' inar cháin sé go ginearbeach genre an ghearrscéil mar a bhí sé á chleachtadh in Éirinn. Thosnaigh sé an t-alt mar seo:

*Apologists for the short story are characteristically defensive, touchy and aggressively sensitive. The claims they make are large and ambitious. They need to be since the short story is not widely practised by writers of bold and original imagination, is published only as a duty and is rarely read. It is scarcely mentioned in reputable academic histories of literature and is ignored by the Universities. All this is eminently understandable since the short story is essentially a tertiary form of literature, claustrophobic in form, restrictive in manner and abortive in effect .....*

(5)

Don chuid is mó tá sé ag caint faoi scríbhneoirí an ghearrscéil sa Bhéarla. Chuir sé an chuid is mó den mhilleán ar Frank O Connor agus an leabhar 'The Lonely Voice'. Deir sé:

*O Connor propounded the idea that the Irish had some natural gift for short fiction as distinct from the novel.*

(6)

Is léir gur chreid sé gur fhoirm sheanchaite stóinsithe í foirm an ghearrscéil. Foirm nach raibh ag freastal ar riachtanaisí ár linne a bhí sa ghearrscéal réalach, clasaiceach mar a saothraíodh é i litríocht nua-aoiseach na hEorpa, dar leis. Deir Siobhán Ní Chléirigh gur chreid Titley:

*nach raibh an gearrscéal sa Ghaeilge teanntaithe i ngaiste an réalachais mar go raibh nuafhoirmeacha á tharraingt chuige fein aige; go raibh a phréamhacha á leathadh, á dhoimhniú in ithir na cumadóireachta.*

(7)

Ní cheart an méid a scríobh Titley san alt thuas a ghlacadh ró-dháiríre. Is léir gur bhreathnaigh sé ar Frank O Connor mar “bhó bheannaithe” agus gur bhain sé taitheamh as bheith dá ionsaí. Dar ndóig, dá gcreidfeadh sé gach a scríobh sé san alt ní leanfadh sé ar aghaidh ag saothrú an ghearrscéil. Ag an am céanna is beag den réalachas ata le feiceáil ina ghearrscéalta. Fantaisíocht, aoir, ficsean eolaíochta agus miotas atá le sonrú iontu don chuid is mó.

Tá a bhuanna féin ag Breathnach agus Titley agus is beag cosúlacht atá eatorthu mar ghearrscéalaithe. Cé go bhfuil sé tionscnamhach in áiteanna is scríbhneoir traidisiúnta é Pádraic Breathnach, a bhfuil an-suim aige sa dúlra agus a bhfuil tuiscint mhaith aige ar an nádúr daonna. Is scríbhneoir den chéad scoth é Alan Titley, a bhfuil de bhua aige go n-úsáideann sé gach bua scríbhneoireachta go hábailta agus a éiríonn leis ‘ba beannaithe’, institiúidí agus tuairimí an phobail a threascairt. Tá féith an ghrinn le sonrú i ngach leathanach a scríobhann sé, rud nach mbíonn le feiceáil in an-chuid scéalta de bhuid an Bhreathnaigh. Is scríbhneoir ‘intleachtúil’ é Titley agus os rud é go bhfuil an oiread sin tagairtí liteartha, clisteacht agus imeartas focal ina chuid scéalta ta siad do-léite go leor. Dar ndóigh níl suim aige sa dúlra. Is scríbhneoir mothálach é Breathnach, agus toisc go bhfuil siad so-léite tá scéalta an Bhreathnaigh i bhfad níos oiriúnaí don ghnáthléitheoir ná scéalta Titley.

### **Pádraig Ó Cíobháin**

Sa bhliain 1991 foilsíodh Le Gaelaigh, a scríobh Pádraig Ó Cíobháin as Corca Dhuibhne, leabhar ábhal-mhór a bhfuil fiche ‘s a dó scéal agus ceithre chéad go leith leathanach ann. Is leabhar é a chuirfeadh díomá ar an léitheoir dar liom. Is beag carachtracht atá le sonrú sna scéalta. Arís agus arís eile tráchtann an t-údar ar chaidreamh collaí idir lánúna, an chuid is mó acu lánúna nach bhfuil

pósta. Má thagraíonn Pádraic Breathnach do chaidreamh collaí i scéal áirithe bíonn sé mar chuid den phlota ach feictear domsa go gcuireann Ó Cíobháin béim ró-mhór ar an gcollaíocht ar fad.

Pléifidh mé an scéal 'Le Gealaigh' chun mo chuid tuairimí ar Ó Cíobháin a léiriú. Is 'tour de force' é maidir le caint ghraosta agus trácht ar chollaíocht. Insíonn bean an scéal sa chéad phearsa. Is bean meánaosta Éireannach í atá pósta le hEilbhéisach agus tá curtha fúthu acu san Eilbhéis. Ag tús an scéil insíonn sí faoin chéad chaidreamh collaí a dhein sí fadó roimhe sin le fear óg i gcarr taobh amuigh de Chionn tSáile. Bhuail sí le hUli, a fear céile nuair a bhíodar beirt ag obair san Aifric. An chéad oíche a luíodar le chéile thosnaíodar ag comhaireamh na leannán a bhí acu. Níl an plota inchreidte in áiteanna. Labhraíonn an bhean faoin scréach collaí a bhíodh le cloisteáil ag teacht as seomra codiata a tuistí. In áit eile insítear faoi na comhráití a bhíodh ar siúl idir a mháthair agus í féin faoi chúrsaí gnéis:

*Uaireanta eile tharraingíodh sí anuas gnása collaí  
go mbíodh leite aici fúthu. Deireadh sí ná raibh aon  
tseans go ngéillfeadh sí féin ná a glúin don sórt san  
iompair. Ní théadfadh sí í féin agus an fear  
codlatach béal dorais a shamhlú ag déanamh na  
rudaí sin. (Ich. 222)*

An giota is dochreidte ar fad ná an cur síos a thugann sí ar an gcéad uair riamh a fuair sí sásamh collaí. Oíche amháin bhí sí ina suí ar sheanmhaisín níocháin a bhí ar siúl ag an am sin:

*Ba chearr gur bhraitheas mo thóin féin ag corraí thíos  
fúm. Ansin bhí mo bhallaibh ar fad ag corraí agus mé  
ag crónán le sásamh. (Ich. 226)*

Ag deireadh an scéil admhaíonn sí nach féidir léi sásamh an tseanmhaisín níocháin a chur as a ceann. Tá sé le tuiscint go bhfuair sí níos mó sásaimh uaidh ná mar a fuair sí ó aon fhear riamh.

Caithfear a admháil go bhfuil buanna scríbhneoireachta ag Ó Cíobháin. Tá togha na Gaeilge aige maraon le foclóir an-leathan. Tá claonadh ann úsáid a bhaint as focail Bhéarla anseo agus ansiúd:

*Bhí an-bheaind le bheith san Ambassador an oíche sin.* (Ich. 218)

Cabhraíonn focail mar sin le blas fírinneach de Ghaeilge bheo na Gaeltachta a léiriú mar a labhraítear an teanga sa Ghaeltacht sa lá atá inniu ann. Chomh maith leis sin tá bua an chur síos ag Ó Cíobháin. Seo mar a dhéanann sé cur síos ar an Eilbhéis, mar shampla:

*Tá na hoícheanta geal, na laethanta geal agus na daoine féin geal, néata, sciomartha ag a dtuiscintí neamhchlaonta ró-dhíreach ar an saol. Ní chím cíoith. Ní chloisim bréag ná cúlchaint. Ní bholaithim broim.* (Ich. 208)

Úsáideann sé meafar na gealaí go cliste tríd an scéal ar fad. Tá sé mar a bheadh an ghealach ag insint scéal beatha na mná.

Ceann de phríomhaidhmeanna an tráchtais seo is ea a chruthú go bhfuil máistreacht ar an ngearrscéal ag Pádraic Breathnach. Ní thagann Pádraig Ó Cíobháin in aon ghaobhar don mháistreacht sin, ámh. Níl a chuid piotáí sásúil agus níl bua carachtrachta aige. Tuirsíonn na piotáí an léitheoir mar ní chleachtaíonn sé smacht agus gontacht ina chuid scéalta. Is é mo thuairim láidir go léiríonn sé meon an déagóra neamhaibí maidir le cúrsaí collaíochta. Ní scrúdaíonn sé mórán de mhothúcháin an duine. Is léir ó Le Gealaigh nach bhfuil a thréimhse phrintíseachta curtha de aige go hiomlán ag Pádraig Ó Cíobháin.



## Mícheál Ó Conghaile

Is é Mícheál Ó Conghaile an gearrscéalaí is cosúla le Pádraic Breathnach i measc gearrscéalaithe an lae inniu. Cosúil le Breathnach fuinneadh agus fáisceadh é i gConamara. Cosúil le Breathnach bhain sé amach céim M.A. sa Ghaeilge agus d'oibrigh sé ar feadh tamaill mar Léachtóir le Gaeilge. Chomh maith leis sin, tá idir fhillíocht, stair agus ghearrscéalta foilsithe ag an mbeirt acu. Caithfear a admháil, ámh, go bhfuil Ó Conghaile fiche bliain níos óige ná Breathnach agus gur dóiche go dtiocfaidh feabhas mór ar a chuid scríbhneoireachta le himeacht aimsire.

Tagaim go hiomlán le léirmheas Aisling Ní Dhonnchadha i Comhar, áit a deir sí:

*Níl aon amhras orm ná gur scríbhneoir éifeachtach ábalta é Mícheál Ó Conghaile, scríbhneoir a thugann aghaidh ar mhór-réimse mothúchán agus stíl thréan bhríomhar á cleachtadh aige.* (8)

Ceannródaí ab ea Pádraic Breathnach nuair a thosaigh sé ag plé téamaí conspóideacha sa Ghaeilge ag tús na seachtóidí. Nuair a d'fhoilsigh Mícheál Ó Conghaile a chnuasach Mac an tSagairt sa bhliain 1986 bhí maolú tagtha ar an ngné chonspóideach de chuid de na téamaí sin. Mar shampla, pléann sé féinmharú, ceist an ghinmhillte agus póstaí lánúna ag titim as a chéile. Ní bhfuair sé an cáineadh céanna ó na léirmheastóirí agus a fuair Breathnach deich mbliana roimhe.

Scéal cumasach is ea 'An tSacraimint', monalóg ina dtráchtann fear, a bhfuil cliste go dóite ar a phósadh, ar a shaol úafásach míthaitheamhach. Léirítear frustrachas, gairge agus easpa tuisceana an fhir go paiteanta. Tá sé soiléir nár cheart don lánúin

pósadh an chéad lá riamh. Tá íoróin láidir ag deireadh an scéil nuair a fhilleann an fear abhaile agus nuair a fheiceann sé go bhfuil a bhean agus a iníon imithe. Deir sé:

*Imithe tar éis cainteanna an tsagairt ar an  
gcolscaradh. (lch. 40)*

Cuireann an íoróin sin íoróin an Bhreathnaigh i gcuimhne dom. Déantar ceist an ghinmhille a phlé go híogair tuisceanach sa scéal 'Comhaduimhreacha', scéal a bhfuil tagairt déanta agam dó cheana féin i gCaibidil III. Déantar léiriú máistriúil sa scéal sin ar mhothúcháin na lánúine agus Nóra ag feitheamh le ham na coinne in otharlann an ghinmhille i Londain. Scéal cumasach eile is ea 'Féincheist', scéal a léiríonn crá intinne agus mearbhall an tráchtair tar éis bhás a charad. Tá sé cráite toisc nár inis an cara faic dó faoin phlean féinmharuithe a bhí aige agus toisc nár thug sé féin faoi deara an mearbhall a bhí ar a chara:

*Mairg nár inis sé an plean sin dom, má bhí i  
bhfad ina intinn ar chor ar bith. Ba mé an méit  
ab fhearr a bhí aige. D'imir sé cleas orm is bhí  
an bua aige. Ar bhealach éigin bhí sé éasca é  
a mhilleánú. (lch. 18)*

Cuirtear abhaile ar an léitheoir go hábailta chomh corraithe is atá aigne an fhir óig agus é ag macnamh ar fhéinmhárú a charad.

Cosúil le Breathnach is í teanga bheo nádúrtha Chonamara a chleachtaíonn Ó Conghaile. In áiteanna bíonn an teanga graosta garbh, ach de ghnáth oireann an teanga don ócáid. Sampla de sin is ea monológ an fhir sa teach tábhairne agus é ag smaoineamh ar éalú óna bhean chéile:

*Codladh amuigh. Fanacht leis na leaids i  
gceann de na tithe óil. Bleaist piontaí. Ól,  
ceol, craic. Craiceann. Gléaradh craicinn.  
Mná óga fearúil. Blúsanna barraineacha.  
Borradh. Mná óga fisiciúla groíúla a  
cholscarfadh a ngabhal go fonnmhar.....* (Ich. 35)

Tá sé éasca a leithéid de chaint a shamhlú le fear i dteach tábhairne i gConamara óiche ar bith. In áiteanna tá stíl Uí Chonghaile an-chosúil le stíl an Bhreathnaigh. Féach chomh cosúil is atá an giota seo thíos leis an iliomad giota as scéalta an Bhreathnaigh:

*Ach chaithfí caint. Bheadh ina chaint. An  
Liodán cráite céanna. An paidrín páirteach  
céanna ..... Cúig bliana ..... Cúig bliana pósta.  
Croimeasc ..... Adhastar ..... Critheagla  
giodamach. B'shin rud nua. Rud ait. Í siúd.  
Iomrascáil. Ceisteanna. Tuige? Cén fáth .....?*  
(Ich. 33)

Dála an Bhreathnaigh fágтар na briathra ar lár sa ghiota sin chun a theachtaireacht a chur abhaile ar an léitheoir. Thuairimeoinn go ndeachaigh stíl an Bhreathnaigh i bhfeidhm ar Ó Conghaile.

Cosúil le Breathnach tá cumas teanga agus bua an tabhairt faoi deara ar na buanna is mó atá aige. Os rud é nach bhfuil ach an t-aon chnuasach amháin foilsithe ag Ó Conghaile ag an bpointe seo níl an raon céanna téamaí pléite aige agus atá ag Breathnach. Is léir nach spéis le Mícheál Ó Conghaile mionchur síos ar ghnéithe den dúlra, ceann de mhórthréithe cumasacha Phádraic Bhreathnaigh. An t-aon scéal lag atá aige sa chnuasach seo ná 'Mac an tSagairt' fein. Tá an plota míshásúil agus ní dóigh liom go bhfuil sé inchreidte. Pléitear an taobh dorcha den saol tríd an gcnuasach ar fad, idir ghinmhilleadh, fhéinmhárú, bás obann agus phósadh ag titim as a chéile. Is beag aoibhneas atá le sonrú sa leabhar.

Níl dabht ná gur scríbhneoir ábalta taitheamhach é Mícheál Ó Conghaile. Tá a chuid scéalta sá-léite agus oireann siad don ghnáthléitheoir. Tá sé fós mar phrintíseach ag saothrú an ghearrscéil agus níl dabht ná go dtuillfidh sé cáil agus aitheantas mar ghearrscéalaí sa todhchaí.

### Seán Mac Mathúna

Is leabhar é Dina, a foilsíodh sa bhliain 1983, a chuaigh i bhfeidhm go mór ar léitheoirí agus lucht critice araon. Tá an t-údar, Seán Mac Mathúna, níos cosúla le Alan Titley ná le Pádraic Breathnach mar ghearrscéalaí. Mar a deir an léirmheastóir, Caoimhín Mac Giolla Léith, faoi:

*Tá carachtair Mhic Mhathúna ar maos sa choimhthíos doiléir meitifisiciúil atá mar chúlra ag cuid mhaith de 'litríocht chruthaitheach' ár linne agus a shamhlaítear coitianta le cineál éigin eiscachais nó nihileachais rómánsúil. (9)*

Mar sin is léir gur scríbhneoir Iar-Nua-Aoiseach é Mac Mathúna dála Alan Titley. Pléann sé carachtair imeallacha don chuid is mó, carachtair nach samhlófaí mórán 'joie de vivre' leo. Mar a deir Aisling Ní Dhonnchadha:

*Príosúnaigh atá iontu nach mór, iad cuibhrithe teanntaithe ag institiúidí, ag rialacha iompair agus gnáis agus ag roghanna pearsanta agus ag cúinsí míámharacha a saol fein. (10)*

San alt céanna ag Aisling Ní Dhonnchadha tráchtann sí ar na carachtair a bheith 'ar deoraíocht ó fhleá an tsaoil'. Deir sí freisin gur téama seanphléite é téama an uaignis sa ghearrscéal ach nach scéalta le meirg orthu atá scríofa ag Mac Mathúna. An scéal is mó a

thaithin liom sa chnuasach ná 'Tuatha Dé Danann'. Is Bráthair Críostaí éirimiúil muinteartha mácanta é an Bráthair Fearghus. Bhí meas ag gach duine san Ord air mar, mar a dúirt an t-údar féin:

*thug sé íde na ndaoine do na daoine.* (Ich. 25)

Ar ball bhraith sé go raibh easpa éigin ina shaol agus dhein sé iarracht an bhearna a líonadh ar a shlí shaoithiúil féin. Chuaigh sé i muinín shaol na fantaisíochta. Ógbhean a chonaic sé sa tsráid, lá, a spreag é chun machnaimh agus chun fantaisíochta agus a chuir abhaile air a uaigní is a bhí a shaol:

*A Bhráthair Fearghus, tá tú i do dheoraí ó  
fhelá an tsaoil agus is amhlaidh a bheir  
go deo.* (Ich. 31)

Ag deireadh an scéil tá Fearghus imithe as a mheabhair agus é sínte sa leaba in otharlann na mainistreach.

Tá téama an scéil 'Na Droma Fuara' an-chosúil le téama 'Tuatha De Danann'. Is Bráthair Críostaí é Tom Mullins agus is múinteoir Tíreolaíochta é. Is doras éalaithe ó fholús a shaoil é a shuim i gcúrsaí Tíreolaíochta. Is é an National Geographic príomhthaca agus príomhchara Tom Mullins. Is clái cosanta idir é féin agus an saol an iris chéanna. Tá seisean freisin ar deoraíocht ó fhleá an tsaoil. Lá dá raibh Tom ar an trá bhuaile taom croí fear a bhí ag siúl ar an trá. Iarrann sé ar Tom éisteacht lena fhaoistin sula bhfaighidh sé bás. Bhraith Tom folús a shaoil go mór ag an bpointe sin mar

*chun na fírinne a rá níl ionam ach Bráthair.* (Ich. 102)

Roimh dheireadh an scéil tá Tom ag cailliúint suime sa Tíreolaíocht. Mar a deir Aisling Ní Dhonnchadha:

*Tá deireadh aige le laethanta aoibhne Gobi  
óir caithfidh sé aghaidh a thabhair ar fhásach  
a shaoil féin.* (11)

Ba mhúinteoir é Seán Mac Mathúna a d'éirigh as an ngairm chun luí isteach go lánaimseartha le cúrsaí scríbhneoireachta. Sa dá scéal a pléadh thuas is léir tuiscint íogair an údair ar fholús shaol na mBráithre Críostaí.

Is dócha gurb é 'Na Quizmháistrí' an scéal is conspóidí atá scríofa ag Mac Mathúna go dtí seo. Is aoir é ar mhúinteoirí agus ar an gcóras oideachais in Éirinn. Deir Aisling Ní Dhonnchadha faoin scéal seo:

*Scéal máistriúil dodhearmadtha is ea 'Na  
Quizmháistrí', scéal atá ag cur thar maoil le  
sult agus le scléip ach a bhfuil a chuid féin  
den diamhair agus den doircheacht ag  
roinnt leis chomh maith.*

(12)

Baineann an chuid is mó den diamhair le tráchtair an scéil. Tá dhá phearsa ann. Is 'gnáthmhúinteoir' ait é ag tús an scéil ach, sar i bhfad, feicimid an dara persona atá aige agus é teanntaithe i lochta a thí féin. Bhí sé sásta ansin:

*B'fhacthas dom go rabhas in áit shábháilte thuas  
anseo sa lochta mar bhí an saol lán den ghangaid,  
formad agus anró. Bhí díon os mo chionn, sop fúm  
agus greim le n-ithe: cad eile a bheadh uait.* (lch. 94)

Dála Alan Titley, is léir an meon magúil íorónta i scéalta Mhic Mathúna. Féach mar a insíonn sé mar a fuair na Quizmháistrí a bpostanna:

*Cuir i gcás Cerberus: traenáladh é mar  
choimeádaí do phríosún in aice na scoile,  
ach tháinig sé isteach an geata mícheart.* (lch. 81)

Is léir gur spreag inspóráid éigin an t-údar chun an scéal seo a chumadh. Tagaim le tuairim Aisling Ní Dhonnchadha ar an ábhar seo:

*Aoir ar an gcóras oideachais atá i 'Na Quizmháistrí'. Feictear dom go bhfuil a raiteas soiléir féin á dhéanamh ag an údar faoi fhrustrachas múinteoirí a bhfuil teipthe ar a ndóchas agus a ndíograis, ar a bhféinmheas agus a bhféinmhuinín agus a bhraitheann ó thaobh dul chun cinn gairmiúil de gur sáinnithe i 'gcul de sac' atá siad.*

(13)

Scéal fáithchiallach, maraon le haoir chumasach, atá sa scéal, 'Ciot'. Saoirse an ealaíontóra a throideann in aghaidh ortodacsa docht ealaíne, traidisiúin agus móráltachta is ábhar do 'Ciot'. Léirítear go paiteanta an t-ansmacht a shamhlaítear leis an 'gcóras' agus leis an 'traidisiún' sa scéal seo.

Daoine imeallacha ata i bpríomhcharachtair na scéalta seo uile. Deir an léirmheastóir, Caoimhín Mac Giolla Léith, ar an ábhar sin:

*Féiniméan fíorchoitianta, ar ndóigh, i litríocht na haoise seo an spéis san 'absurd', an taitheamh a thugtar don aisteachas mar aon leis an gcomhbhá bráithriúil a bhraitear leis an bpearsa imeallach.*

(14)

Fiú amháin an siciatraí, Malachi de Búrca in 'Homo Institutus', chaith sé a shaol ag dul ar oilithreacht ó institiúid go hinstitiúid. Cé go scríobhann Pádraic Breathnach a lán scéalta ar théama an aonaránachais ní chuireann sé spéis san 'absurd'. Tá réalachas agus inchreidteacht ag baint le beagnach gach carachtar da chuid, rud nach bhfuil fíor in aon chor faoi Mhac Mathúna. Tríd is tríd tá scéalta an Bhreathnaigh níos oiriúnaí don ghnáthléitheoir ná scéalta Mhic Mathúna.

Ní mór a rá gur sár-scríbhneoir é Seán Mac Mathúna. Léiríonn sé togha na Gaeilge agus ardchumas scríbhneoireachta. Deir Aisling Ní Dhonnchadha faoi gur scríbhneoir é:

*go bhfuil spréach, fuaimint agus substaint  
ann.*

(15)

Go dtí seo níl ach cnuasach amháin foilsithe ag Mac Mathúna sa Ghaeilge. In ainneoin chlisteacht, ábaltacht agus íoróin scéalta Mhic Mhathúna is fearr é Pádraig Breathnach mar ghearrscéalaí, dar liom, agus is cinnte gur fusa don ghnáthléitheoir idir thuiscint agus thaitneamh a bhaint as gearrscéalaíocht Phádraic Bhreathnaigh.

### **Mícheál Ó Brolcháin**

Chuir Mícheál Ó Brolcháin dhá chnuasach gearrscéalta amach sna hochtóidí, Laochra, 1983, agus Sráid Sicín, 1986. Tá gach cosúlacht ar a chuid scéalta go raibh sé ag leanúint teoiric Frank O Connor mar gheall ar

*outlawed figures wandering about the  
fringes of society.*

(16)

Feictear domsa gur daoine imeallacha ar fad atá á bplé aige ina chuid scéalta. Deir Pádraig Ó Siadhail, léirmheastóir faoi:

*Ina rídhámhna ar an uaigneas atá Mícheál Ó  
Brolcháin: uaigneas na n-aonarán, na cathrach,  
na n-árasán brocach bídeach is na bpónairí  
fuara.*

(17)

Is íoróineach an teideal é 'Laochra' don chéad chnuasach mar ní laochra atá mar charachtair sna scéalta ach daoine bochta imeallacha. Is é an scéal 'Geiteo' an scéal is cumasaí sa chéad chnuasach, mar léiríonn an scéal sin atmaisféar an amhrais agus na sceimhlitheoireachta atá go forleathan i dTuaisceart na hÉireann in aimsir seo na dtrioblóidí. Don chuid is mó is é aigne bhuartha Néill, príomhcharachtar an scéil, atá á scrúdú tríd an scéal. Sa dá chnuasach pléitear scéal na n-imirceach. Deir Ó Siadhail:



*ach in ionad úsáid a bhaint as an imirce  
chun meonta a scrúdú, is éard atá déanta  
aige cuntais a thabhairt dúinn, cuntais ón  
taobh amuigh, ar imeachtaí na bpearsan.  
Tar éis dúinn na prósaí a léamh is doiligh  
a rá go dtuigimid aigne na ndaoine seo. (18)*

Tagaim le Pádraig Ó Siadhail nuair a deir sé gur sceitsí atá í 'Sráid Sicín' níos mó ná gearrscéalta. Tar éis dom staidéar a dhéanamh ar chnuasaigh Uí Bhrolcháin, feictear dom nach bhfuil a chuid scéalaíochta inchurtha le réimse fairsing téamaí agus stíle an Bhreathnaigh. Agus an méid sin ráite, ní foláir Mícheál Ó Brolcháin a áireamh ar dhuine de na gearrscéalaithe Gaeilge atá ag iarraidh plé réadúil a dhéanamh ar shaol na cathrach, gné atá le moladh, dar liom.

## CONCLÚIDÍ AN TRÁCHTAIS

Bhí sé mar phríomhaidhm agam i rith an tráchtas seo a léiriú gur scríbhneoir é Pádraic Breathnach a bhfuil tathag agus teacht aniar ann, a bhfuil tuiscint aige ar an nádúr daonna agus a bhfuil buanna ar leith stíle agus ealaíne aige. Léireófar fírinne an raitis sin sa chonclúid seo agus cruthófar gur gearrscéalaí é a bhfuil tábhacht, éifeacht agus fiúntas ag baint leis.

Ní féidir a shéanadh ná gurb é Pádraic Breathnach an gearrscéalaí is bisiúla sa Ghaeilge sa cheathrú dheiridh den fhichiú haois. Tá sé chnuasach foilsithe aige agus foilseófar an seachtú ceann roimh dheireadh na bliana seo. Tá Breathnach ar an mbeagán scríbhneoirí sa tír seo nach mbíonn ag ionsaí institiúidí na tíre. Ní cháineann sé an Eaglais Chaitliceach, na páirtithe polaitíochta, Cumann Lúth-Chleas Gael nó luacha traidisiúnta na tuaithe. Ag an am céanna bhí sé mar cheannródaí agus é ag scríobh sa Ghaeilge ar théamaí conspóideacha, idir ghinmhilleadh, bhanéigean agus lánúna pósta ag scarúint óna chéile. Cáineadh é go trom ag cuid den lucht critice sna seachtóidí ach glactar leis sa lá atá inniú go bpléifí na téamaí conspóideacha thuas luaite sa Ghaeilge cosúil le teanga ar bith eile. Pléann sé na téamaí seo go híogair ábalta tuisceanach agus ní bhrúann sé a thuairimí ar an léitheoir áit ar bith.

Mar atá léirithe agam tríd an tráchtas seo, is iomaí bua scríbhneoireachta atá ag Pádraic Breathnach. Thar aon rud eile úsáideann sé Gaeilge shaibhir bheo na Gaeltachta. Deir Aisling Ní Chonnchadha faoi Ghaeilge an Bhreathnaigh:

*Ba dheacair gan ceann a thógáil d'úire agus do bheocht na Gaeilge aige - í i dtiúin go hiomlán le saol an lae inniu, í saor ó gheimhle caighdeán agus coinbhinsiúin, í ag prínceam agus ag pramsáil léi, í spreacúil, créúil, í geiteach, fileata de réir mar is gá.*

(19)

Tá bua foclóra aige agus bheadh sé deacair a fhoclóir faoi chúrsaí dúlra a shárú. Léiríonn sé bua iontach tabhairt faoi deara arís agus arís eile. Níl dabht ná go bhfuil bua an chur síos aige. Is spéis leis logainmneacha agus is minic a thugann sé liosta logainmneacha a mbíonn ceol agus filíocht ag baint leo. Tá claonadh ann ainmneacha baiste daoine a chumadh, mar 'Earrama' 'Danóib' agus 'Proteus', rud a chruthaíonn go bhfuil bua na samhlaíochta aige.

Léiríonn Breathnach máistreacht ar ealaín an ghearrscéil. Mar a chonaiceamar i gCaibidil I ní maith leis 'rialacha an ghearrscéil', ach creideann sé go láidir i saoirse an scríbhneora. Don chuid is mó is gearrscéalaí traidisiúnta é. Tá cumas ann plota suimiúil taitheamhach a chruthú. I mbeagnach gach scéal a chum sé coimeádann sé aire an léitheora. Sna scéalta is fearr dá chuid baintear geit as an léitheoir ag buaicphointe an scéil. Ar éigean is gá a rá gur scríobh Pádraic Breathnach roinnt scéalta nár éirigh leo a bheag nó a mhór. Chuir scríbhneoir an tráchtais seo roimhe díriú ar scéalta ar shamhlaigh sé fiúntas, tábhacht agus spésiúlacht leo. In áiteanna bíonn Breathnach tionscnamhach, mar a bhí sé i 'Mná Tí Bruachbhailte', (L), scéal cumasach faoi luacha na cathrach nach bhfuil briathar amháin nó abairt iomlán amháin ann. Níl ann ach liostáil ach tá sé fíor-éifeachtach. Níl dabht ná go bhfuil máistreacht ar cheird an ghearrscéil aige agus ní haon ionadh gur bhuaigh sé an duais idirnáisiúnta don genre ag Seachtain na Scríbhneoirí i Lios Tuathail i 1992 dá chéad chnuasach eile, Íoslá.

Is maith an teist í ar Bhreathnach go n-úsáideann sé ciútaí liteartha go hábailta éifeachtach. Léiríonn sé a bhua carachtrachta tríd na scéalta ar fad. Creidim go bhfuil a charachtracht ar fheabhas agus inchreidte. Léiríonn sé a bhua íoróine go paiteanta. Úsáideann sé imeartas focal go héifeachtach arís agus arís eile. Deir sé féin go scríobhann sé go han-mhall agus is léir go mbíonn sé an-chúramach ag cumadh gearrscéil. Chonaiceamar i gCaibidil I gur ghlac Breathnach le

tuairimí Mháirtín Uí Chadhain faoi thábhacht na haigheolaíochta sa Nua-Litríocht. Níl dabht ná go n-úsáideann sé an aigheolaíocht go healaíonta íogair chun intinn an phríomh-charachtair a léiriú in an-chuid dá scéalta.

Ní féidir a shéanadh ná gurb é Pádraic Breathnach is fearr a scríobhann faoin dúlra i litríocht Ghaeilge an lae inniu. Is comharba fiúntach é ar Shean-Phádraig Ó Conaire, Tomás Bairéad agus Liam Ó Flaithearta. Deir Breathnach san agallamh go raibh gaol aige le Tomás Bairéad. Mar a léiríodh tríd an tráchtas tuigeann sé gach gné den dúlra agus tá eolas cuimsitheach aige ar an Luibheolaíocht. Os rud é go bhfuil an t-eolas sin aige maraon le bua an chur síos, éiríonn leis scéalta agus gíotaí taitheamhacha so-léite a scríobh faoin dúlra. An teist is fearr ar na gíotaí faoin dúlra atá le fáil i bhformhór a scéalta ná nach dtuirsíonn siad an léitheoir. Creidimse, agus creideann Breathnach freisin (20), gur filíocht phróis atá in an-chuid de na gíotaí. Scríobh sé ocht scéal déag ar an nádúr, níos mó ná mar a scríobh sé ar aon téama eile. Creidim gur comharba é Pádraic Breathnach ar Liam Ó Flaithearta ó thaobh na cainte fileata de. Mar shampla den fhilíocht phróis sin ní gá dul thar 'An Phicnic' (L) nó 'Damhna' (L>F) nó 'An Tráthnóna Seo' (B.A.) nó 'Úr Nollaig Ógh' (I) nó 'Sa Mhám' (I).

An locht is mó atá ar Phádraic Breathnach mar ghearrscéalaí ná nár tháinig dóthain forbartha air ó chnuasach go cnuasach. B'é feabhas na scéalta in An Lánúin, a thríú leabhar, a tharraing mé chun leabhair eile de chuid an Bhreathnaigh a léamh ar dtús. Creidim fós gurb é an cnuasach sin an ceann is fearr a scríobh sé. Tá an-mheas agam freisin ar Lilí agus Fraoch, leabhar ina léirítear buanna scríbhneoireachta an Bhreathnaigh go paiteanta. Bhraitheas easpa doimhneachta in an-chuid de na scéalta i Ar Na Tamhnacha, an cnuasach deiridh a d'fhoilsigh sé. Níor thaithin 'Avec Marcel' liom,

mar shampla, scéal fantaisíochta nach bhfuil mórán fiúntais ann. Is scéal é 'Eagaí' nach bhfuil doimhneacht, gontacht nó aontacht ann. Easpa doimhneachta atá le sonrú i 'An Cailín Álainn'.

San agallamh atá curtha isteach agam mar aguisín ag deireadh an tráchtais seo deir Breathnach féin:

*Má leanann tú modh na scaile tá an-seans  
nach mbeidh mórán athruithe ar do chuid.  
Beidh an leagan amach céanna orthu cuid  
mhaith. Ní hionann agus é sin a rá nach bhfuil  
forbairt ag teacht orthu ó thaobh stíle agus  
ó thaobh friotail de. Tá súil agam go bhfuil  
forbairt ag teacht ar mo chuid, ach caithfidh  
mé é sin a fhágáil faoi na léirmheastóirí.*

(22)

Tá mé ag súil go mór leis an modh nua a bheidh le feiceáil i gcuid dá scéalta in Íoslá, mar atá léirithe aige san agallamh céanna.

## ATCHOIMRE AR NA CAIBIDILÍ

I gCaibidil I pléadh tuairimí Phádraic Bhreathnaigh ar an ngearrscéal. Chonaiceamar nach maith leis tuairimí Frank O Connor faoi 'rialacha' an ghearrscéil. Pléadh an scal agus modh oibre an Bhreathnaigh, chomh maith le sairse an scríbhneora. Léiríodh go gcreideann sé go bhfuil gaol an-ghairid idir an file agus an gearrscéalaí, idir an fhilíocht agus an gearrscéal. I gCaibidil II pléadh téama an aonaránachais. Léiríodh gur daoine faiteacha cloíte iad na carachtair sa chaibidil seo, daoine uaigneach a mhaireann ar imeall an tsaoil. Sa chaibidil seo léiríodh chomh héifeachtach ábalta is atá bua aigneolaíochta an Bhreathnaigh.

I gCaibidil III deineadh scagadh ar na scéalta a bhain leis an gcaidreamh mí-shásúil idir fir agus mná. Léirítear gránnacht agus crúail an tsaoil anseo, chomh maith le sár-thuiscint ar an nádúr daonna. Don chuid is mó sa chaibidil seo pléadh an taobh dorcha den nádúr daonna maraon le duáilcís an duine.

Ní bheadh ionadh ar aon duine a léigh Maigh Cuilinn: A Táisc agus a Tuairisc go dtaispeánfadh Breathnach eolas agus tuiscint chuimsitheach ar an dúlra agus ar shaol na tuaithe ina chuid gearrscéalta. Léiríodh i gCaibidil IV gur scríbhneoir 'par excellence' é ar an téama seo. Níl dabht ná go bhfuil buairt an Bhreathnaigh faoi imeacht na seanluacha ón tuath agus faoi bhánú na tuaithe ag rith mar shnáithe trína chnuasaigh uile. Sa chaibidil seo, freisin, bhí sé le sonrú gur duine aonaránach é Breathnach féin agus gur duine é a bhaineann taitneamh as dul amach ag siúl leis féin san aistreán.

Is fear acadúil é Pádraic Breathnach agus níl dabht ná go dtuigeann sé daltaí, cigirí agus údaráis scoileanna. Pléadh téama na scoile agus an tsaoil acadúil i gCaibidil V. Léiríodh go dtuigeann Breathnach aigne an pháiste agus gur scríbhneoir é a bhfuil féith an ghrinn ann cé nach í sin an tréith is láidre a shamhlófaí leis, mar ghearrscéalaí.

## BREITH

Creidim gurb é Pádraic Breathnach an gearrscéalaí is fearr atá ag scríobh sa Ghaeilge sa lá atá inniu ann. Tá réimse níos leithne téamaí pléite aige ná aon duine de na gearrscéalaithe eile. Léiríonn sé máistreacht ar ealaín an ghearrscéil, is cuma é ag plé téama conspóideach nua-aimseartha nó aigne an pháiste scoile nó bánú na tuaithe. Is beag scéal atá scríofa aige nach gcoimeádann aire an léitheora go dtí an deireadh. Tá na scéalta ar fad só-léite. Níl dabht ná go bhfuil gach scéal a scríobh sé oiriúnach don ghnáth-léitheoir, gné ionmholta, dar liom, i litríocht comhaimseartha na Gaeilge. Tuigeann sé an nádúr daonna go seoigh agus déanann sé scagadh tuisceanach íogair ar bheagnach gach carachtar, idir an duine uaigneach imeallach agus an bhean gan ghrá agus an múinteoir óg a bhfuil ag teip air sa seomra scoile. Is léin<sup>l</sup> ón duais a bhuaigh sé i Lios Tuathail i mbliana (1992) go bhfuil aitheantas níos forleithne á fháil aige i gcónaí.

Tar éis d'údar an tráchtais seo scéalta agus ailt chritice an Bhreathnaigh a léamh go mion agus agallamh a chur ar an údar féin faoina shaol agus a 'chreideamh liteartha', ní haon ábhar iontais dó cáil agus aitheantas a bheith bainte amach aige, mar atá. Fágfar an focal scoir ag Pádraic Breathnach féin le sliocht as alt a scríobh sé faoin scríbhneoir agus faoi ealaín na gearrscéalaíochta:

*Don ealaíontóir sí a ealaín atá tábhachtach.  
Is di agus dhá dul chun cinn ata chuile shórt  
eile dírithe. Dise agus dise amháin i ndáiríre  
a leagann sé amach a shaol. Tá aon mhórchríoch  
amháin aige, a ealaín a fheabhsú, a leathnú, a  
fhorbairt. Gabhann sé amach ag siúl faoi aer glan  
na tíre, buaileann sé scuais, gabhann sé ar  
laethanta saoire, gabhann sé ag damhsa, go dtí  
an roller-discó, ar phicnic i ngort eornan, ag  
iascaireacht - ar son a ealaíne. Aon chuspóir mór  
olltábhachtach amháin atá ina shaol, craobhú is  
bláthú a ealaíne. Ní bheadh sé beo gan í. Níorbh  
fhiú dó a bheith beo.*

(22)

## CAIBIDIL VI

### NÓTAÍ TAGARTHA

1. Comhar, Seán Ó Tuama, Nollaig 1987, lch. 18
2. Ibid, lch. 17
3. Ibid, lch. 17
4. Ibid, lch. 19
5. Hibernia, Alan Titley, 07.02.80, lch. 15
6. Ibid, lch. 15
7. Eiriceachtaí agus Scéalta Eile. Saothar Iar-Nua-Aoiseach, Miontráchtas M.A. 1990, Siobhán Ní Chléirigh, Coláiste Phádraig, Maigh Nuad
8. Comhar, Márta 1987, Aisling Ní Dhonnchadha, lch. 27
9. Comhar, Bealtaine 1983, Caoimhín Mac Giolla Léith, lch. 30
10. Irisleabhar Mhá Nuad 1992, Aisling Ní Dhonnchadha, lch 198
11. Ibid, lch. 191
12. Ibid, lch. 194
13. Ibid, lch. 197
14. Comhar, Bealtaine 1983, Caoimhín Mac Giolla Léith, lch. 36
15. Irisleabhar Mhá Nuad, 1992, lch. 199
16. The Lonely Voice, Frank O Connor, lch. 38
17. Comhar, Meán Fómhair 1987, Pádraig Ó Siadhail, lch. 38
18. Ibid, lch. 38
19. Comhar, Lúnasa 1984, Aisling Ní Dhonnchadha, lch. 37
20. Agallamh le Pádraig Ó Síoda, 06.05.92.
21. Ibid,
22. Irisleabhar Mhá Nuad, 1981, Pádraic Breathnach, lch. 50



## AGUISÍN

### Acallamh le Pádraic Breathnach ar 06.05.92

**1. *A Phádraic, cathain a thosnaigh tú ag scríobh?***

Tá mé ag scríobh le fada, chomh fada siar is atá mé in ann cuimhneamh. Fiú amháin agus mé ar an mbunscoil bhí an-spéis agam in aistí ach go háirid agus nuair a bhíodh cluichí ar siúl idir Scoil Mhuire, Mhaigh Cuilinn, agus scoileannaí eile an pharóiste ba mise a scríobh na tuairiscí mar mheas siad go raibh féith áirid na scríbhneoireachta ionam. Bhínn ag scríobh bhéarsaí an t-am sin chomh maith, cuid acu i mBéarla agus cuid acu i nGaeilge. Níorbh fhiú tada iad agus níor foilsíodh iad ariamh. Ní raibh iontu ach bhéarsaíocht ach bhain mé an-taitneamh astu.

**2. *Cá bhfuair tú féith na scríbhneoireachta?***

Tá sé i mo chlann dáiríre. Bhí uncail agam, deartháir le mo mháthair, Tadhg Ó Gabháin, a bhí ag scríobh ar feadh a shaoil. Chaith sé an chuid is mó dá shaol ag múineadh i Sasana. Bhíodh sé ag scríobh le haghaidh irisí sa Bhreatain, i Meiriceá agus in Éirinn. Ba bheag a scríobh sé i nGaeilge. Níor fhoilsigh sé aon leabhar ariamh ach scríobh sé an t-uafás altanna agus dánta agus chuile chineál ruda mar sin. Chomh maith leis sin tá gaol agam le Tomás Bairéad. Ba choleisir le mo mháthair é. Is dóigh liom mar sin go raibh an scríbhneoireacht sa chlann ó thaobh mo mháthar.

**3. *An léann tú mórán, a Phádraig?***

Bím i gcónaí ag iarraidh bheith ag léamh. Ní léim dóthain. Bíonn leabhar nó cúpla leabhar ar na bacáin agam i gcónaí, mar a déarfá. Faoi láthair táim ag léamh Seeing Things, leabhar filíochta le Séamus Heaney, An tÚrscéal Gaeilge, le Alan Titley agus Thinking and Fishing, le A.A. Lucey. Tá mé mall ag léamh. Bíonn orm mórán de na leabhra a thagann

amach sa Ghaeilge a léamh. Go leor acu caithfidh mé a rá nach mbíonn an caighdeán ró-ard iontu. Bím ag iarraidh leabhra maithe Béarla a léamh chomh maith.

Ach ba mhaith liom i bhfad níos mó a léamh. Chomh maith leis sin nuair a bhíonn tú ag scríobh tógann an scríbhneoireacht an t-uafás ama. Rud an-mhall an scríbhneoireacht. Anuas ar sin tá mé ag múineadh agus tá clann orm. Mar sin ní bhíonn an oiread sin ama agam le haghaidh na léitheoireachta ach bím ag léamh an oiread agus is féidir liom.

**4. *An ndeachaigh Tomás Bairéad i bhfeidhm go mór ort?***

Chuaigh sé i bhfeidhm orm mar dhuine agus chuaigh a chuid scríbhneoireachta i bhfeidhm orm. Ní hionann sin is a rá go bhfuil tionchar ag a chuid scríbhneoireachta ar mo chuid. Ní airím go bhfuil ach bheadh an léirmheastóir in ann a rá níos fusa an bhfuil tionchar aige ar mo chuid. Déarfadh daoine go raibh baint ag an mbeirt againn le cúrsaí dúlra agus go raibh na spéiseanna sna rudaí céanna againn. Mar dhuine ní oiread sin aithne a bhí agamsa air mar tá sé marbh le tamall fada agus duine an-socair a bhí ann. Bhí cónaí air i Maigh Cuilinn agus 'nós gach rud eile nuair a bhíonn tú ag fás suas ní bhíonn an oiread sin spéise agat i seandaoine, mar a déarfá. Níor labhair sé ach Gaeilge mar níor labhair sé an Béarla ar chor ar bith. Nuair a bhí mé féin ag déanamh an B.A. agus an M.A. sa Choláiste bhí leabhra dá chuid ar an gcúrsa agamsa. Chuaigh mé go dtí é ó am go chéile ag fiosrú faoi fhocla. Bhí sé an-deas ach bhí sé géar go maith freisin. Chuirfeadh sé masmas air dá gcloisfeadh sé thú le droch-Ghaeilge. Ach bhí sé múinte agus bhíodh sé ag iarraidh cúnaimh a thabhairt duit dá sílfeadh sé go raibh tú i ndáiríre.

Ó thaobh na scríbhneoireachta de taitníonn a chuid scéalta

liomsa. Tá an Ghaeilge go han-deas iontu, Gaeilge shaibhir ghlan chruinn atá aige agus is maith liomsa an t-ábhar freisin. B'fhéidir go mbeifeá ag ceapadh nach raibh sé an-domhain ach tá sé an-spéisiúil. Tá níos mó ann ná ábhar léitheoireachta. Ealaíontóir a bhí ann agus bhí an-tuiscint aige ar céard ba scríbhneoireacht ann.

**5. *An ndeachaigh aon scríbhneoir Gaeilge eile i bhfeidhm ort?***

Is dóibh liom go ndeachaigh an-chuid scríbhneoirí Gaeilge i bhfeidhm orm ach, aríst, ní airím go bhfuil mé faoi thionchar scríbhneoir ar bith agus mé ag scríobh. Ní bhíonn mé ag iarraidh go mbeadh tionchar ró-mhór ag scríbhneoir ar bith eile orm. Tá de bhua agus de mhí-bhuntaíste agam ag an am céanna go léim leabhra agus go ndéanaim dearmad orthu an-scioptha. Bíonn macallaí de chuid de na scéalta a bhíonn léite agam i mo chloigeann.

Tá an-mheas agam ar Liam Ó Flaithearta, ar a scéalta Béarla agus Gaeilge. Tá mé an-tógtha le Máirtín Ó Cadhain agus le Sean-Phádraig Ó Conaire. Is maith liom scéalta le Donnchadh Ó Céilleabhair. Ní dóigh liom go bhfágann aon duine acu an iomarca mairc orm. Ar ndóigh, bíonn gearrscéalaithe fileata agus chuaigh filí i bhfeidhm orm freisin. Ba mhaith liom a mheas go bhfuil mo chuid scéalta fileata.

**6. *Cé hiad na scríbhneoirí Béarla is fearr leat?***

Luafaidh mé gearrscéalta agus úrscéalta Liam Uí Fhlaithearta. Is maith liom an scríbhneoir Albanach, Ian Creighton-Smith, leabhra ar nós The Village agus In the Middle of the Wood. Tá mé an-tógtha leis. Tá sé an-chosúil le Liam Ó Flaithearta. Is maith liom Herman Hess, an Gearmánach, ach is sa Bhéarla atá roinnt mhaith dá leabhra léite agam, cuir i gcás The Prodigy. Bhí mé an-tógtha i gcónaí le Siomone de Beauvoir,

an scríbhneoir Francach, agus daoine ar nós Françoise Sagan. Ar ndóigh tá mé an-tógtha leis na Rúisigh. Is breá liom daoine mar John Mc Gahern anseo in Éirinn. Léigh mé neart le Frank O Connor, James Plunkett agus Brian Friel. Bhain mé taitheamh as scéalta Jennifer Johnson.

**7. *An mbíonn do chuid gearrscéalta ar fad bunaithe ar scalanna agus ar bhua an tabhairt faoi deara atá agat?***

Luaigh mé an focal sin 'scal' i gceann de na haltanna a scríobh mé. Is cinnte gur ar an scal is mó a bhím ag obair. Bíonn scalanna ag teacht agamsa an-mhinic. Ins an scal feiceann tú mórán imlínte an scéil uilig. Ní bheadh ann ach píosa beag bídeach agus chaithfeá é a líonadh isteach ansin. Sin údar eile go n-abraím go bhfuil mé fileata mar is dóibh liom go dtagann scalanna chuig filí mar an gcéanna.

Tá athrú tagtha orm le gairid. Cuid de na scéalta a bhéas sa leabhar Íoslá a bhéas ag tíocht amach i Mí Dheireadh Fómhair seo chugainn, tá cuid de na scéalta sin nach bunaithe ar an scal atá. Aithneoidh daoine go bhfuil leagan amach nua ar na scéalta seo. Ar ndóigh, caithfidh an scal a theacht i gcónaí chun an scéal a thosnú. Níl fhios agam cé chomh maith is atá mo thabhairt faoi deara. Is ar léirmheastóirí atá é sin a mheas. Is dócha go mbíogann rudaí liom, rudaí mar bhláthanna, ainmhithe agus éineacha nuair a ghabhann mé amach faoin tuath. Mar a dúirt Tim Robinson in áit éicint le gairid:

*There are some days so rich that they nourish you for a lifetime.*

Bheinnse sásta an lá ar fad a chaitheamh ag féachaint ar mhionrudaí agus ag smaoineamh orthu. Is daoine cineál aonaránach bunáite na scríbhneoirí agus caitheann siad an-chuid ama leo féin. Caithim an t-uafás ama liom féin ag

smaoineamh. Ag an am céanna tá gá le daoine agus is maith liom daoine. Bíonn sé deacair agam déileáil le daoine amanta, bíonn sé deacair agam réiteach le daoine. Dá mba rud é nach raibh saoirse agam agus deis éalaithe ghabhfainn as mo mheabhair.

**8. *An bhféadfá insint dom, a Phádraic, faoin mhodh nua atá agat don ghearrscéal?***

Níl fhios agam an modh nua é in aon chor. Duine a léigh cuid de na scéalta as Íosla mheas sí go raibh stíl nó modh nua iontu. Thuig mé ar chaoi go raibh modh nua agam. Fágfaidh mé faoi léirmheastóirí a mheas an bhfuil nó nach bhfuil. Tá bristeachaí ins na scéalta, tá siad briste go fisiciúil agam, fiú amháin. Tosaím ar rud eile agus tagaim ar ais go dtí an chéad rud níos déanaí. Modh an úrscéil ar bhealach atá ann. Tá an modh sin ag Niall Jordan ina chnuasach, Night in Tunisia, ach ní raibh mé ag smaoineamh ar sin nuair a dhein mé an t-athrú. Níor chuir mé romham athrú. An scéal 'Íosla' an chéad scéal atá scríofa sa mhodh nua. Theastaigh uaim scéal a chumadh do m'iníon, Íosla, ní scéal fúithí ach scéal di. Níor tháinig aon scal áirid isteach i mo chloigeann ar dtús. Ní rabhas sásta leis an scéal tar éis é a scríobh dhá uair. D'fhágas é ar leathaobh ar feadh tamaill. Ansin bhris mé suas an scéal ar bhealaí difriúla agus bhí mé sásta leis an toradh. Dhein mé an rud céanna le 'Fear Macánta' agus 'A Uaillmhian', dhá scéal eile sa chnuasach céanna. Tá mé ag ceapadh go ndéanfaidh mé é le scéalta eile. Is féidir géaga níos leithne a thabhairt do scéal leis an modh nua, tré na "flash backs" a úsáid.

**9. *An gceapann tú go bhfuil forbairt tagtha ar do ghearrscéalta ó tháinig do chéad chnuasach amach?***

Tá sé níos éasca don léirmheastóir ná don scríbhneoir féin é

sin a mheas. Is annamh a léimse ar ais ar mo chuid scéalta. Bím ag ceapadh go bhfuil forbairt tagtha ar mo chuid. Má leanann tú modh na scaile tá an-seans nach mbeidh mórán athruithe ar do chuid. Beidh an leagan amach céanna cuid mhaith orthu. Ní hionann sí is a rá nach bhfuil forbairt ag teacht orthu ó thaobh stíle agus ó thaobh friotail de. Tá súil agam go bhfuil, ach caithfidh mé é a fhágáil faoi na léirmheastóirí. Feicfidh léitheoirí go bhfuil struchtúr difriúil in Íosla nuair a fhoilseofar é roimh dheireadh na bliana seo.

**10. *Ar smaoinigh tú riamh ar dul ag scríobh tré mheán an Bhéarla?***

Bhuel, is dóigh liom go ndeachaigh sé tré mo chloigeann ó am go chéile. Ach tá's agam nár chaith mé go láidir leis an smaoineamh riamh. Scríobh mé roinnt bhéarsaíochta i bhfad siar sa bhunscoil nó sa mheánscoil. B'iarracht é sin ach níor chuir mé fúm scríobh i mBéarla. Níor lean mé ar aghaidh leis an nGaeilge toisc gur chlis orm sa Bhéarla. Bhí mé an-tógtha leis an nGaeilge, leis an seanghuth uaigneach i gcéin, guth na muintire. Ach ní bhreathnaím orm féin mar fhear cúise. Nílím ar son na Gaeilge toisc gurb í ár dteanga dúchais í ach toisc gur labhair sí liom. B'shin é an rud a d'fheil dom. Scríobhaim corr rud fánach don iris Moycullen Matters a thagann amach i mBéarla, ach ní rudaí cruthaitheacha iad sin. Dá mbéinnse le haistriú go dtí an Béarla thógfadh sé blianta orm máistreacht a fháil ar an mBéarla.

**11. *Cé chomh mór agus a théann léirmheastóirí i bhfeidhm ort?***

Is dóigh liom nach mbeinn daonna mara gcuirfidís isteach orm. Is cinnte go mbímse an-tsásta nuair a mholann siad mé agus is cinnte go mbím gortaithe méid áirithe nuair a cháineann siad mé. Braitheann sé cuid mhór ar cé hé an léirmheastóir. Tá go

leor léirmheastóirí nach bhfuil iontu ach gnáth-léitheoirí. Bíonn tú ag iarraidh go dtaitheodh do chuid le léirmheastóirí maithe, le daoine a dhéanann léirmheastóireacht go leanúnach. Má fhaigheann tú droch léirmheas ó dhuine amháin tá seans go bhfaighidh tú léirmheas breá in áit éigin eile. Bíonn an scríbhneoir dóchasach go mbeidh an chéad cheann eile ar an gceann is fearr. Ní féidir leat ligint don léirmheastóir tú a chriogadh. Ní fhéadfainn féin stopadh ag scríobh ar aon nós.

**12. Cén fáth gur éirigh tú as scríobh na filíochta?**

Nuair a thosaigh mé ag scríobh, bhí mé ag scríobh filíochta. Thaitin sé go mór liom. Thosaigh sé le bhéarsaí éadroma agus chuaigh mé ar aghaidh go dtí dánta níos doimhne, dánta an-domhain, mór-cheisteanna á bplé agam. An-luath bhuaigh mé duais Oireachtais. Léigh daoine iad agus dúirt siad go raibh siad go maith. Foilsíodh roinnt acu. D'éirigh na dánta ró-dhomhain. Bhí mé féin ró-domhain dom féin. Bhí mé den tuairim go raibh sé ró-dheacair do dhaoine mo chuid a thuiscint. Údar eile ná go raibh mé ag scríobh gearrscéalta ag an am céanna. Mheasas féin go raibh caighdeán mo phróis níos fearr ná caighdeán m'fhilíochta. Mheas mé go mbeadh sé níos éasca cumarsáid a dhéanamh agus is dóigh cinnte gur thug sé sásamh níos mó dom bheith ag baint úsáide as an meán eile, as na habhairtí fada. Níor chas mé ar ais ariamh ar an bhfilíocht. Roghnaíodh cúpla ceann de na dánta le haghaidh díolanna filíochta, rud a chiallaíonn go bhfuil fiúntas de shaghas éicint iontu. Is beag duine a bhreathnódh orm anois mar fhile.

**13. Cén fáth gur roghnaigh tú an gearrscéal in ionad an úrscéil?**

Tá buntáistí go leor i ngearrscéal. Ar an gcéad dul síos tá sé i bhfad níos cóngairí don fhilíocht. Creidim go bhfuil mo

ghearrscéal an-ghar don fhilíocht. Tá deirfir (urgency, immediacy) ag baint le scal, ag baint le gearrscéal. Airíonn tú go bhfuil sé 'an-urgent' ar fad. Ta ábhar úrscéil agus ábhar úrscéalta i mo chloigeann le fada, agus chuir mé ceann acu díom cúpla bliain ó shin in Gróga Cloch. Ní raibh an 'urgency' céanna leis, sa mhéid is go raibh cnámha níos mó aige. Bíonn cnámha níos mó ag an úrscéal. Ní ghabhfaidh imlíne úrscéil i ndisc ort mar a ghabhfaidh imlíne gearrscéil. Tá gearrscéal i bhfad níos leochaillí. Caithfidh mé breith air láithreach agus cúpla nóta a scríobh faoi. Is cosúil le lasair é. Bíonn sé an-bheo, an-soiléir, an-phráinneach. Tá súil agam go n-éiríonn liom an 'immediacy' san a thabhairt trasna sa ghearrscéal. Tá sé níos éasca ábhar úrscéil a choinneáil. Bím ag smaoineamh ar úrscéal eile a scríobh ach ansin tagann scal éigin chugam agus tosaím arís ar an ngearrscéal. Mar sin an t-údar is mó a scríobhaim gearrscéal ná go mbíonn an scal an-bheo, an-phráinneach.

**14. Cé chomh fada agus a thóg sé duit Íoslá a scríobh?**

Tríd is tríd tógann sé ormsa dhá bhliain chun leabhar gearrscéalta a scríobh. Tá an t-uafás gearrscéalta scríofa agam nár foilsíodh ariamh agus nach bhfoilseofar mar níorbh fhiú iad a fhoilsiú. Ar ndóigh, bíonn rudaí eile á scríobh agam ag an am céanna. B'fhéidir go mbeadh sé níos fearr dom gan an oiread a scríobh ach ní féidir liom stopadh. Is galar é. Ní bhímse sásta muna mbíonn mé ag scríobh. Uaireanta deinim leatrom orm féin, ar bhealach, in ionad dul ag imirt gailf nó chuig na rásaí go roghnaím fanacht istigh ag obair ar scéal uafásach tábhachtach.



**15. *An bhfuair tú sásamh as Maigh Cuilinn: A Táisc agus aTuairisc a scríobh?***

Fuair mé an-sásamh ar fad as. Mhol R.A. Breathnach dom é a scríobh. Mheasas ar dtús nach raibh dóthain ama agam agus mé ag scríobh go cruthaitheach ag an am céanna. Dúirt R.A. Breathnach liom:

*tá an leabhar seo ionad féin, níl le déanamh agatsa ach é a bhaint amach asat féin.*

Bhí fhios agam go raibh an t-uafás ionam féin. Bhíos i gcónaí ag bailiú focal Gaeilge agus ag cur feabhais ar mo chuid Gaeilge féin. Bhí an t-uafás bailithe agam ó na seandaoine. Chaith mé ocht mbliain ar a laghad ag obair ar an leabhar. D'fhás mo shuim san ábhar de réir mar a bhí mé ag scríobh. Bhí sé costasach le cur amach agus theastaigh ó dhaoine áirithe dhá leabhar a dhéanamh as. Tá mé iontach sásta anois gur scríobhas an leabhar sin.

**16. *Conas a chuaigh an leabhar i bhfeidhm ar mhuintir Mhaigh Cuilinn?***

Chuaigh sé i bhfeidhm go maith agus go láidir orthu. Seoladh an leabhar i dteach tábhairne i Maigh Cuilinn agus bhí sé ar an seoladh ba shásúla a bhí riamh agam. Sheol Máire Geoghegan-Quinn é agus bhí an teach tábhairne plódaithe. Thaitin an leabhar le muintir an pharóiste agus cuireadh roinnt mhaith cóipeanna thar lear. Ar ndóigh, cheannófaí níos forleithne é dá scríobhfainn é sa mBéarla, rud nár theastaigh uaim a dhéanamh.

**17. *An gcreideann tú go láidir i saoirse an scríbhneora ó thaobh ábhair agus stíle?***

Caithfidh tú a bheith saor. Muna bhfuil tú saor le do rogha rud a dhéanamh ar do bhealach féin ní bheidh tú ag cruthú mar is mian leat. Mara mbíonn an tsaoirse sin agat caithfidh tú bheith

ag obair de réir leagan amach duine éicint eile. Má tá do chuid le bheith tarraingteach agus má tá maitheas nó fiúntas a bheith ann caithfidh do ghuth féin a bheith ann, do ghuth féin curtha ar do bhealach saineúil fein. Dá bhrí sin níl aon údar nach bhféadfadh an gearrscéalaí modh an ghearrscéil a tharraingt agus a dhéanamh difriúil mar a dhein Máirtín Ó Cadhain. Chum sé meán nua sa ghearrscéal, an gearrscéal fada. Ba é an gearrscéal fada ba mhó a d'fheil dá mheon fein. Ghabhfainnse as mo mheabhair muna mbeadh an tsaoirse agam, muna mbeinn in ann éalú agus dul ón slua agus mo chló féin a chur orm féin.

**18. *Cad iad na scéalta is mó a thaithníonn leat as na scéalta ar fad a chum tú?***

An ceann deiridh a chum mé an ceann is deise liom, sé sin 'An Uaillmhian', (Íoslá). Is maith liom an ceann roimhe sin 'Fear Macánta' (Íoslá). Tá siad beo ar m'intinn ach sílim go bhfuil siad go maith. Is maith liom 'Lá Dána' (D.L.D.). Roghnaigh Aisling Ní Dhonnchadha é le haghaidh an chnuasaigh sin, Dúshlán. Is breá liom 'Buicéid Poitín' freisin. Is maith liom na cinn a bhfuil baint acu leis an ngasúr. Is dóigh liom go bhfuil tuiscint agam ar aigne an linbh. Tá an-chuid scéalta den chineál sin scríofa agam agus caithfidh go bhfeileann siad dom. Is maith liom an cnuasach Ar Na Tamhnacha. Tá mé ag scríobh rudaí gach seachtain le haghaidh Anois. Is rudaí éadroma iad nach mbeadh aon mheas agam orthu uair amháin ach taithníonn na giotaí sin go mór liom anois.

**19. *An bhfuil mórán le scríobh agat fós, a Phádraic?***

Tá. Chun na fírinne a rá, faoi láthair fiú amháin, tá ábhar agam i leabhair nótaí agus dá scríobhfainn an méid sin ar fad chaithfinn maireachtáil go mbeinn céad. Tá i bhfad níos mó leagtha amach agam le scríobh ná mar atá scríofa agam go dtí

seo. Tá scalanna fós ag doirteadh isteach im' aigne. Is 'state of mind' atá sa tobar agus is dóigh liom go bhféadfainn imeacht as an 'state of mind' de bharr cúiseannaí difriúla. Ní fhéadfainn na nótaí atá tógtha agam ar gach ábhar a fhorbairt. Ní bhíonn leath dóthain ama agam. Ag an am céanna ní dóigh liom go scríobhfainn níos mó dá mbeinn saor ó obair Choláiste. Obair an-throm í an scríbhneoireacht, cé go bhfaigheann tú sásamh as. B'fhéidir go scríobhaim an iomarca. Le modh na scaile bíonn mise ag scríobh mar a bhíonn éan ag canadh ar an gcrann. Tá sé nádúrtha dom. Ní hionann sin is a rá go bhfuil sé éasca. Tríd is tríd bhí saol an-sona agam. Faighim sonas ar bhealach an-simplí. Faighim sonas im' aonar ar bhealaí simplí. Dá bhfeicfinn mo chlann féin ag déanamh cuid de na rudaí a dheimh<sup>N</sup>ín<sup>M</sup> féin scanródh sé mé. Mar shampla, da bhfeicfinn iad chomh haonaránach agus a bhíonn mise ag siúl amach faoin tír nó ag dul suas ar bharr crainn bheinn ag rá "tá an duine sin craiceáilte".

Le cabhair Dé beidh mé ag scríobh go deireadh mo shaoil.